# Tuarascáil Bhliantúil

**2024**





Coimisiún Cosanta Sonraí
Data Protection Commission



## Gluais

| | |
|---|---|
| **AI** | Intleachta Saorga |
| **CSA** | Údarás Maoirseachta lena mBaineann |
| **CCS** | An Coimisiún um Chosaint Sonraí |
| **DPA** | Údarás Cosanta Sonraí |
| **DPO** | Oifigeach Cosanta Sonraí |
| **EDPB** | An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí |
| **GDPR** | An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí |
| **IMI** | Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh |
| **LED** | An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí |
| **LSA** | Príomhúdarás Maoirseachta |
| **OSS** | Ionad Ilfhreastail |
| **RGCS** | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| **SMC** | Coiste Ardbhainistíochta |

# Clár Ábhar


Brollach 4

Amlíne 2024 8

Achoimre Fheidhmeach 10

Misean, Fís agus Luachanna ag an gCoimisiún 14

1. Róil agus Freagrachtaí 17

2. Teagmhálacha, Ceisteanna agus Gearáin 20

3. Sáruithe 32

4. Cinntí agus Fiosrúcháin 35

5. Dlíthíocht 64

6. Maoirseacht 75

7. Cearta Cosanta Sonraí Leanaí 96

8. Oifigigh Cosanta Sonraí 103

9. Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta 108

10. Cumarsáid, Rialachas Corparáideach agus Acmhainní Daonna 119

**Aguisín 1:** Tuarascáil ar Nochtaí Cosanta a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2024 124

**Aguisín 2:** Tuarascáil Fuinnimh 2024 131

**Aguisín 3:** Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha 134

Innéacs 136

# Brollach

Cé gur chuir an pobal spéis as cuimse sa rialáil a bhí á déanamh ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) ar oiliúint samhlacha intleachta saorga sa bhliain 2024, bhí an Coimisiún gníomhach i roinnt réimsí eile le linn bliain an-ghnóthach freisin.

- Cuireadh ceithre fhiosrúchán mórscála i gcrích;
- Fiosrúcháin ar úsáid TCI agus sáruithe sonraí ar bhonn intíre;
- Tosaíodh fiosrúcháin nua ar shaincheisteanna a bhaineann le samhlacha intleachta saorga, le bithmhéadracht, agus le slándáil sonraí sláinte íogaire;
- Mar thoradh ar ghníomhartha forfheidhmiúcháin leantacha in aghaidh dhá ardán mhóra teicneolaíochta, bhí torthaí feabhsaithe ann do shonraí pearsanta leanaí;
- Thángthas ar sheasamh comhchuibhithe uile-Eorpach faoi dheireadh na bliana maidir le conas an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh le linn intleacht shaorga a fhorbairt agus a imscaradh; agus
- Seoladh raon gníomhaíochtaí eile freisin le linn an sainordú atá againn a chomhlíonadh.

Ba mar gheall ar iarrachtaí agus tiomantas bhaill foirne an Choimisiúin a bhíothas in ann an obair sin a dhéanamh sa bhliain 2024, mar aon leis na héachtaí atá doiciméadaithe sa tuarascáil seo a ghnóthú. Mhéadaigh fórsa saothair an Choimisiúin ó 210 nduine i mí Eanáir 2024 go 251 duine faoi mhí na Nollag, agus ár n-ualach oibre ag leathnú an tráth céanna. Beidh tuilleadh méaduithe foirne ag teastáil chun freastal ar na héilimh mhéadaithe a bhaineann le RGCS agus leabhar rialacha digiteacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.

**Ár sonraí pearsanta a chosaint**

Nuair a chuaigh Dale Sunderland, an Coimisinéir eile, agus mise i mbun oifige i mí Feabhra 2024, leagamar béim shuntasach ar luachanna an Choimisiúin agus caidreamh á dhéanamh againn leis na heagraíochtaí a rialálaimid, lenár ngeallsealbhóirí agus lenár gcomhrialálaithe. Ar bhonn inmheánach, is é atá i gceist leis na luachanna sin díriú ar an meas atá ag ár gcomhghleacaithe sa Choimisiún ar a chéile agus ar an dóigh a dtacaíonn siad le chéile; ar bhonn seachtrach, aithnímid na luachanna ba cheart don Choimisiún a léiriú mar rialálaí – cothroime, comhsheasmhacht agus trédhearcacht – agus ba cheart na luachanna sin a bheith ina gcuid dhílis den dóigh a gcuirimid ár gcuid oibre i gcrích.

I gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus in RGCS, bunaítear cosaint sonraí pearsanta mar cheart bunúsach agus mar chroíluach de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá feidhm ag an gceart sin i ngach cás, beag beann ar cé atá ag próiseáil ár sonraí pearsanta – duine aonair, gníomhaireacht Rialtais, nó cuideachta phríobháideach. Tá RGCS i bhfeidhm le seacht mbliana anuas, agus is é an caighdeán agus an tagarmharc d’eagraíochtaí go fóill é. Leagtar síos ann na ráillí cosanta le haghaidh úsáid fhreagrach, eiticiúil agus dhleathach sonraí pearsanta, agus bunaítear ann cearta láidre do dhaoine aonair. Nuair a dhéantar é a léiriú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach cothromaithe comhréireach a urramaíonn éirim an chirt chun cosaint sonraí, éascaítear le RGCS próiseáil fhreagrach shábháilte agus saorshreabhadh sonraí pearsanta. Is nithe iad sin a theastaíonn chun fás agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach i dtéarmaí sochaíocha agus eacnamaíocha.

Féachann an Coimisiún le húsáid fhreagrach sonraí pearsanta a chur chun cinn agus le nuálaíocht a chothú sa ról atá aige mar Údarás Cosanta Sonraí na hÉireann agus mar Phríomhúdarás Maoirseachta de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) i gcásanna ina bhfuil príomhbhunaíocht cuideachta lonnaithe in Éirinn. Tríd an bhfeidhm Maoirseachta agus Caidrimh atá againn, déanann an Coimisiún caidreamh tráthrialta le heagraíochtaí tráchtála roimh sheoladh margaidh. Déanann sé caidreamh freisin le comhlachtaí earnála poiblí atá ag forbairt agus ag imscaradh seirbhísí poiblí agus atá ag múnlú reachtaíocht nua. Le RGCS, tugtar d’eagraíochtaí an tsaoirse chun saintréithe a gcur chuige i leith oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh a mhúnlú. Ceanglaítear leis ar eagraíochtaí an tráth céanna a bheith cuntasach do dhaoine aonair agus do rialálaithe araon as na roghanna a dhéanann siad. Is féidir le caidreamh agus idirghabháil réamhghníomhach rioscaí agus dochar cosanta sonraí a mhaolú do dhaoine aonair, mar aon lena chinntiú go n-úsáidtear sonraí pearsanta ar bhealaí atá freagrach, dleathach agus duineláraithe gan cead a cinn a thabhairt d’aon eagraíocht ná a cuid pleananna a cheadú roimh ré.

**Forbairtí intleachta saorga a bhíonn ag athrú go mear**

Cé go bhféadfadh an tsochaí tairbhí ollmhóra a bhaint as teicneolaíochtaí intleachta saorga, tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí forbairtí teicneolaíocha nua isteach ar bhealach a chosnaíonn daoine aonair ar dhochar, go háirithe leanaí agus daoine soghonta. Mar phríomhúdarás maoirseachta Eorpach do roinnt cuideachtaí móra

Chlé go deas: Coimisinéir Cathaoirleach Dr Des Hogan agus Coimisinéir Dale Sunderland



teicneolaíochta, meán sóisialta agus ardáin Idirlín, rinne an Coimisiún dianchaidreamh le raon cuideachtaí atá ag forbairt samhlacha móra teanga sa bhliain 2024. Rinneamar idirghabhálacha i roinnt cásanna inar shainaithin an Coimisiún easnaimh agus teipeanna i bpleananna chun samhlacha intleachta saorga a oiliúint trí úsáid a bhaint as sonraí pearsanta de chuid shaoránaigh an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, arbh easnaimh agus teipeanna iad ar dá ndeasca a d'fhéadfaí úsáideoirí a nochtadh do rioscaí suntasacha agus do dhochar suntasach.

Ar mhaithe le tuilleadh soiléire a thabhairt maidir le ceanglais cosanta sonraí a chur i bhfeidhm le linn samhlacha intleachta saorga a oiliúint agus a imscaradh, agus ar mhaithe le seasamh comhchuibhithe a bhaint amach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus cothrom na Féinne a thabhairt don lucht tionscail, d'iarr an Coimisiún tuairim reachtúil ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) maidir le forbairt samhlacha intleachta saorga den chéad uair riamh. Mar chuid den tionscnamh sin, d'oibrigh rialálaithe an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch go dian le chéile in EDPB thar thréimhse 14 seachtaine chun teacht ar sheasamh aontaithe i mí na Nollag 2024.

**Comhar ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh**
Chun caidreamh a dhoimhniú le húdaráis cosanta sonraí agus phríobháideachta eile san Eoraip agus ar fud an domhain, cheap an Coimisiún Leas-Choimisinéir atá freagrach as gnóthaí EDPB agus gnóthaí idirnáisiúnta ar mhaithe le hobair an Choimisiúin a threorú sa réimse sin. I gcomhthéacs reachtaíocht dhigiteach a bheith á tabhairt isteach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, cheap an Coimisiún Leas-Choimisinéir chun feidhm nua comhair idir-rialála a threorú ar mhaithe le caidreamh a dhoimhniú le rialálaithe a oibríonn i réimsí eile rialála ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh araon. Toisc go bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeacht ag an reachtaíocht dhigiteach nua gan dochar do RGCS, is gá d'údaráis cosanta sonraí obair ar bhealach níos dlúithe agus níos éifeachtaí le rialálaithe digiteacha eile. Tá Grúpa Rialálaithe Digiteacha na hÉireann ina dhea-shampla éifeachtach den choincheap sin a bheith á chur i bhfeidhm sa chleachtas. Cé go gcuireann sé leis an ualach oibre atá ar an gCoimisiún agus lena chasta atá an t-ualach oibre sin, tá sé mar thosaíocht ag an gCoimisiún dul i mbun comhar idir-rialála ar mhaithe le soiléire agus comhsheasmhacht rialála a bhaint amach.

Ag teacht sna sála ar thabhairt isteach an Ghnímh ón Aontas Eorpach um an Intleacht Shaorga le linn na bliana, d'ainmnigh Éire an Coimisiún um Chosaint Sonraí mar chomhlacht um chearta bunúsacha faoin reachtaíocht nua. Tá sé beartaithe go mbeidh ról ag an gCoimisiún mar údarás faireachais margaidh freisin. Tugadh feidhmeanna nua d'údaráis cosanta sonraí faoin Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le Fógraíocht Pholaitiúil freisin. Glacadh an Rialachán i mí an Mhárta 2024, agus tabharfar leis ról tábhachtach don Choimisiún maidir lena chinntiú go dtarlóidh sé, le linn toghchán, nach n-úsáidfear sonraí pearsanta le haghaidh fógraíochta ach amháin i gcomhréir leis an Rialachán. Leanadh ar aghaidh le caibidlí ar an Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le Comhchuibhiú Nós Imeachta i leith RGCS, rud a bhfuil sé mar aidhm leis próisis láimhseála gearán agus imscrúdaithe trasteorann a chuíchóiriú.

I bhfianaise na bhfreagrachtaí uile-Eorpacha atá ar an gCoimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta, thacaigh an Rialtas go seasta le hacmhainniú an Choimisiúin. Mar gheall ar na freagrachtaí nua atá ar an gCoimisiún agus ar an méadú mór a tháinig ar ár n-ualach oibre mar thoradh ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus ar rialacháin dhigiteacha eile, agus mar gheall ar an ualach oibre substaintiúil atá orainn cheana féin maidir lenár ról mar phríomhúdarás ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus maidir lenár bhfeidhmeanna uile i gcoitinne, arb ualach oibre é a bhíonn ag méadú i gcónaí, tá sé ríthábhachtach go leanfaimis le méaduithe cistiúcháin a fháil ionas gur féidir linn ár bhfórsa saothair a leathnú. Beidh sé ríthábhachtach leanúint le tacaíocht a fháil ón Rialtas ionas go mbeidh an Coimisiún in ann na freagrachtaí atá air ar fud an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh agus rialáil éifeachtach a dhéanamh chun tacú leis an ngeilleagar digiteach.

**Cabhrú le daoine aonair agus le heagraíochtaí**
Lean an Coimisiún le líon mór ábhar imní agus gearán cosanta sonraí a fháil ó dhaoine aonair le linn na bliana, agus dhéileáil an oifig leo chomh tapa agus ab fhéidir. Cé gur leanamar le hiarracht a dhéanamh saincheisteanna a réiteach go luath chun leas na ndaoine aonair lena mbaineann, d'eisíomar orduithe forfheidhmithe i gcásanna nár fhreagair na heagraíochtaí lena mbaineann ar bhealach sásúil iontu. Sampla de sin ba ea na hionchúisimh a rinneadh faoi na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach i leith ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh.

Chuaigh eagraíochtaí i dteagmháil leis an gCoimisiún freisin chun cúnamh praiticiúil a lorg, agus ba trí threoir agus trí chaidreamh a thugamar an cúnamh sin.

Sa bhliain 2024, tháinig méadú s ar an líon fógraí faoi sháruithe sonraí a fuarthas. Mar atá leagtha amach sa tuarascáil seo, tá ríthábhacht ag baint le ról an Oifigigh Cosanta Sonraí laistigh d'eagraíochtaí, agus leis an luach a chuirtear ar an ról sin, maidir le cabhrú le heagraíochtaí na hoibleagáidí atá orthu faoi RGCS a chomhlíonadh. Is ionann ról an Oifigigh Cosanta Sonraí agus ról neamhspleách maidir le caighdeáin cosanta sonraí a chothabháil laistigh d'eagraíochtaí. Dá réir sin, tugann an méid acmhainní atá ag an Oifigeach Cosanta Sonraí agus próifíl na daoine dá dtuairiscíonn sé/sí go hinmheánach léargas an-mhaith don rialálaí ar an gcur chuige a ghlacann an eagraíocht lena mbaineann i leith cosaint sonraí. D'óstáil an Coimisiún comhdháil do líonraí Oifigeach Cosanta Sonraí i bPáirc an Chrócaigh i mí na Samhna, áit ar tugadh deis do ghairmithe cosanta sonraí a oibríonn in eagraíochtaí móra

agus in eagraíochtaí beaga araon léargais agus dúshláin a chomhroinnt.

**Fiosrúcháin Trasteorann agus forfheidhmiú eile**
Gné lárnach den timpeallacht rialála is ea forfheidhmiú, trínar féidir fíorthorthaí agus fíorchosaintí a bhaint amach do dhaoine aonair. Dá réir sin, déantar forfheidhmiú i gcomhthráth leis an obair a dhéanann an Coimisiún i réimse na treorach, an chaidrimh agus an choisc. Tugtar sa tuarascáil seo mionsonraí faoi cheithre fhiosrúchán trasteorann mórscála a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024, gan aon agóidí a fháil ónár gcomhghleacaithe in údaráis cosanta sonraí eile. Cuireadh trí fhiosrúchán náisiúnta i gcrích freisin. Thosaigh an Coimisiún trí fhiosrúchán nua le linn na bliana freisin, agus é ag freagairt d'ábhair imní ar shainaithin an Coimisiún iad agus do ghearáin a fuarthas ó pháirtithe eile araon. Is le Google (oiliúint samhla intleachta saorga), le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (sábháilteacht sonraí pearsanta íogaire) agus le Ryanair (úsáid sonraí bithmhéadracha) a bhaineann na fiosrúcháin sin.

Rinne an Coimisiún gníomh leantach ar chinntí Fiosrúcháin a rinneadh roimhe sin maidir le húsáid sonraí pearsanta leanaí. I bhfiosrúcháin a bhain le TikTok agus le Instagram (féach Tuarascáil Bhliantúil 2023), shonraigh an Coimisiún bearta ceartaitheacha a bhí le déanamh ag na cuideachtaí sin chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na cinntí Fiosrúcháin. Cé go ndearna na cuideachtaí achomharc in aghaidh na gcinntí sin, bhí éifeacht ag na horduithe maidir le bearta ceartaitheacha go fóill. Rinne an Coimisiún faireachán ar fhorfheidhmiú na n-orduithe sin, agus torthaí rathúla á mbaint amach dá mbarr. I measc na dtorthaí sin, tá sonraí pearsanta leanaí príobháideach mar réamhshocrú anois, agus iad poiblí mar réamhshocrú roimhe sin. Is beart tábhachtach é sin maidir le leanaí a chosaint ar ghoid chéannachta, ar phearsanú agus ar nochtadh d'idirghníomhaíocht dhíobhálach de chineálacha éagsúla.

**Treoir a thabhairt agus caighdeáin a leagan síos**
Feidhm thábhachtach de chuid aon údaráis cosanta sonraí is ea treoir a thabhairt agus caighdeáin cosanta sonraí a leagan síos – ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta i gcomhar le comhrialálaithe araon. Thug an Coimisiún barúlacha maidir le 56 phíosa reachtaíochta beartaithe sa bhliain 2024. Chuir an Coimisiún roinnt imeachtaí caidrimh earnála chun cinn freisin. Tá sé de dhualgas ar an rialálaí éisteacht leis na hábhair imní agus na dúshláin earnála a thagann as oibleagáidí cosanta sonraí agus na hábhair imní agus na dúshláin sin a thuiscint, toisc go bhfuilimid ag iarraidh cosaint sonraí a chur chun cinn mar mhodh trínar féidir úsáid shábháilte fhreagrach sonraí a áirithiú. Mar gheall ar a dhúshlánaí atá sé do scoileanna, go háirithe bunscoileanna beaga, na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu a thuiscint, d'fhoilsíomar Tacar Uirlisí do Scoileanna i mí na Nollag tar éis dúinn dul i gcomhairle le geallsealbhóirí san earnáil oideachais.

Le linn na bliana, d'oibrigh an Coimisiún go dlúth le roinnt eagraíochtaí a ghabhann do chumhdach aosach chun a gcuid ábhar imní a thuiscint. Dhréachtaíomar treoir chun cabhrú leis na grúpaí sin coimircí láidre cosanta sonraí a chur i bhfeidhm agus chun a chinntiú an tráth céanna go n-íoslaghdaítear na bacainní atá ann ar ábhair imní cumhdaigh a shainaithint agus ar fhreagairt dóibh. Rinne an Coimisiún suirbhé ar eagraíochtaí spóirt agus ar mhiondíoltóirí le linn na bliana freisin, agus tá sé beartaithe againn tuilleadh for-rochtana a dhéanamh le comhlachtaí agus geallsealbhóirí is eagraithe chun an fheasacht ar chosaint sonraí agus cleachtais atá comhlíontach ó thaobh cosaint sonraí de a fheabhsú sna hearnálacha sin.

Cé go bhfuil ag éirí go maith le RGCS agus go bhfuil sé ag seasamh na haimsire, is gá dúinn a bheith aireach i gcónaí ar éirim an Rialacháin, is é sin a chinntiú go n-urramaítear an ceart atá ag daoine aonair chun cosaint sonraí agus nach bhfulaingíonn daoine aonair aon riosca ná aon dochar mar thoradh ar a sonraí pearsanta a bheith á n-úsáid ar shlí mhíchuí. De réir mar a fhéachaimid lena chinntiú go dtabharfar an-aird ar RGCS i gcónaí le linn teicneolaíochtaí nua a fhorbairt, ar teicneolaíochtaí iad a éireoidh níos coitianta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, beidh rún daingean ag an gCoimisiún rialáil chothrom, chomhréireach, shoiléir agus chomhsheasmhach a dhéanamh ar mhaithe le fíorthairbhí agus fíorchoimircí a sholáthar do dhaoine aonair, agus nuálaíocht fhreagrach dhuinelároithe á cumasú aige an tráth céanna.



**Dr. Des Hogan**
Cathaoirleach,
An Coimisinéir um Chosaint Sonraí

# Amlíne 2024

## Q1

Foilsíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí Treoir Nua:Do lorg digiteach a bhainistiú

Athrú Ceannaireachta!
Tar éis do Helen Dixon an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) a fhágáil tar éis dhá théarma cúig bliana, tosaíonn an Dr Des Hogan agus Dale Sunderland a róil mar Choimisinéirí an Choimisiúin

## Q2

Cuireann an Coimisiún tús le fiosrúchán ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le stóráil agus coinneáil sonraí pearsanta

Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún, cuireann Meta a phleananna chun samhail mhór teanga a oiliúint trí úsáid a bhaint as ábhar poiblí ar chomhroinn aosaigh é ar Facebook agus Instagram ar sos

## Q3

Foilsíonn an Coimisiún treoir blag nua maidir le hIntleacht Shaorga, le Samhlacha Móra Teanga agus le Cosaint Sonraí

Tar éis forfheidhmiú Ard-Chúirte ag an gCoimisiún, comhaontaíonn X (Twitter roimhe sin) leis an bpróiseáil a bhí á déanamh aige ar shonraí pearsanta chun an uirlis intleachta saorga darb ainm ‘Grok’ a oiliúint a fhionraí

# Q3

- Cuirtear fiosrúchán an Choimisiúin i gcrích agus forchuirtear fíneáil €91 mhilliún ar Meta Platforms Ireland
- Seolann an Coimisiún Fiosrúchán ar Shamhail Intleachta Saorga Google
- Iarrann an Coimisiún tuairim Airteagal 64.2 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le húsáid sonraí pearsanta le haghaidh samhlacha Intleachta Saorga a fhorbairt agus a imscaradh

# Q4

- Cuirtear fiosrúchán an Choimisiúin i gcrích le bearta ceartaitheacha agus forchuirtear fíneáil €310 milliún ar LinkedIn
- Óstálann an Coimisiún an Chomhdháil "Tacú le Rath na nOifigeach Cosanta Sonraí" i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath
- Cuirtear fiosrúchán an Choimisiúin i gcrích agus forchuirtear fíneáil €251 mhilliún ar Meta Platforms Ireland
- Foilsítear treoir nua dar teideal 'Foireann Uirlisí Cosanta Sonraí do Scoileanna'
- Fáiltíonn an Coimisiún roimh an Tuairim ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le húsáid sonraí pearsanta le haghaidh samhlacha Intleachta Saorga a fhorbairt agus a imscaradh

# Achoimre Fheidhmeach

**Idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2024:**

Fuair an Coimisiún breis agus

**32,000**

teagmháil



Fuair an Coimisiún breis agus

**24,306**

teagmháil [1] leictreonach


**6,751**

ghlao teileafóin



**1,095**

theagmháil phoist



Phróiseáil an Coimisiún

**11,091**

chás nua

Réitigh an Coimisiún

**10,510**

gcás

**2,357**

gcás a cuireadh ar aghaidh tríd an bpróiseas foirmiúil láimhseála gearán



[1] Cuimsíonn cumarsáidí leictreonacha idir ríomhphoist a sheoltar chuig cuntas info@ an Choimisiúin agus fhoirmeacha Gréasáin a chuirtear isteach trí shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

## An líon iomlán fógraí bailí faoi sháruithe a fuarthas sa bhliain 2024

**7,781**

Mhéadú aon déag faoin gcéad (11%) é sin ar an bhfigiúr don bhliain 2023



De na fógraí faoi sháruithe sin a fuarthas sa 2024, cuireadh

**81%**

i gcrích faoi dheireadh na bliana

**50%**

de na cásanna ar tugadh fógra fúthu chun cinn mar thoradh ar chomhfhreagras a bheith seolta chuig an bhfaighteoir mícheart



## Coimisiún um Chosaint Sonrai Fiosrúcháin agus Cinntí sa bhliain 2024:

d'Fhorchuir an Coimisiún fíneálacha riaracháin ar mhó a luach ná

**€652**




**4**

Fhiosrúchán Mórscála

**89**

bhFiosrúchán Reachtúla idir lámha 31 Nollaig



**4**

Réamh-Dhréacht chinneadh

**7**

nDréacht-chinneadh

**11**

Chinneadh Chríoch-naitheacha

**115**

fhógra isteach faoi réitigh chairdiúla

**Sa bhliain 2024, d'fhógair an Coimisiún go gcuirfí tús le fiosrúcháin nua náisiúnta agus trasteorann ar**

Bhithmh-éadracht



samhlacha Intleachta Saorga

shlándáil sonraí íogaire sláinte



**Mar thoradh ar ghníomhartha forfheidhmiúcháin leantacha an Choimisiúin le cuideachtaí a d'eascair as fiosrúcháin trasteorann roimhe sin**




torthaí feabhsaithe ann do shonraí pearsanta leanaí & do shábháilteacht leanaí

**Ó bhí an 1 Eanáir 2024 ann:**

Fuair an Coimisiún

**1,175**

cinn d'Iarrataí Frithpháirteacha agus Iarrataí Frithpháirteacha Deonacha Airteagal 61 ar chabhair ó Rialálaithe Eorpacha eile



Ghlac an Coimisiún páirt i níos mó ná

**180**

cruinniú de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (EDPB)

Thug an Coimisiún ionchur agus barúlacha maidir le breis agus

**56**

phíosa reachtaíochta bheartaithe





Ba é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta athbhreithniúcháin i ndáil le

**16** iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha

**11** chuideachta dhifriúla



Bunaíodh feidhmeanna nua

**2**

Gnóthaí Idir-Rialála

Gnóthaí EDPB agus Idirnáisiúnta

**80**

Imeacht cainte




**146** imscrúdú ar mhargaíocht dhíreach leictreonach i gcrích

**8** gcuideachta a ionchúis-eamh



Fhoireann uirlisí cosanta sonraí do scoileanna



Coimisiún i gceannas ar shraith ceisteanna a chur faoi bhráid EDPB faoin

IS Tuairim

# Misean, Fís agus Luachanna ag an gCoimisiún

## Misean

Seasamh le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an dlí cosanta sonraí trí chaidreamh, trí mhaoirseacht agus trí fhorfheidhmiú agus trí chomhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí a bhrú chun cinn. Cosnaíonn an Coimisiún na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair agus soláthraíonn sé soiléire do na heagraíochtaí a rialálann sé trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Oideachas a chur ar gheallsealbhóirí maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí;
- Cur chuige cóir cothrom a ghlacadh i leith láimhseáil gearán;
- Cumarsáid fhairsing thrédhearcach a dhéanamh le geallsealbhóirí;
- Páirt réamhghníomhach a ghlacadh ar leibhéal an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí chun comhsheasmhacht a bhaint amach;
- Fadbhreathnaitheacht teicneolaíochta a chothú, in oirchill forbairtí rialála sa todhchaí;
- Pionóis a ghearradh go comhréireach agus go tomhaiste; agus
- Acmhainní saineolacha a bhall foirne a choinneáil agus a chónascadh chun éifeachtacht oibriúcháin a chinntiú.

## Fís

Tá an Coimisiún tiomanta do bheith ina rialálaí atá neamhspleách, a bhfuil tionchar idirnáisiúnta aige, ar féidir leis an bpobal brath air maidir le dlí cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh, agus rialáil á déanamh aige le cuspóir soiléir, a bhfuil muinín ag an bpobal as, a bhfuil meas ag a phiaraí air agus atá éifeachtach ina chuid rialála. Imreoidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ról ceannaireachta i soiléire dhlíthiúil a thabhairt i mblianta tosaigh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Úsáidfidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí cur chuige rialála rioscabhunaithe ina chuid oibre, ionas go dtabharfar tosaíocht i gcónaí dá chuid acmhainní ar mhaithe leis an tairbhe is mó is féidir a sholáthar don líon is mó daoine is féidir. Beidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina áit oibre fhiúntach agus dhúshlánach freisin, áit a leagfar díriú ar na daoine is oiriúnaí a choinneáil, a mhealladh agus a leithdháileadh chun a shainordú a chomhlíonadh, agus luach agus inniúlachtaí a fhoirne mar an tsócmhainn is tábhachtaí dá chuid á n-aithint aige.

## Luachanna

Is rialálaí féinrialaitheach é an Coimisiún. Tá freagracht air as eagraíochtaí earnála príobháidí agus eagraíochtaí earnála poiblí araon a rialáil agus as na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair a chumhdach. Agus na dualgais sin á gcomhlíonadh aige, tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí tiomanta do ghníomhú i gcónaí ar bhealach atá: Cothrom, Saineolach, Comhsheasmhach, Trédhearcach, Cuntasach, Réamhbhreathnaitheach, Gafa, Neamhspleách, Dírithe ar thorthaí.

### Táimid i gcónaí

Cothrom
Saineolach
Comhsheasmhach
Trédhearcach
Cuntasach
Réamhbhreath-
naitheach
Gafa
Neamhspleách
Dírithe ar thorthaí.

## Straitéis Rialála

I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún an Straitéis Rialála uaidh don tréimhse 2022-2027, arb é an treochlár don Choimisiún chun a shainordú maidir le seasamh leis an gceart bunúsach chun cosaint sonraí a chomhlíonadh é. Tá an Straitéis – agus an obair a eascraíonn aisti – bunaithe ar chúig cholún idircheangailte a dtugtar tosaíocht chothrom dóibh.

1. Rialáil go comhsheasmhach agus go héifeachtach
2. Daoine Aonair a choimirciú agus feasacht ar chosaint sonraí a chur chun cinn
3. Tús áite a thabhairt do chosaint leanaí agus do chosaint grúpaí soghonta eile
4. Soiléire a thabhairt do gheallsealbhóirí
5. Tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí agus comhlíonadh a bhrú chun cinn.

Eagraítear an Straitéis de réir spriocanna bunúsacha, a bhfuil misean, fís agus luachanna an Choimisiúin mar bhonn agus thaca acu, ar spriocanna iad a rannchuidíonn i dteannta a chéile le comhlíonadh a thosaíochtaí straitéiseacha. Go mall sa bhliain 2024, chuir an Coimisiún tús le hathmheastóireacht lárphointe ar an Straitéis Rialála uaidh. Cuirfear an athmheastóireacht sin i gcrích sa bhliain 2025.

# 1

## Róil agus Freagrachtaí



# Róil agus Freagrachtaí

## Feidhmeanna an Choimisiúin

Is é an Coimisiún an t-údarás náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as seasamh leis an gceart bunúsach atá ag daoine san Aontas Eorpach go dtabharfaí cosaint dá sonraí pearsanta. Dá réir sin, is é an Coimisiún an t-údarás maoirseachta in Éirinn a gcuirtear de chúram air faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (Rialachán (AE) 2016/679). Tá feidhmeanna ag an gCoimisiún freisin i dtaca le creataí rialála eile, lena n-áirítear Rialacháin na hÉireann um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (2011) agus an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Tá feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin leagtha síos san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, rud lena dtugtar tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta agus don Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí.

Tá an ceart atá ag an duine aonair go ndéanfar a s(h)onraí pearsanta a chosaint leagtha amach i ndlí an Aontais Eorpaigh i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Sa bhliain 2016, ghlac an tAontas Eorpach creat dlíthiúil nua in RGCS chun éifeacht a thabhairt don cheart sin. Áirítear iad seo a leanas le croífheidhmeanna an Choimisiúin faoi RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018:

- feabhas a bhrú chun cinn ar chomhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí ag rialaitheoirí agus ag próiseálaithe;
- gearáin ó dhaoine aonair a bhaineann le sáruithe féideartha ar a gcearta cosanta sonraí a láimhseáil;
- fiosrúcháin agus imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar an reachtaíocht cosanta sonraí;
- feasacht a mhéadú i measc eagraíochtaí agus an phobail ar na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta atá i réim i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil;
- obair i gcomhar le húdaráis cosanta sonraí i mBallstáit eile den Aontas Eorpacha ar shaincheisteanna frithpháirteacha lena mbaineann próiseáil trasteorann sonraí pearsanta; agus
- gníomhú mar Phríomhúdarás Maoirseachta an Aontais Eorpaigh do rialaitheoirí sonraí a bhfuil a bpríomhbhunaíocht in Éirinn.

Tá feidhm ag an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachtaí a bhfuil feidhmeanna fhorfheidhmiú an dlí acu i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó i ndáil le pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Baineann na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs cumarsáidí leictreonacha amhail margaíocht dhíreach leictreonach.

De bhreis ar a fheidhmeanna faoi RGCS, leanann an Coimisiún lena fheidhmeanna rialála faoi na h**Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003**, a chomhlíonadh i leith gearáin agus imscrúduithe a bhaineann leis an tréimhse roimh an 25 Bealtaine 2018 (tráth a tháinig RGCS i bhfeidhm). Déanann sé amhlaidh freisin i leith catagóirí próiseála teoranta áirithe eile, is cuma cé acu a rinneadh an phróiseáil sin roimh an 25 Bealtaine 2018 nó ina dhiaidh.

## Cistiú agus Riarachán – Vóta 44

Cistítear an Coimisiún leis an Státchiste agus ní fhaigheann sé aon ghnóthachan airgeadaíoch ó na fíneálacha a fhorchuirtear. Is é Cathaoirleach an Choimisiúin an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin – Vóta 44.

B'ionann soláthar meastacháin an Choimisiúin don bhliain 2024 agus **€28.126M**, dar leithdháileadh €18.862M ar chaiteachas a bhaineann le pá agus dar leithdháileadh €9.439M ar chaiteachas neamhphá.

B'ionann an cistiú don bhliain 2024 agus méadú €2.047M ar leithdháileadh na bliana 2023.



Coiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin ó Chlé go deas: Cian O'Brien, David Murphy, Dr Des Hogan, Jennifer Dolan, MB Donnelly, Diarmuid Goulding, Dale Sunderland, Ultan O'Carroll, Gráinne Duffy, Elizabeth Finn, Graham Doyle, Fleur O'Shea, Cathal Ryan, Ian Chambers, Labhras Sammin, Andrew Carroll, Gráinne Hawkes, Niall Cavanagh. .

## Foireann Shinsearach an Choimisiúin

Is é atá i gCoiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin ná na Coimisinéirí Cosanta Sonraí, an Stiúrthóir agus na Príomhoifigigh.

Déanann na Coimisinéirí agus na comhaltaí den Choiste Ardbhainistíochta formhaoirseacht ar bhainistíocht chuí agus rialachas cuí na heagraíochta, ar aon dul leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (2015).

**Sa bhliain 2024, chuimsigh an Coiste Ardbhainistíochta:**

- An Dr Des Hogan, Cathaoirleach, agus Coimisinéir Cosanta Sonraí (ó mhí Feabhra 2024 i leith);
- Dale Sunderland, Coimisinéir Cosanta Sonraí (ó mhí Feabhra 2024 i leith);
- Cian O'Brien, Stiúrthóir agus Leas-Choimisinéir ar a bhfuil freagracht as Fiosrúcháin Mhórscála, lena n-áirítear Imscrúduithe agus Gearáin Trasteorann;
- Andrew Carroll, Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Fiosrúchán Mórscála agus Imscrúduithe Mórscála 2;
- Niall Cavanagh, Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Fiosrúchán Mórscála agus Imscrúduithe Mórscála 1;
- Ian Chambers, Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Túslíne, Sáruithe, Gearáin agus Faisnéis;
- Jennifer Dolan, Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Idir-Rialála agus Imscrúduithe ríomh-Phríobháideachta;
- MB Donnelly, Leas-Choimisinéir, Ceann um Straitéis, Rialachas, Airgeadas agus Riosca;
- Graham Doyle, Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Corparáideacha, Meáin agus Cumarsáid;
- Gráinne Duffy, Leas-Choimisinéir, Ceann um Dhaoine agus Foghlaim;
- Elizabeth Finn, Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghearáin agus Fiosrúcháin Trasteorann;
- Diarmuid Goulding, Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Fiosrúchán Mórscála agus Imscrúduithe Mórscála 3;
- Gráinne Hawkes, Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí EDPB/Idirnáisiúnta agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga;
- David Murphy, Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Comhairliúcháin agus Maoirseachta 1;
- Ultan O'Carroll, Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Teicneolaíochta Rialála;
- Fleur O'Shea, Leas-Choimisinéir, Ceann um Ghnóthaí Dlí;
- Cathal Ryan, Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhoireann Comhairliúcháin agus Maoirseachta 2;
- Labhras Sammin, Leas-Choimisinéir, Ceann um Fhiontair agus Oibríochtaí TFC; agus
- Sandra Skehan, Leas-Choimisinéir, Ceann um Láimhseáil Gearán Náisiúnta agus Fiosrúcháin, lena n-áirítear Iarrataí Rochtana, an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, Sáruithe agus Próiseáil.

** Bhí Helen Dixon, iar-Choimisinéir Cosanta Sonraí, ina comhalta den Choiste Ardbhainistíochta go dtí mí Feabhra 2024.*

# 2


## Teagmhálacha, Ceisteanna agus Gearáin



# Teagmhálacha, Ceisteanna agus Gearáin

Déanann daoine aonair agus eagraíochtaí teagmháil leis an gCoimisiún ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear línte teileafóin Dheasc Chabhrach an Choimisiúin, foirmeacha Gréasáin ar líne, ríomhphoist agus litreacha poist.

Teagmhálacha a fuarthas: 2024




## Teagmhálacha/Ceisteanna

**Idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2024:**
Fuair an Coimisiún breis agus **32,000** teagmháil. Cuimsítear san fhigiúr sin **24,306** theagmháil leictreonacha [2], **6,751** ghlao fóin agus **1,095** theagmháil phoist.

Léirítear sna cásanna a cuireadh in iúl don Choimisiún na dúshláin choitianta a mbíonn daoine aonair ag dul i ngleic leo agus a gcearta cosanta sonraí á bhfeidhmiú acu. Tá Iarrataí ar Rochtain d'Ábhar Sonraí le sonrú go mór sa liosta, cibé acu mar gheall ar mhainneachtain freagra a thabhairt nó mar gheall ar mhíshástacht leis an bhfreagra a thug an eagraíocht a bhí i gceist. Tá ábhair imní a bhaineann le toiliú, le nochtadh sonraí pearsanta agus le TCI baile ina léiriú ar fheasacht leanúnach an phobail ar shaincheisteanna cosanta sonraí i gcomhthéacs pearsanta agus i gcomhthéacs eagraíochtúil araon.

Nuair a théann daoine aonair i dteagmháil leis an gCoimisiún chun ábhar imní a chur in iúl, is gnách go ndéanann an Coimisiún caidreamh go díreach leis an eagraíocht a bhfuil a hiompraíocht i dtrácht, go háirithe Oifigeach Cosanta Sonraí na heagraíochta i gcás go mbeidh sé/sí ceaptha.

Sa chuid is mó de chásanna, is é an toradh a bhíonn ar an gcaidreamh sin ná réiteach gan aon ghá a bheith ann le hidirghabháil bhreise ag an gCoimisiún. I gcásanna inar gá an ní a ghéarú, tá sé fíorluachmhar go mbeadh rochtain ag an gCoimisiún ar chomhfhreagras scríofa idir an duine aonair agus an eagraíocht ina mionsonraítear an tsaincheist agus seasaimh an dá pháirtí. Leis an doiciméadacht sin, cabhraítear le cuíchóiriú a dhéanamh ar an measúnú ar ní a tharraing duine aonair anuas.

Déanann an Coimisiún a dhícheall a chinntiú go dtacaítear le daoine aonair a gcearta faoi RGCS a thuiscint, agus eagraíochtaí á spreagadh chun bheith trédhearcach agus cuntasach ina gcuid gníomhaíochtaí próiseála sonraí. Agus cásanna á réiteach aige, is amhlaidh ina lán cásanna a dhéanann an Coimisiún athbhreithniú ar na hiarrachtaí a dhéanann an eagraíocht comhlíonadh a bhaint amach..

[2] Cuimsíonn cumarsáidí leictreonacha idir ríomhphoist a sheoltar chuig cuntas info@ an Choimisiúin agus fhoirmeacha Gréasáin a chuirtear isteach trí shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

## Sa bhliain 2024, na 5 Cheist is Mó a fuarthas trí **theagmhálacha leictreonacha agus poist**

Mainneachtain freagra a thabhairt ar Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí

Toiliú mar bhunús dlíthiúil chun sonraí pearsanta a phróiseáil

Conas Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí a dhéanamh

TCI
Baile

Tuilleadh próiseála a rinne eagraíocht ar shonraí pearsanta



## Na 5 Cheist is Mó a cuireadh ar **Dheasc Faisnéise Teileafóin** an Choimisiúin

Treoir ghinearálta maidir le reachtaíocht RGCS

TCI
Baile

Treoir maidir le conas Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí a dhéanamh

Ábhair imní maidir le próiseáil sonraí pearsanta

Ceisteanna maidir le fógra faoi shárú a chur isteach



Soláthraíonn an Coimisiún seirbhís thiomnaithe teileafóin le haghaidh ceisteanna ón bpobal faoi chosaint sonraí. Feidhmíonn an deasc faisnéise go príomha mar acmhainn le haghaidh ceisteanna bunúsacha a shoiléiriú. I gcás saincheisteanna atá casta nó a bhaineann le gearáin, moltar do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí a n-ábhair imní a chur isteach i scríbhinn le ríomhphost chuig info@dataprotection.ie nó leis an bpost chuig:
6 Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2, D02 X963, Éire

Ina theannta sin, is féidir le daoine aonair a bhfuil bacainní orthu dul i dteagmháil leis an gCoimisiún i scríbhinn leas a bhaint as tacaíocht ó Oifigeach Inrochtaineachta an Choimisiúin ag: *DPCAccessibilityOfficer@dataprotection.ie*

Cinntíonn sé sin go mbíonn seirbhísí an Choimisiúin cuimsitheach agus inrochtana do chách.

**Cearta Rochtana**
Foráiltear le hAirteagal 15 RGCS go bhféadfaidh duine aonair faisnéis leordhóthanach, thrédhearcach agus shorochtana a fháil ó eagraíocht maidir le próiseáil a sonraí pearsanta


## Gearáin

Fuair an Coimisiún **11,091** chás nua sa bhliain 2024[3]. Cuireadh **2,673** chás díobh sin ar aghaidh chuig an bpróiseas foirmiúil láimhseála gearán, lenar áiríodh **194** ghearán a bhain le margaíocht dhíreach leictreonach.

Chuir an Coimisiún **2,357** ngearán fhoirmiúla san iomlán i gcrích sa bhliain 2024, lenar áiríodh **1,367** ngearán a fuarthas roimh an mbliain 2024. De bhreis air sin, réitíodh **8,418** gcás trí mhodhanna cairdiúla.

### Gearáin Chríochnaithe

Áirítear **1,367** gearán a fuarthas roimh 2024.




Measúnaítear gearáin chun a fháil amach an bhfuil an tsaincheist ina gearán mar atá mínithe faoi na hAchtanna (is é sin, go mbaineann an ní le próiseáil shonraí pearsanta an duine aonair agus go ndearnadh sárú ar chearta cosanta sonraí an duine aonair). Ní mór don Choimisiún a mheasúnú freisin an é an Coimisiún an t-údarás cuí chun an gearán a scrúdú nó nach ea nó an dtagann an gearán faoi shainchúram rialálaí cosanta sonraí eile nó nach dtagann.

**Láimhseáil Gearán**
Próiseálann an Coimisiún gearáin faoi cheithre phríomhchreat dhlíthiúla:

a. an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), ar tugadh tuilleadh éifeachta dó leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018);
b. an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, rud a trasuíodh i ndlí na hÉireann trí bhíthin Chuid 5 agus Chuid 6 d'Acht 2018;
c. na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003; agus/nó
d. I.R. Uimh. 336 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011.

| **Na 3 Shaincheist is Mó** Gearáin a Fuarthas faoi RGCS (65% den líon foriomlán cásanna) | % den iomlán |
|---|---|
| Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí | 34 |
| Próiseáil Chothrom | 17 |
| An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh | 14 |


[3] Mínítear 'cásanna' mar theagmhálacha a dteastaíonn tuilleadh caidrimh ina leith tar éis na ceiste tosaigh. Dá bhrí sin, is féidir go n-áireofar leis na cásanna sin gearáin ó dhaoine aonair, ach clúdaítear iontu freisin iarrataí ar chomhairle agus ar threoir nach bhfuil gné gearáin acu. Ní áirítear leis an bhfigiúr aon teagmhálacha ó na meáin, aon chuirí cainte, aon fhógraí faoi sháruithe ná aon réamhchomhairliúchán.


ionas gur féidir leo a bheith ar an eolas faoi dhlíthiúlacht na próiseála agus faoi chruinneas na sonraí próiseáilte agus gur féidir leo an dlíthiúlacht agus an cruinneas sin a fhíorú. Is ceart tábhachtach é sin as a n-eascraíonn an líon is mó gearán náisiúnta leis an gCoimisiún gach bliain, líon arb ionann é agus **tríocha a ceathair faoin gcéad (34%)** de na gearáin ar fad.

Faoi Airteagal 15 RGCS, leagtar amach na hoibleagáidí nach mór d'eagraíochtaí iad a chomhlíonadh ar iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí a fháil dóibh. Go bunúsach, cuimsítear in Airteagal 15 ocht ngné dhifriúla atá liostaithe thíos.

## An sciar is mó de na gearáin náisiúnta

An ceart chun faisnéis leordhóthanach, thrédhearcach agus inrochtana go héasca a iarraidh maidir le próiseáil sonraí pearsanta (Airteagal 15 RGCS)



## Oibleagáidí Iarratais Ábhair

1. Deimhniú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an eagraíocht ag próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leat.
2. Rochtain ar do shonraí pearsanta.
3. Rochtain ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir leis an bpróiseáil:
    a. na críocha ar chucu a phróiseáiltear do shonraí pearsanta;
    b. catagóirí do shonraí pearsanta;
    c. faighteoirí nó catagóirí faighteoirí do shonraí pearsanta;
    d. fad measta na próiseála nó na critéir le haghaidh an fad a chinneadh;
    e. is ann don cheart atá agat go ndéanfaí ceartúcháin, go ndéanfaí léirscriosadh, go gcuirfí srian le próiseáil agus go ndéanfaí agóid in aghaidh próiseála;
    f. an ceart chun gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta;
    g. aon fhaisnéis atá ar fáil maidir le foinse do shonraí pearsanta, mura mbailítear uait iad;
    h. is ann do chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú agus faisnéis eile a bhaineann leis.
4. Faisnéis faoi choimircí de bhun Airteagal 46 i gcás go n-aistreofar do shonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta.
5. An oibleagáid atá ar an eagraíocht cóip de do shonraí pearsanta atá á bpróiseáil a sholáthar.
6. Táille réasúnach a bheith á gearradh ag an eagraíocht, bunaithe ar chostais riaracháin as aon chóipeanna breise a iarrann tú.
7. Faisnéis a sholáthar i riocht leictreonach.
8. Cearta agus saoirsí daoine eile a chur san áireamh (srian Airteagal 15(4))

Faoi dheireadh na bliana 2024, fuair an Coimisiún **914** ghearán nua a bhain go hiomlán leis an gceart rochtana agus chuir sé **904** cinn díobh i gcrích.

Maidir leis an mainneachtain ag eagraíochtaí freagra a thabhairt do dhaoine aonair maidir lena n-iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí laistigh den tréimhse ama riachtanach, in éineacht le foluithe nó díolúintí a bheith á gcur i bhfeidhm ag an eagraíocht, is cúis í sin le han-chuid de na gearáin a fhaigheann an Coimisiún.

Cé go gcuirtear na foluithe nó na díolúintí i bhfeidhm go cuí den chuid is mó, eascraíonn na gearáin as míniúcháin neamh-leordhóthanacha ón rialaitheoir sonraí maidir leis an gcúis a bhfuil siad á gcur i bhfeidhm. Ní leor d'eagraíocht díolúintí, srianta nó airteagail iomchuí de chuid na reachtaíochta a mhiondealú gan iad a mhíniú. Ba cheart an chúis a bhfuil an díolúine á cur i bhfeidhm a mhíniú go soiléir don duine aonair. Ba cheart aon díolúintí a chuirtear i bhfeidhm a dhoiciméadú. Is féidir é sin a dhéanamh i riocht tábla, mar shampla. Ní mór d'eagraíochtaí a bheith in ann i gcónaí a mhíniú don Choimisiún cén fáth ar chuir siad díolúintí ar leith i bhfeidhm.

Dá réir sin, tagann saincheisteanna chun cinn inarb amhlaidh nach ndéanann an eagraíocht:


- Freagra a thabhairt don duine aonair maidir leis an iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil nó laistigh de dhá mhí eile má bhíonn moill ann, agus an chúis leis an moill á míniú don duine aonair; agus/nó
- A mhíniú go soiléir don duine aonair cén fáth nach féidir na sonraí a iarradh a eisiúint chuige/chuici

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le hiarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí a láimhseáil, ba cheart d'eagraíochtaí athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir ón gCoimisiún anseo:

*Iarratas Duine ar a Shonraí: Treoir an Rialaitheora Sonraí*
**QR 1**

**QR 1**

**Iarrataí léirscriosta**
Tugtar "an ceart go ndéanfaí léirscriosadh" nó "an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad" freisin ar an gceart go scriosfaí do shonraí pearsanta. Ní dearbhcheart é sin agus níl feidhm aige ach amháin in imthosca sonracha, lena n-áirítear sna himthosca seo a leanas:



## An Ceart chun Imthosca a Scriosadh

- Níl do shonraí ag teastáil ón eagraíocht a thuilleadh ar an gcúis bhunaidh a ndearna sí iad a bhailiú nó a úsáid ina leith.
- Thug tú toiliú ar dtús don eagraíocht do shonraí a úsáid, ach tá do thoiliú tarraingthe siar anois agat agus níl aon fhoras dlíthiúil eile ann leis an bpróiseáil.
- Chuir tú in aghaidh úsáid do shonraí, agus is mó do leasanna ná leasanna na heagraíochta a úsáideann do shonraí.
- Rinne an eagraíocht do shonraí a bhailiú nó a úsáid go neamhdhleathach.
- Tá oibleagáid dhlíthiúil ar an eagraíocht do shonraí a léirscriosadh.
- Bailíodh na sonraí uait mar leanbh le haghaidh seirbhís ar líne.

Tá iarrataí léirscriosta freagrach as líon méadaitheach gearán leis an gCoimisiún, agus iad cothrom le **ceathair déag faoin gcéad (14%)** de na gearáin a cuireadh isteach. Tagann formhór na gcásanna a thagann os comhair an Choimisiúin chun cinn toisc nár thug an eagraíocht atá i gceist freagra ar an iarraidh ar bhealach tráthúil agus/nó nár thug sí soiléiriú don duine aonair maidir leis an réasúnaíocht

maidir le cén fáth nach raibh feidhm ag an gceart go ndéanfaí léirscriosadh sna himthosca ar leith. Tháinig méadú suntasach ar an líon gearán a fuair an Coimisiún maidir le hiarrataí léirscriosta a bhaineann le sonraí liachta. D'fhoilsigh an Coimisiún Ceisteanna Coitianta mionsonraithe a bhain leis an topaic sin chun iarracht a dhéanamh cabhrú le daoine aonair a thuiscint, go háirithe, cén fáth a bhfuil fadhb ar leith ag baint le léirscriosadh sonraí liachta (féach an nasc thíos).

D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas leis na cúiseanna a ndiúltaítear géilleadh d'iarraidh léirscriosta:

- An ceart ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú;
- Oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh nó cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i gcás go bhfuil próiseáil ag teastáil mar chuid den údarás oifigiúil a shanntar don eagraíocht;
- Leas an phobail i réimse na sláinte poiblí;
- Chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh; agus/nó
- Éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Ní mór d'eagraíocht a bheith in ann a mhíniú go soiléir agus go gonta do dhuine aonair cén fáth nach féidir a s(h) onraí pearsanta a léirscriosadh agus cé chomh fada agus a leanfaidh an eagraíocht leis na sonraí pearsanta atá i gceist a phróiseáil.

Dá éifeachtúla an chumarsáid idir duine aonair agus eagraíocht is amhlaidh is dóichí go réiteofar gearáin roimh rannpháirtíocht an Choimisiúin, nó tríd an bpróiseas réitigh chairdiúil a n-éascaíonn an Coimisiún é.

Tá tuilleadh treorach maidir le léirscriosadh ar fáil ag

*12 Chéim i dTreo Chomhlíonadh RGCS* QR 2

*An bhféadfaidh mé RGCS a úsáid chun a shocrú go ndéanfaí mo thaifid liachta a leasú nó a léirscriosadh?* QR 3

QR 2

QR 3

**Torthaí ar Ghearáin**
De réir alt 109 d'Acht 2018, déanfaidh an Coimisiún cibé gníomhartha is cuí leis maidir le gearán, is iad sin, diúltú do ghearán nó a dhíbhe, fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint, fiosrúchán gearánbhunaithe a thosú, iomardú a eisiúint, nó aon ghníomh eile is cuí leis an gCoimisiún a dhéanamh.

Sa bhliain 2024, lean an Coimisiún le líon mór gearán a fháil, agus bhí réiteach cairdiúil ina mhodh éifeachtach le haghaidh gearáin a réiteach fós. Tugann an Coimisiún spreagadh d'eagraíochtaí páirt a ghlacadh sa phróiseas ar bhealach fiúntach ar mhaithe le luath-thorthaí a bhaint amach do na gearánaigh lena mbaineann.

**Forfheidhmiú**
Úsáideann an Coimisiún a chumhachtaí forfheidhmiúcháin in aghaidh eagraíochta nuair a thagann sé chun solais go bhfuil an eagraíocht ag mainneachtain na hoibleagáidí atá uirthi faoin reachtaíocht cosanta sonraí a chomhlíonadh. Is é an sampla is coitianta ná cás inarb amhlaidh nach ndéanann eagraíocht aon chaidreamh leis an duine aonair ná leis an gCoimisiún.

D'eisigh an Coimisiún **ocht bhFógra Forfheidhmiúcháin** sa bhliain 2024. Baineann formhór na bhfógraí le mainneachtain freagra a thabhairt ar iarrataí rochtana.

Sa bhliain 2024, thug an Coimisiún roinnt cuairteanna láithreáin ar fhiontair bheaga chun na hoibleagáidí atá orthu faoi RGCS a mheabhrú dóibh agus chun iad a threorú chuig an treoir atá ar fáil ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus ó fhoinsí eile. Tá sé cruthaithe aige sin go bhfuil sé an-táirgiúil ó thaobh nithe a réiteach go tapa de. Toradh eile atá air is ea gur féidir faisnéis maidir le hoibleagáidí cosanta sonraí a sholáthar ar bhealach comhoibríoch tacúil.

***Tá cás-staidéir ar ghearáin á bhfoilsiú ar leithligh ón Tuarascáil Bhliantúil seo.***

**Gearáin a bhaineann le Margaíocht Dhíreach Leictreonach**


Déanann an Coimisiún imscrúdú agus ionchúiseamh go gníomhach ar chionta a bhaineann le margaíocht dhíreach leictreonach faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 336 de 2011 — Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 ("na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach"). Leis na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach, trasuitear Treoir 2002/58/CE ("an Treoir maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach") i ndlí na hÉireann.

Sa bhliain 2024, fuair an Coimisiún **198 ngearán nua** maidir le margaíocht dhíreach leictreonach. Bhain seachtó faoin gcéad (70%) de na gearáin le cumarsáidí ríomhphoist gan iarraidh, bhain fiche a ceathair faoin gcéad (24%) díobh le teachtaireachtaí téacs SMS gan iarraidh, agus bhain sé cinn (6%) díobh le níos mó ná modh margaíochta dírí leictreonaí amháin, mar shampla bhain an gearán le teachtaireachtaí téacs SMS gan iarraidh agus le ríomhphoist gan iarraidh araon a fháil ón aon eagraíocht amháin.

## Gearáin maidir le Margaíocht Dhírghéireach Leictreonach

**198**


fuarthas




Cuireadh **146** imscrúdú ar mhargaíocht dhíreach leictreonach i gcrích sa bhliain 2024. Cuimsítear san fhigiúr sin:

- Gearán amháin ón mbliain 2022;
- 35 ghearán ón mbliain 2023; agus
- 110 ngearán ón mbliain 2024.

## Imscrúduithe Margaíochta Dírí Leictreonacha




**146**

críochnaithe in 2024

Sa bhliain 2024, d'eisigh an Coimisiún **49 litir rabhaidh** chuig cuideachtaí de bhun cumarsáidí margaíochta gan iarraidh, agus rinne sé **ocht gcuideachta a** ionchúiseamh as cumarsáidí margaíochta gan iarraidh a sheoladh chuig daoine aonair gan toiliú.

**49** Eisíodh litir rabhaidh de bhun cumarsáidí margaíochta gan iarraidh

**8** Ionchúisíodh gcuideachta i leith cumarsáidí margaíochta gan iarraidh a sheoladh

I ngach ceann de na cásanna ionchúisimh, d'ordaigh an Chúirt do na cuideachtaí ranníocaíochtaí carthanúla a dhéanamh in ionad ciontú agus fíneáil a fhorchur. B'ionann na síntiúis charthanúla sin agus **€9,725** san iomlán sna hocht gcás ar fad. I ngach ceann de na cásanna, ordaíodh do na cuideachtaí costais dlí an Choimisiúin a ghlanadh.

Maidir leis na cásanna sin, atá foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, tá siad ina léiriú ar thiomantas leanúnach an Choimisiúin do na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach a fhorfheidhmiú agus do rialaitheoirí sonraí a choinneáil cuntasach as próiseáil sonraí pearsanta i gcleachtais mhargaíochta. Ba cheart dóibh sin a ghabhann do ghníomhaíochtaí margaíochta leictreonaí na hiarmhairtí a thabhairt ar aird, ar iarmhairtí iad a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá sáródh siad na rialacháin. Sula dtosaíonn siad feachtais mhargaíochta leictreonaí, tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh cuideachtaí tástáil láidir agus seiceálacha láidre i gcomhar lena soláthraithe seirbhíse, chun a chinntiú go bhfuil toiliú bailí cothrom le dáta acu ó na daoine aonair ar a liostaí margaíochta agus go bhfuil a sásraí um rogha an diúltaithe lánfheidhmiúil.

Fuair gach ceann de na cuideachtaí ar ionchúisigh an Coimisiún iad sa bhliain 2024 rabhadh roimh ré chun próisis neamh-leordhóthanacha agus nósanna imeachta neamh-leordhóthanacha le haghaidh na margaíochta leictreonaí a cheartú. Ar na cuideachtaí agus na hearnálacha a bhí i gceist bhí gníomhaire fógraíochta, líonra teileachumarsáide, agus cuideachtaí laistigh den earnáil fáilteachais agus taistil, chomh maith leis an tionscal cosmaidí agus aclaíochta.

***Tá cás-staidéir ina mionsonraítear na hionchúisimh sin á bhfoilsiú ar leithligh ón Tuarascáil Bhliantúil seo.***




I mí Dheireadh Fómhair 2024, thug an Coimisinéir Des Hogan an spreagaitheasc ag Comhdháil Bhliantúil Inmheánach agus Earnála Poiblí an Dlí-Chumainn ar an téama "Idir Dhlí agus Cheannaireacht".



I mí na Samhna 2024, ghlac Des Hogan agus Dale Sunderland, Coimisinéirí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, páirt i gcomhrá neamhfhoirmiúil ag Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na nGairmithe Príobháideachta (IAPP) ar Chosaint Sonraí san Eoraip sa Bhruiséil ar an topaic "Athruithe ag Coimisiún na hÉireann um Chosaint Sonraí: Na Coimisinéirí Nua a Chur in Aithne", rud a mhodhnaigh Kate Colleary, Pembroke Privacy..

**Gearáin a bhaineann leis an Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail**
Bunaíodh an sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail faoi RGCS. Is é an cuspóir atá leis cuíchóiriú a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann eagraíochtaí a dhéanann gnó i níos mó ná Ballstát amháin den Aontas Eorpach caidreamh le húdaráis cosanta sonraí (ar a dtugtar "údaráis mhaoirseachta" faoi RGCS).

Leis an Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail, cumasaítear na heagraíochtaí sin a bheith faoi réir formhaoirseacht dhíreach ag príomhúdarás maoirseachta aonair, i gcás go bhfuil "príomhbhunaíocht nó bunaíocht aonair" acu, in ionad iad a bheith faoi réir rialáil leithleach ag na húdaráis cosanta sonraí de chuid gach ballstáit. De ghnáth, is é áit a riaracháin láir agus/nó a cinnteoireachta san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch an phríomhbhunaíocht nó an bhunaíocht aonair de chuid eagraíochta. Faoin Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail, gníomhaíonn an tÚdarás Cosanta Sonraí a fuair an gearán mar údarás maoirseachta lena mbaineann. Is é an t-údarás maoirseachta lena mbaineann an t-idirghabhálaí idir an príomhúdarás maoirseachta agus an duine aonair. Dá bhrí sin, féadfaidh duine aonair i stát den Aontas Eorpach/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch gearán a thaisceadh go díreach leis an údarás maoirseachta arb é an príomhúdarás maoirseachta é nó féadfaidh sé/sí é a thaisceadh lena (h)údarás áitiúil/náisiúnta, a tharchuirfidh é chuig an bpríomhúdarás maoirseachta. Ar an mbealach sin, gníomhaíonn an Coimisiún mar rialálaí do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh.

Ó chur chun feidhme RGCS i leith, fuair an Coimisiún **1,853 ghearán trasteorann** san iomlán, a bhfuil an Coimisiún bunaithe mar Phríomhúdarás Maoirseachta i leith **1,612 cheann (ochtó a seacht faoin gcéad (87%))** díobh. Cuireadh i gcrích **1,327 gcinn (ochtó a dó faoin gcéad (82%))** de na gearáin trasteorann bhailí, a bhfuil an Coimisiún ar an bPríomhúdarás Maoirseachta ina leith. Ó mhí na Bealtaine 2018 i leith, b'amhlaidh, maidir le **seasca a trí faoin gcéad (63%)** de ghearáin trasteorann, a bhfuil an Coimisiún ar an bPríomhúdarás Maoirseachta ina leith, a thaisc gearánaigh iad le húdarás maoirseachta eile de chuid an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus a aistríodh iad chuig an gCoimisiún ansin tríd an Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail. Taisceadh **tríocha a seacht faoin gcéad (37%)** de ghearáin trasteorann leis an gCoimisiún go díreach.

Sa bhliain 2024, chuir an Coimisiún **145 ghearán** trasteorann i gcrích agus chuir sé **115 fhógra isteach** (trí shásra comhair Airteagal 60 RGCS inar thángthas ar réiteach cairdiúil). Is féidir mionsonraí faoi na cásanna sin a léamh ar shuíomh Gréasáin EDPB.

## Ó chur chun feidhme RGCS::

Fuarthas
**1,853**
gearáin trasteorann

Ghníomhaigh an Coimisiún mar Phríomhúdarás Maoirseachta i leith ghearán trasteorann
**1,612** (87%)

**82%**
Cuireadh de na cásanna sin tá sé tugtha i gcrích

Sa bhliain 2024, chuir an Coimisiún
**145**
gearáin trasteorann i gcrích

agus chuir sé
**115**
fhógra faoi réiteach cairdiúil isteach



## Gearáin a bhaineann leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí

Tá feidhm ag an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, mar atá sí trasuite i ndlí na hÉireann le hAcht 2018, i gcás go bpróiseáiltear sonraí pearsanta chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Chun go bhféadfaidh eagraíocht dul i ngleic leis na hailt sin, ní mór don eagraíocht a bheith mar "údarás inniúil", mar atá leagtha amach in alt 69 d'Acht 2018.

Is iad an Garda Síochána agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann an dá phríomheintiteas ar "údaráis inniúla" iad a ndéanann an Coimisiún caidreamh leo trí ghearáin. Meastar Comhlachtaí Reachtúla amhail Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Comhairlí Contae agus an Roinn Coimirce Sóisialaí freisin a bheith ina n-údaráis inniúla i ndáil le líon teoranta dá bhfeidhmeanna.

Ó mhí na Bealtaine 2018 i leith, ba le hIarrataí ar Rochtain d'Ábhar Sonraí a bhain **ochtó a ceathair faoin gcéad (84%)** de na gearáin ar scrúdaigh an Coimisiún iad faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Is é an cineál gearáin ina n-iarrtar ceartú nó léirscriosadh an dara cineál gearáin is coitianta a scrúdaíodh faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, agus na gearáin sin freagrach as seacht faoin gcéad (7%) de na gearáin a fuarthas. Dírítear formhór na n-iarrataí ar an nGarda Síochána ina ról mar an ghníomhaireacht forfheidhmithe dlí is suntasaí sa stát.

Sa bhliain 2024, fuair an Coimisiún **33 ghearán a bhain leis** an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí **agus chuir sé 19 ngearán a bhain leis an Treoir i gcrích** (lenar áiríodh gearáin a fuarthas roimh an mbliain 2024 ach nár cuireadh i gcrích laistigh de na blianta féilire sin).

Tá tuilleadh faisnéise faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin:

*An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí* QR 4

QR 4

## Idirghabháil Dhíreach

Láimhseálann Aonad Idirghabhála Dírí an Choimisiúin cásanna lena mbaineann íogaireacht ar leith agus ina bhfuil idirghabháil láithreach ina cuid ríthábhachtach de na cearta cosanta sonraí atá ag líon mór daoine a chosaint. Is gnách go dtagann sé sin chun cinn in imthosca inar tarraingíodh aird an Choimisiúin ar ní tromchúiseach cosanta sonraí ach nach bhfuil aon ghearán bailí (mar a mhínítear faoi Alt 107 d'Acht 2018) le cur ar aghaidh ann toisc nach ndéanann an tsaincheist atá á tarraingt anuas aon difear díreach don duine aonair a tharraing aird an Choimisiúin ar an ní.

Áiríodh na nithe seo a leanas le roinnt de na nithe ar thug an tAonad Idirghabhála Dírí tús áite dóibh sa bhliain 2024:

- Próiseáil sonraí sláinte ag eagraíochtaí chun críocha seachas na críocha ar próiseáladh iad ina leith ar dtús;
- Próiseáil sonraí sláinte ag tithe altranais, agus an easpa coimircí cuí do chónaitheoirí soghonta; agus
- Sonraí iomarcacha a bheith á n-iarraidh ag eagraíochtaí le haghaidh seirbhísí a sholáthar d'aosaigh atá i gcásanna soghonta.

Rannchuidigh Aonad Idirghabhála Dírí an Choimisiúin freisin le treoir spriocdhírithe ón gCoimisiún a chruthú atá ag léiriú nithe a thagann ar aird an Choimisiúin. Sampla amháin den sórt sin is ea an leagan nuashonraithe den "Treoir ar Úsáid CCTV – do Rialaitheoirí Sonraí", a n-áirítear leis anois rannán cuimsitheach ar úsáid TCI i leithris agus i limistéir ina bhfuil ionchas méadaithe maidir le príobháideacht. Tá an treoir sin ina cabhair do rialálaithe agus iad ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá orthu faoi RGCS agus tá laghdú tagtha dá barr ar an líon ábhar imní a cuireadh in iúl don Choimisiún maidir le húsáid TCI i limistéir den sórt sin.

Ar aon dul leis an Straitéis Rialála 2022-2027 uaidh, leanann an Coimisiún le seasamh le cearta na ngrúpaí soghonta sin a bhféadfadh go mbeadh cúnamh breise ag teastáil uathu chun a chinntiú go gcosnaítear a gcearta.

*Treoir ar Úsáid CCTV – Do Rialaitheoirí Sonraí* QR 5

QR 5

## Gearáin faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Fuair an Coimisiún dhá ghearán bhailí a bhí le breithniú faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, sa bhliain 2024. D'eisigh an Coimisiún **12 chinneadh sa bhliain 2024** agus, díobh sin:

- seasadh go páirteach le 6 ghearán;
- seasadh le 3 ghearán; agus
- diúltaíodh do 3 ghearán.

## Gearáin a bhaineann le TCI Baile

Leanann an Coimisiún le líon suntasach gearán a bhaineann le hoibriú córas físfhaireachais baile a fháil. Sa bhliain 2024, fuair an Coimisiún 157 ngearán den sórt sin. D'fhoilsigh an Coimisiún treoir a bhí dírithe ar úsáid na gcóras sin: *Treoir ar úsáid CCTV* **QR 6**

Tá sé tábhachtach roinnt príomhphrionsabal um chosaint sonraí a thabhairt faoi deara, ar prionsabail iad a bhaineann le hoibriú na gcóras sin agus leis an méid atá feidhm ag dlíthe cosanta sonraí:

- **An díolúine tís**
  Níl feidhm ag an dlí cosanta sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcás go gcoinníonn duine aonair na sonraí pearsanta agus nach mbaineann na sonraí pearsanta ach amháin le bainistíocht a g(h)nóthaí pearsanta, teaghlaigh nó tís nó i gcás go gcoinníonn duine aonair na sonraí pearsanta chun críocha áineasa (Airteagal 2(2)(c) RGCS). Tá feidhm aige sin chomh fada agus nach n-úsáidtear na sonraí pearsanta i ndáil le gníomhaíocht ghairmiúil nó tráchtála nó nach gcuirtear ar fáil iad don phobal. Maidir le córais físfhaireachais baile, suíodh leis an gcásdlí Eorpach nach dtagann an gníomh arb éard é píosaí scannáin a bheith á dtaifeadadh go leanúnach ag duine lasmuigh de theorainneacha a réadmhaoine féin faoin díolúine tís agus, dá bhrí sin, go bhfuil feidhm iomlán ag RGCS.

- **Bunús dleathach**
  I gcás go mbeidh TCI á oibriú lasmuigh den díolúine tís, ní mór bunús dleathach a bheith ag an ngníomh arb éard é próiseáil sonraí, rud a bhfuil sé i gceist leis daoine aonair a shiúlann thart ar áit chónaithe an oibritheora a thaifeadadh nó sonraí pearsanta a ghabháil ar shlí eile. A mhéid a aimsítear na bunúis dhleathacha le próiseáil sonraí pearsanta faoi Airteagal 6 RGCS, is faoi oibritheoirí TCI atá sé an bunús dleathach atá acu leis an bpróiseáil a shainaithint agus a thaispeáint sula ndéanfar aon taifeadadh lasmuigh den díolúine tís.

- **Oibleagáidí eile a chomhlíonadh**
  Maidir le córais TCI a oibriú lasmuigh den díolúine tís, tá sé sin faoi réir roinnt oibleagáidí eile, amhail an ceanglas chun comharthaíocht a bheith in airde ina gcuirtear in iúl go bhfuil TCI i mbun oibre, agus lena n-áirítear mionsonraí teagmhála an oibritheora TCI chun a chinntiú go bhféadfaidh daoine aonair iarrataí a dhéanamh ar chearta RGCS a fheidhmiú. Ceanglaítear ar oibritheoirí TCI freisin iarrataí rochtana agus léirscriosta a chomhlíonadh agus freagra a thabhairt orthu, i measc na gceart eile dá bhforáiltear le RGCS. Ceanglaítear orthu freisin sceideal coinneála a bheith i bhfeidhm acu maidir leis na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil acu.

An chomhairle a thugann an Coimisiún is ea gur cheart d'aon duine aonair atá ag oibriú ceamara TCI ina t(h)each a chinntiú go dtagann oibriú an cheamara faoin díolúine tís. Ar an mbealach sin, ní bheadh an duine aonair sin faoi réir na ngnáthoibleagáidí a mbeadh sé d'oibleagáid ar rialaitheoir sonraí iad a chur san áireamh, mar a cheanglaítear le RGCS.

**QR 6**

# 3

## Sáruithe



# Sáruithe

Tá oibleagáid ar eagraíochtaí fógra a thabhairt don Choimisiún faoi sháruithe sonraí. Sa chuid is mó de chásanna, faightear fógraí den sórt sin ó Oifigeach Cosanta Sonraí na heagraíochta. Is féidir leis an Oifigeach Cosanta Sonraí idirdhealú a dhéanamh idir mionsáruithe agus mórsháruithe. Oibríonn an Coimisiún i ndlúthchomhar le hOifigigh Cosanta Sonraí chun sáruithe sonraí a mhaolú i gcás go dtarlaíonn siad. Is féidir le luathfhreagraí a bheith ríluachmhar maidir le haghaidh a thabhairt ar rioscaí airgeadais, dlíthiúla agus clú d'eagraíochtaí agus maidir le cearta na n-ábhar sonraí lena mbaineann a sheasamh

Sa bhliain 2024, fuair an Coimisiún **7,781 fhógra bhailí faoi sháruithe** sonraí**.** B'ionann é sin agus **méadú aon déag faoin gcéad (11%)** (794 fhógra) ar an líon iomlán fógraí faoi sháruithe sonraí a fuair an Coimisiún sa bhliain 2023. De na fógraí a fuarthas, b'fhógraí **RGCS** iad **7,346** cinn agus, díobh sin:

bhain **3,958** gcinn leis an earnáil phríobháideach;
bhain **3,137** gcinn leis an earnáil phoiblí; agus
tháinig **251** cheann as an earnáil dheonach agus carthanas.

Tháinig **caoga faoin gcéad (50%)** de na cásanna ar tugadh fógra fúthu chun cinn mar thoradh ar chomhfhreagras a bheith seolta chuig an bhfaighteoir mícheart.


Ó thabhairt isteach RGCS i leith – agus ar aon dul le blianta roimhe – bhain an chatagóir is airde de sháruithe sonraí ar tugadh fógra fúthu don Choimisiún sa bhliain 2024 le nochtaí neamhúdaraithe i dteagmhais ina ndearnadh difear do dhaoine aonair nó do ghrúpaí beaga. B'ionann iad sin agus **seasca faoin gcéad (60%)** de na fógraí ar fad.

De na fógraí faoi sháruithe a fuarthas sa bhliain 2024, **cuireadh ochtó a haon faoin gcéad (81%) i gcrích faoi dheireadh na bliana.**

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, bhí comhlachtaí earnála poiblí agus bainc i measc "na ndeich n-eagraíocht is mó" i ndáil leis an líon is airde fógraí faoi sháruithe a taifeadadh ina n-aghaidh. Bhí cuideachtaí árachais agus teileachumarsáide le fáil go coitianta i measc an fhiche eagraíocht is mó. Rud sonrach, is le feiceáil go soiléir fós atá cásanna inar eisíodh comhfhreagras chuig faighteoirí míchearta mar gheall ar dhroch-chleachtais oibriúcháin agus ar earráid dhaonna – mar shampla doiciméad mícheart a bheith á chur isteach in imchlúdach atá dírithe chuig tríú páirtí neamhghaolmhar. Déanann an Coimisiún caidreamh

## Fógraí Bailí faoi Sháruithe Sonraí 2024

**7,781**
+11% ó 2023




**50%** Tháinig de sháruithe as comhfhreagras a sheoladh chuig an bhfaighteoir mícheart

**81%** Cuireadh de na fógraí faoi sháruithe a fuarthas i gcrích

le heagraíochtaí trína fheidhm maoirseachta chun eagraíochtaí a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí agus chun treoir a thairiscint. Déanann an Coimisiún faireachán leanúnach ar na fógraí faoi sháruithe a fhaightear chun treochtaí a shainaithint agus chun bonn eolais a chur faoi thuilleadh gníomhartha imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin.

**Fógraí faoi Sháruithe: Cineál an tSáraithe le haghaidh cásanna a fuarthas, 2024**

| Cineál an tSáraithe | Iomlán mar % |
|---|---|
| Nochtadh neamhúdaraithe – ábhar poist chuig an bhfaighteoir mícheart | 32% |
| Nochtadh neamhúdaraithe – faighteoir ríomhphoist mícheartt | 14% |
| Athrú sonraí pearsanta, bíodh sé neamhúdaraithe nó de thaisme | 10% |
| Cailleadh nó scriosadh sonraí pearsanta – de thaisme | 8% |
| Haiceáil | 5% |

**Sáruithe ar Phríobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach:**
Fuair an Coimisiún **428 bhfógra faoi sháruithe ar phríobháideacht agus cumarsáid leictreonach** (méadú os cionn céad nócha a trí faoin gcéad (193%) ar an bhfigiúr don bhliain 2023, ina bhfuarthas 146 fhógra) faoi na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach. B'ionann an líon sin agus díreach os cionn sé faoin gcéad (6%) de na sáruithe iomlána ar tugadh fógra fúthu sa bhliain 2024.

Tagann an méadú sin ar fhógraí sna sála ar threocht den chineál céanna sa bhliain 2023, tráth a chonaic an Coimisiún méadú sa líon fógraí faoi sháruithe ar phríobháideacht agus cumarsáid leictreonach mar thoradh ar theacht i bhfeidhm na Rialachán fán gCód um Chumarsáid Leictreonach i mí Mheán Fómhair 2022 agus mar thoradh ar an míniú méadaithe ar an téarma "seirbhís cumarsáide leictreonaí". Tháinig an chúis ba choitianta leis na sáruithe a tuairiscíodh don Choimisiún chun cinn mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

- Mionsonraí a thaifeadadh go mícheart mar gheall ar earráid dhaonna, rud ba chúis le sárú (e.g., seoltaí ríomhphoist/uimhreacha teileafóin a bheith taifeadta go mícheart);
- Cumarsáidí a sheoladh chuig na faighteoirí míchearta (seoltaí poist/Éirchóid a bheith taifeadta go mícheart nó mionsonraí poist gan a bheith nuashonraithe ag daoine aonair);
- Scéimeanna innealtóireachta sóisialta/ fioscaireachta (rochtain a bheith faighte ag tríú páirtithe ar chuntais custaiméirí, lena n-áirítear rochtain ar mhionsonraí pearsanta).


Bhain formhór na sáruithe a tuairiscíodh le duine aonair amháin agus ba é a bhí i gceist leo ná go raibh sonraí pearsanta á nochtadh ar bhealach neamhúdaraithe, nó go raibh comhfhreagras á sheoladh trí thimpiste chuig na faighteoirí míchearta.

Níor bhain ach aon faoin gcéad (1%) de na sáruithe a tuairiscíodh le níos mó ná 100 duine aonair.

Cuireadh **nócha a dó faoin gcéad (92%)** de na 428 sárú i gcrích faoi dheireadh na bliana.

## Sáruithe ar Phríobháide-acht & Cumarsáid Leictreonac 2024

+193% ar an bhfigiúr don bhliain 2023




**Sáruithe ar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí**
Fuair an Coimisiún **79** bhfógra bhailí faoi sháruithe i dtaca leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí (Treoir (AE) 2016/680) freisin, rud a trasuíodh i ndlí na hÉireann le hAcht 2018.

**Gearáin a bhaineann le Sáruithe Sonraí**
Tagann gearáin a bhaineann le sáruithe sonraí chun cinn i gcás go ndéanann duine aonair gearán leis an gCoimisiún, tar éis dó/di teacht ar an eolas faoi shárú ar a s(h)onraí pearsanta. Sa bhliain 2024, láimhseáil an Coimisiún **20 gearán** a bhain le sáruithe líomhnaithe ar shonraí pearsanta nár réitíodh trí phróiseas réitigh chairdiúil.

***Tá cás-staidéir ar sháruithe á bhfoilsiú ar leithligh ón Tuarascáil Bhliantúil seo.***

# 4

## Cinntí agus Fiosrúcháin



# Cinntí agus Fiosrúcháin

## Fiosrúcháin Reachtúla ag an gCoimisiún

Faoi alt 110 d'Acht 2018, féadfaidh an Coimisiún dhá chineál dhifriúla fiosrúcháin reachtúil a dhéanamh chun a shuí cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar RGCS nó ar Acht 2018:

- Fiosrúchán gearánbhunaithe; agus
- Fiosrúchán a dhéanann an Coimisiún "dá dheoin féin"

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí **89 bhFiosrúchán Reachtúla** idir lámha ag an gCoimisiún, lenar áiríodh **53 Fhiosrúchán Trasteorann**.

| Eagraíochtaí | An Dáta a Eisíodh an Cinneadh | An Fhíneáil a Forchuireadh | An Beart Ceartaitheach a Forchuireadh |
|---|---|---|---|
| **Airbnb Ireland UC** | 31 Eanáir 2024 | N/B | Iomardú faoi bhun Airteagail 5(1)(c) agus 6 RGCS. |
| **Apple Distribution International Limited** | 29 Feabhra 2024 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. |
| **Groupon Ireland Operations Limited** | 8 Márta 2024 | N/B | Iomardú faoi bhun Airteagail 5(1)(c), 6(1), 12(2), 15(1), 15(3) agus 17(1) RGCS. |
| **Apple Distribution International Limited** | 8 Márta 2024 | N/B | Ordú chun próiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht, agus Iomardú faoi bhun Airteagal 13(1)(c) agus 13(1)(d) RGCS. |
| **Mediahuis Ireland Group Ltd (formerly Irish News and Media plc)** | 7 Meitheamh 2024 | N/B | Cinneadh nach ndearnadh aon sárú. |
| **Meta Platforms Ireland Limited** | 26 Meán Fómhair 2024 | €91 milliún | Iomardú faoi bhun Airteagail 5(1)(f), 32(1), 33(1), agus 33(5) RGCS. |
| **LinkedIn Ireland Unlimited Company** | 22 Deireadh Fómhair 2024 | €310 milliún | Ordú chun próiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht, agus Iomardú faoi bhun Airteagail 5(1)(a), 6(1), 13(1)(c) agus 14(1)(c) RGCS. |

| Eagraíochtaí | An Dáta a Eisíodh an Cinneadh | An Fhíneáil a Forchuireadh | An Beart Ceartaitheach a Forchuireadh |
|---|---|---|---|
| **Comhairle Contae Shligigh** | 13 Samhain 2024 | €29,500 | Toirmeasc sealadach ar TCI ag láithreacha éagsúla.<br>Ordú chun próiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht, agus Iomardú faoi bhun Airteagail 5(1)(a), 5(1)(c), 5(1)(e), 5(1)(f) 13, 24, 25, 30 agus 32(1) RGCS agus faoi bhun ailt 71(1)(a), 71(1)(c), 71(1)(e), 71(1)(f), 71(10), 72, 72(1), 72(2), 75, 75(1), 75(3) 76(2), 78, 79, 81, 82(2), 84 agus 90(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. |
| **Ollscoil Mhá Nuad** | 22 Samhain 2024 | €40,000 | Iomardú faoi bhun Airteagail 5(1)(f), 32(1) agus 33(1) RGCS.<br>Ordú chun próiseáil a chur i gcomhréir le hAirteagal 32(1). |
| **Meta Platforms Ireland Limited (Sáruithe Airíochtaí – Airteagal 33)** | 12 Nollaig 2024 | €11 milliún | Iomardú faoi bhun Airteagal 33 RGCS |
| **Meta Platforms Ireland Limited (Sáruithe Airíochtaí – Airteagal 25)** | 12 Nollaig 2024 | €240 milliún | Iomardú faoi bhun Airteagal 25 RGCS |

# Deimhniú Fíneálacha Riaracháin

## Cinntí a rinneadh sa bhliain 2024

Nuair a fhorchuireann an Coimisiún fíneáil ar rialaitheoir, ní mór an fhíneáil sin a dheimhniú os comhair na gCúirteanna. Sa bhliain 2024, d'fhorchuir an Coimisiún **fíneálacha riaracháin ar mhó a luach ná €652 mhilliún.** Áiríodh leo seo fíneálacha a forchuireadh ar LinkedIn, ar Meta Platforms Ireland Limited, ar Chomhairle Contae Shligigh agus ar Ollscoil Mhá Nuad. Ní mór gach fíneáil a fhorchuireann an Coimisiún a dheimhniú sa Chúirt sula mbailítear iad. A luaithe a bhailítear iad, íoctar fíneálacha ar aghaidh leis an státchiste lárnach in Éirinn. Sa bhliain 2024, rinne an Coimisiún fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €582,500 a bhailiú agus a íoc ar aghaidh leis an státchiste lárnach in Éirinn. Áiríodh leo sin fíneáil riaracháin €22,500 a forchuireadh ar an Roinn Sláinte, rud a deimhníodh i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2024.

**€652** milliún fíneálacha riaracháin

# Cinntí Intíre a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024

## Mediahuis Ireland Group Ltd
(Irish News and Media plc roimhe sin)

D'eisigh an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach san fhiosrúchán seo i mí an Mheithimh 2024. B'ionann é seo agus fiosrúchán gearánbhunaithe ina ndearna an Coimisiún meastóireacht ar an gcothromaíocht idir na cearta sonraí pearsanta a bhí ag an ngearánach agus na cearta a bhí ag eagraíocht meán chun saoirse chun tuairimí a nochtadh. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na fíorais agus ar na haighneachtaí ón ngearánach agus ón rialaitheoir sonraí, chinn an Coimisiún go raibh feidhm ag an díolúine a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh dá bhforáiltear in alt 43(1) d'Acht 2018. Chinn an Coimisiún nach ndearnadh aon sárú, agus dhiúltaigh sé don ghearán.

*Is féidir mionsonraí faoin gcinneadh seo a fháil ar 38 den tuarascáil seo..*

## Comhairle Contae Shligigh

D'eisigh an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach san fhiosrúchán seo i mí na Samhna 2024. Tháinig an Cinneadh sna sála ar iniúchadh cosanta sonraí a rinneadh ar an dóigh a raibh sonraí pearsanta á bpróiseáil ag an gComhairle, nó a raibh siad á bpróiseáil thar a ceann, trí úsáid a bhaint as TCI, as córais uathaitheanta uimhirphlátaí agus as aon teicneolaíochtaí eile is féidir a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar dhaoine aonair. Cinneadh gur sháraigh an Chomhairle Airteagail 5(1)(a), 5(1)(c), 5(1)(e), 5(1)(f) 13, 24, 25, 30 agus 32(1) RGCS agus ailt 71(1)(a), 71(1)(c), 71(1)(e), 71(1)(f), 71(10), 72, 72(1), 72(2), 75, 75(1), 75(3) 76(2), 78, 79, 81, 82(2), 84 agus 90(1) d'Acht 2018. Áiríodh leis na bearta ceartaitheacha ar fheidhmigh an Coimisiún iad toirmeasc sealadach ar shonraí pearsanta a phróiseáil, lenar áiríodh sonraí pearsanta a phróiseáil trí cheamaraí TCI, agus fíneáil riaracháin dar luach €29,500.

*Is féidir mionsonraí faoin gcinneadh seo a leathanach 39 den tuarascáil seo. .*

## Ollscoil Mhá Nuad:

D'eisigh an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach san fhiosrúchán seo i mí na Samhna 2024. Bhain an fiosrúchán le sárú sonraí pearsanta ar thug Ollscoil Mhá Nuad fógra faoi i mí na Samhna 2018. Rinne an sárú difear do na cuntais ríomhphoist de chuid roinnt fostaithe ollscoile. Rinne an Coimisiún measúnú ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a bhí i bhfeidhm ag Ollscoil Mhá Nuad chun slándáil na sonraí pearsanta a bhí á bpróiseáil aici a chinntiú, agus scrúdaigh sé a mhéid a chomhlíon an rialaitheoir an oibleagáid atá uirthi fógra a thabhairt go pras faoi aon sáruithe. Chinn an Coimisiún gur sháraigh Ollscoil Mhá Nuad Airteagail 5(1)(f), 32 agus 33 RGCS. Thug an Coimisiún iomardú d'Ollscoil Mhá Nuad, d'fhorchuir sé fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €40,000 uirthi, agus d'ordaigh sé di a próiseáil a chur i gcomhréir le ceanglais slándála RGCS.

*Is féidir mionsonraí faoin gcinneadh seo a fháil ar leathanach 40 den tuarascáil seo. .*

# Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún maidir le **Mediahuis Ireland Group Limited**

I mí an Mhárta 2021, fuair an Coimisiún gearán i gcoinne Mediahuis Ireland Group Limited ("MIG"), a fhoilsíonn nuachtáin amhail an Sunday Independent, an Irish Independent agus an Herald. Líomhain an gearánach gur sháraigh MIG a cearta cosanta sonraí nuair a phróiseáil sé a sonraí pearsanta agus a sonraí pearsanta catagóire speisialta (a bhain go sonrach lena sláinte). Liostaigh an gearánach ailt agus físeáin ar fhoilsigh MIG iad agus inar pléadh an gearánach agus an chaingean cúirte a thionscain sí i gcoinne óstáin de dheasca díobháil phearsanta. Leagadh béim sa ghearán go raibh sna hailt agus sna físeáin sin faisnéis nach bhféadfaí a fháil ach amháin ó dhoiciméid chúirte nach raibh ar fáil go poiblí agus nach ndearnadh aon trácht orthu go fóill in éisteacht os comhair na cúirte. Líomhnaíodh sa ghearán go ndearnadh sáruithe ar fhorálacha RGCS, lenar áiríodh na prionsabail um chosaint sonraí (Airteagal 5) agus an easpa bunúis dhleathaigh don phróiseáil (Airteagal 6). Mhaígh an gearánach freisin gur sháraigh MIG na cearta a bhí aici chun trédhearcachta nuair a mhainnigh sé faisnéis a thabhairt di maidir le próiseáil a sonraí aige nuair ba ghá (Airteagal 14).

Sa fhreagra uaidh, mhaígh MIG nach raibh an fiúntas ag baint leis an ngearán mar gheall ar an gceart a bhí aige chun saoirse chun tuairimí a nochtadh agus chun saorála faisnéise chun críocha iriseoireachta, rud a chosnaítear go sainráite le hAirteagal 85 RGCS agus le halt 43 d'Acht 2018. Luaigh MIG gur le halt 43 d'Acht 2018 a dhíolmhaítear próiseáil ó fhorálacha áirithe de RGCS i gcás go ndéantar í le linn an ceart chun saoirse chun tuairimí a nochtadh agus chun saorála faisnéise a fheidhmiú. Bunaithe air sin, ba é seasamh MIG nach raibh sé de chumhacht ag an gCoimisiún fiosrú a dhéanamh ar mhionsonraí agus fairsinge chumhdach MIG ar chás díobhála pearsanta an ghearánaigh ná ar imthosca gaolmhara. Níor ghlac an Coimisiún leis an argóint sin.

Luaigh an Coimisiún nach dearbhcheart é an ceart chun saoirse chun tuairimí a nochtadh agus chun saorála faisnéise. Luaigh sé freisin nach bhfuil feidhm ag an díolúine faoi alt 43 d'Acht 2018 ach amháin a mhéid a bheidh comhlíonadh na bhforálacha ábhartha de RGCS ar neamhréir leis an gceart sin a fheidhmiú chun críocha iriseoireachta (mar a tharla sa chás seo). Chun a chinneadh cé acu a tháinig nó nár tháinig an phróiseáil faoin díolúine, ba ghá don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chríoch na próiseála agus ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh comhlíonadh na bhforálacha ábhartha de RGCS ar neamhréir le MIG a bheith ag feidhmiú an chirt a bhí aige chun saoirse chun tuairimí a nochtadh. Ba é an fiosrúchán an modh cuí chun déanamh amhlaidh. Chuir an Coimisiún in iúl go soiléir freisin nach bhféachfaí le linn an fhiosrúcháin le foinsí iriseoirí a nochtadh.

Ós rud é nach raibh aon amhras ann gur chun críocha iriseoireachta a bhí MIG ag feidhmiú an chirt a bhí aige chun saoirse chun tuairimí a nochtadh, ba é an phríomhcheist sa chás seo ná an raibh feidhmiú an chirt sin i gcomhréir leis na cearta a chosnaítear leis na forálacha ábhartha de RGCS. Ar aon dul leis an gcur chuige a ghlacann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Cúirteanna na hÉireann, rinne an Coimisiún cleachtadh cothromúcháin chun an ceart a bhí ag MIG chun saoirse chun tuairimí a nochtadh a mheasúnú in aghaidh na gceart cosanta sonraí a bhí ag an ngearánach.

Rinne an Coimisiún breithniú ar na haighneachtaí ón ngearánach agus ó MIG agus ar a scrúdú féin ar chásdlí na hÉireann, an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Chinn an Coimisiún gurbh é an toradh a bheadh ar sheasamh leis na cearta RGCS a dhearbhaigh an gearánach sa chás seo ná srian a chur ar an iriseoireacht ar shlí a ndéanfadh dochar don chumas atá ag MIG tuairisciú ar nithe a bhfuil leas an phobail ag baint leo agus don cheart atá ag an bpobal chun faisnéis a fháil. Thug an Coimisiún aird ar chineál leathan "leas an phobail" a mhéid a bhaineann leis an iriseoireacht agus ar phróifíl phoiblí an ghearánaigh mar ionadaí tofa i bpáirtí polaitíochta ag a bhfuil seasamh luaite i leith costais árachais agus éilimh dhíobhála pearsanta. Cé gurbh fhéidir gur foinsíodh an fhaisnéis ó dhoiciméid a bhí le húsáid sa chúirt, níor ghá gur chuir sé sin aon chosc ar thuairisciú ar an bhfaisnéis sin. Chinn an Coimisiún go raibh feidhm ag alt 43 maidir le próiseáil sonraí pearsanta an ghearánaigh ag MIG. Dá bhrí sin, chinn sé gur cheart an gearán a dhíbhe faoi alt 112(1)(b) d'Acht 2018. Is féidir an Cinneadh seo a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag

*Fiosrúchán maidir le Mediahuis Ireland Group Limited (MIG) - Meitheamh 2024* **QR 1**

**QR 1**

# Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún maidir le **Comhairle Contae Shligigh**

An 13 Samhain 2024, d'eisigh an Coimisiún Cinneadh Críochnaitheach tar éis fiosrúchán a dhéanamh ar phróiseáil áirithe sonraí pearsanta ag Comhairle Contae Shligigh. Bhí an fiosrúchán seo ar cheann amháin de roinnt fiosrúchán de dheoin an Choimisiúin féin ar raon leathan saincheisteanna a bhaineann leis na teicneolaíochtaí faireachais a úsáideann údaráis Stáit. Féachadh san fhiosrúchán seo lena mheasúnú cé acu a bhí nó nach raibh Comhairle Contae Shligigh ag próiseáil sonraí pearsanta i gcomhréir le RGCS agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Rinneadh scrúdú san fhiosrúchán ar roinnt d'oibríochtaí próiseála na Comhairle, lena n-áirítear an úsáid a bhaineann sí as ceamaraí TCI in áiteanna poiblí chun coireacht a ionchúiseamh nó chun críocha eile. Áirítear na nithe seo leis na fionnachtana sa chinneadh:

- Ní raibh aon bhunús dlí bailí ag Comhairle Contae Shligigh le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta ó cheamaraí TCI agus ó cheamaraí uathaitheanta uimhirphlátaí.
- Mhainnigh Comhairle Contae Shligigh comharthaí a raibh foclaíocht chuí orthu a chur in airde i láithreacha cuí i ndáil le próiseáil na sonraí pearsanta a bailíodh trí cheamaraí TCI.

Cinneadh freisin gur sáraíodh na hoibleagáidí atá ar Chomhairle Contae Shligigh measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh, logaí sonraí a chothabháil le haghaidh rochtain shonrach ar thaifeadtaí TCI, agus bearta cuí teicniúla agus eagrúcháin a chur chun feidhme.

Ba iad seo a leanas na bearta ceartaitheacha a rinne an Coimisiún:

- Toirmeasc sealadach ar shonraí pearsanta a phróiseáil trí cheamaraí TCI agus trí cheamaraí uathaitheanta uimhirphlátaí ag láithreacha éagsúla go dtí gur féidir bunús dlí bailí a shainaithint.
- Ordú do Chomhairle Contae Shligigh a próiseáil sonraí pearsanta a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht trí ghníomhartha áirithe a sonraíodh sa chinneadh a dhéanamh.
- Iomardú i leith an tsáraithe a rinne Comhairle Contae Shligigh ar alt 79 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.
- Fíneáil riaracháin €29,500.

Is féidir an Cinneadh seo a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag *Fiosrúchán ar Chomhairle Chontae Shligigh - Samhain 2024* **QR 2**

**QR 2**

# Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún maidir le **hOllscoil Mhá Nuad**

An 22 Samhain 2024, rinne an Coimisiún Cinneadh Críochnaitheach tar éis fiosrúchán a dhéanamh ar shárú sonraí pearsanta in Ollscoil Mhá Nuad. Bhain an fiosrúchán le sárú sonraí pearsanta ar thug Ollscoil Mhá Nuad fógra faoi i mí na Samhna 2018. Rinne an sárú difear do na cuntais ríomhphoist de chuid fostaithe ollscoile, agus thug sé deis do dhaoine neamhúdaraithe smacht a fháil ar suas le sé chuntas. Bhain na daoine neamhúdaraithe sin úsáid as an smacht a fuair siad ar chuntas amháin chun cabhrú le calaois a dhéanamh, rud a bhí ina chúis le caillteanas airgeadais do dhuine amháin de na daoine a ndearnadh difear dóibh. Bhíothas in ann an duine sin a chúiteamh mar gheall ar an imscrúdú agus na gníomhartha a rinne an Ollscoil ina dhiaidh sin. Rinne an Coimisiún measúnú ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a bhí i bhfeidhm ag Ollscoil Mhá Nuad chun slándáil na sonraí pearsanta a bhí á bpróiseáil aici a chinntiú, agus scrúdaigh sé a mhéid a chomhlíon an rialaitheoir an oibleagáid atá uirthi fógra a thabhairt go pras faoi aon sáruithe.

Thángthas ar na conclúidí seo a leanas sa Chinneadh ón gCoimisiún:

- Sháraigh Ollscoil Mhá Nuad Airteagail 5(1)(f) agus 32 RGCS nuair a mhainnigh sí slándáil iomchuí a chinntiú do na sonraí pearsanta a bhí á bpróiseáil aici agus nuair a mhainnigh sí bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun slándáil den sórt sin a chinntiú, agus
- Sháraigh Ollscoil Mhá Nuad Airteagal 33(1) RGCS nuair a mhainnigh sí fógra a thabhairt don Choimisiún faoin sárú sonraí laistigh de 72 uair an chloig.

Thug an Coimisiún iomardú d'Ollscoil Mhá Nuad, d'fhorchuir sé fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €40,000 uirthi, agus d'ordaigh sé di a próiseáil a chur i gcomhréir le ceanglais slándála RGCS.

Ordaíodh d'Ollscoil Mhá Nuad na nithe seo a leanas a dhéanamh:

a. Fíordheimhniú ilfhachtóra a chur chun feidhme do gach cuntas úsáideora.
b. Athbhreithniú a dhéanamh ar chumraíocht agus beartais frith-thurscair, lena n-áirítear iad a athbhreithniú agus a nuashonrú go tráthrialta ar aon dul le hathruithe sa tírdhreach riosca.
c. Nuashonruithe tráthrialta slándála a dhéanamh ar bhogearraí.
d. Beartas láidir bainistíochta pasfhocal a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear próisis, modhanna agus teicnící le haghaidh pasfhocail úsáideoirí a stóráil go slán.
e. Oiliúint éigeantach a chur ar gach ball foirne i gcosaint sonraí agus i gcibearshlándáil, arb oiliúint í atá oiriúnach dá ról agus dá leibhéal riosca agus a nuashonraítear ar aon dul le hathruithe sa tírdhreach riosca.
f. Beartais a fhorbairt chun freagairt do sháruithe sonraí agus do theagmhais slándála sonraí ar bhealaí atá oiriúnach do na rioscaí a bhaineann leo agus a chinntíonn go gcomhlíontar na hoibleagáidí atá ar Ollscoil Mhá Nuad mar rialaitheoir sonraí faoi RGCS.

Is féidir an Cinneadh seo a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag *Fiosrúchán ar Ollscoil Mhá Nuad - Samhain 2024* **QR 3**

**QR 3**

# Cásanna intíre a bhain príomhchéim imscrúdaithe amach sa bhliain 2024

## Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (SUSI)

Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán seo de dheoin an Choimisiúin féin sa bhliain 2019 tar éis do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath fógra a thabhairt faoi shárú sonraí pearsanta inar cuireadh na sonraí pearsanta a bhain le hiarratais suíomh Gréasáin ar dheontais mac léinn ar fáil do dhaoine neamhúdaraithe.

Feidhmíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna suíomh Gréasáin (https://www.susi.ie) ar ar féidir le mic léinn tríú leibhéal faisnéis a fháil faoina n-incháilitheacht do dheontas ardoideachais. Cruthaíodh Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) sa bhliain 2012 mar aonad gnó de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (ar ar tugadh Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath ag an am) tar éis an Bord Oideachais agus Oiliúna sin a ainmniú mar údarás dámhachtana aonair do dheontais nua faoin Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011. I mí na Samhna 2018, fuair an Bord Oideachais agus Oiliúna amach go raibh a fhreastalaí Gréasáin ag coinneáil sonraí pearsanta i bhfoirm foirmeacha teagmhála agus doiciméad uaslódáilte. Sula bhfuair sé an méid sin amach, ghlac an rialaitheoir sonraí leis go raibh na sonraí pearsanta a bhí á gcur isteach trína shuíomh Gréasáin á seoladh le ríomhphost chuig an bhfoireann ábhartha SUSI agus nach raibh siad á gcoinneáil go háitiúil ar a fhreastalaí Gréasáin. Bhraith an Bord Oideachais agus Oiliúna bogearraí mailíseacha ina fhreastalaí Gréasáin i mí Dheireadh Fómhair 2018 freisin.

Thosaigh an Coimisiún fiosrúchán reachtúil i mí Iúil 2019. Scríobh an Coimisiún chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna i mí an Mhárta 2024 chun fógra a thabhairt dó gur tosaíodh céim cinnteoireachta an fhiosrúcháin. Thug sé an Tuarascáil Fiosrúcháin Deiridh dó freisin, rud a bhí bunaithe ar chéim bailithe fianaise an fhiosrúcháin. Bhí an ní fós ar siúl ag deireadh na bliana.

## **An Roinn Coimirce Sóisialaí,** maidir le Meaitseáil Aghaidhe SAFE/PSC

Breithnítear san fhiosrúchán seo de dheoin an Choimisiúin féin cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann próiseáil áirithe sonraí pearsanta ag an Roinn Coimirce Sóisialaí i gcomhthéacs clárú chun Cárta Seirbhísí Poiblí a fháil RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. D'eisigh an Coimisiún an Dréachtchinneadh uaidh i mí na Samhna 2023, agus fuair sé aighneachtaí ón Roinn ina leith i mí Feabhra 2024. Bhí an ní fós ar siúl ag deireadh na bliana.

## Permanent TSB

Thosaigh an Coimisiún an fiosrúchán seo tar éis trí fhógra ar leith a fháil ó Permanent TSB (PTSB) faoi sháruithe i mí na Bealtaine 2022. Baineann gach ceann de na trí fhógra faoi sháruithe sonraí pearsanta le himthosca ina ndearna gníomhaí mailíseach iarracht rochtain a fháil ar chuntas bainc ábhair sonraí trí ghlao a chur ar ionad glaonna Open24 PTSB. San fhiosrúchán seo, tá scrúdú á dhéanamh ar na bearta eagraíochtúla agus teicniúla a cuireadh chun feidhme chun slándáil sonraí pearsanta a chinntiú agus ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon PTSB na hoibleagáidí atá air fógra a thabhairt don Choimisiún faoi sháruithe sonraí gan moill mhíchuí. Sholáthair an Coimisiún ráiteas maidir le saincheisteanna do PTSB i mí Eanáir 2024, agus fuair sé aighneachtaí uaidh ina leith i mí Feabhra 2024. Bhí an ní fós ar siúl ag deireadh na bliana.

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Sa bhliain 2023, thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) fógra don Choimisiún faoi dhá shárú sonraí pearsanta ar leith a bhain le rochtain neamhúdaraithe ar thaifid liachta fhisiciúla ag dhá shaoráid dhifriúla dá chuid. Sa dá chás, fuair tríú páirtithe neamhúdaraithe rochtain ar shaoráidí stórála a bhí á n-oibriú ag FSS, agus d’fhoilsigh siad píosaí scannáin de chomhaid fhisiciúla a bheith á stóráil sna saoráidí sin ar ardáin meán sóisialta. Thosaigh an Coimisiún fiosrúchán dá dheoin féin ar an ní seo i mí na Bealtaine 2024. San fhiosrúchán seo, táthar ag féachaint ar an dóigh a gcomhlíonann FSS na hoibleagáidí atá air faoi RGCS a mhéid a bhaineann leis na nithe seo a leanas: rialachas cosanta sonraí; slándáil na próiseála; an dóigh a gcuirtear sáruithe sonraí in iúl d’ábhair sonraí; agus prionsabail an teorannaithe stórála, na sláine agus na rúndachta, agus na cuntasachta faoi RGCS.

## Cásanna Trasteorann

I gcás go mbaineann fiosrúchán nó gearán ar leith le scrúdú a dhéanamh ar phróiseáil trasteorann, ceanglaítear le RGCS ar an gCoimisiún, i gcás go bhfuil sé ag gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta, an cinneadh uaidh a chur i gcrích de réir an tsásra comhair atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS. Leagtar amach i sásra Airteagal 60 nós imeachta atá deartha chun cabhrú le cinntí a chur i gcrích trí chomhdhearcadh idir an Príomhúdarás Maoirseachta agus na hÚdaráis Eorpacha eile Cosanta Sonraí, ar a dtugtar údaráis mhaoirseachta lena mbaineann. I gcomhréir le RGCS agus leis an dualgas comhair dhílis atá air, oibríonn an Coimisiún i gcomhar lena chomhrialálaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ar fud an phróisis Fiosrúcháin ar fad. Trí shásra Airteagal 60, cumasaítear d'údaráis mhaoirseachta lena mbaineann a dtuairimí ar an bhfiosrúchán nó ar an ngearán (de réir mar a bheidh) a chomhroinnt leis an bpríomhúdarás maoirseachta, agus ní mór don phríomhúdarás maoirseachta aird chuí a thabhairt ar na tuairimí uathu. I gcás go gcuirtear na tuairimí sin in iúl i bhfoirm agóide ábhartha réasúnaithe, ní mór don phríomhúdarás maoirseachta aird a thabhairt ar na hagóidí sin tríd an dréachtchinneadh uaidh a leasú. Mura ndéanann sé é sin, ní mór dó na hagóidí a tharchur chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí lena gcinneadh aige de bhun an phróisis Réitigh Díospóide atá leagtha amach in Airteagal 65 RGCS.

## Cásanna Trasteorann Mórscála a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024

### **Meta Platforms Ireland Limited** (Meta): pasfhocail a stóráladh i bhformáid "gnáth-théacs"

Ghlac an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach uaidh san fhiosrúchán seo i mí Mheán Fómhair 2024. Scrúdaíodh san fhiosrúchán seo cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Meta na hoibleagáidí atá air faoi RGCS, go háirithe i ndáil le sáruithe sonraí pearsanta agus i ndáil le próiseáil shlán pasfhocal úsáideoirí. Tosaíodh an fiosrúchán seo tar éis do Meta sárú slándála a shainaithint sa bhliain 2019, áit ar stóráladh pasfhocail úsáideoirí gan chuimhneamh i bhformáid "gnáth-théacs" ar chórais inmheánacha Facebook (i.e., gan cosaint chripteagrafach ná criptiú cripteagrafach). Cinneadh gur sháraigh Meta Airteagal 33(1) agus 33(5) RGCS nuair a mhainnigh sé fógra a thabhairt don Choimisiún faoi shárú sonraí pearsanta agus nuair a mhainnigh sé doiciméadú a dhéanamh ar na sáruithe sonraí pearsanta a bhain le pasfhocail úsáideoirí a stóráil i ngnáth-théacs. Cinneadh freisin gur sháraigh Meta Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS nuair a mhainnigh sé bearta iomchuí a chur

chun feidhme chun slándáil iomchuí pasfhocal úsáideoirí a chinntiú. **Áiríodh leis an gCinneadh iomardú agus fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €91 mhilliún.**

*Is féidir mionsonraí faoin gcinneadh seo ar leathanach 47 den tuarascáil seo. .*

## LinkedIn Ireland Unlimited Company

Ghlac an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach uaidh san fhiosrúchán seo i mí Dheireadh Fómhair 2024. San fhiosrúchán seo, measúnaíodh a dhlíthiúla, a chothroime agus a thrédhearcaí a bhí an dóigh ar phróiseáil LinkedIn sonraí pearsanta a chuid ball san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe. Tosaíodh an fiosrúchán i mí Lúnasa 2018 tar éis gearán a fháil ó La Quadrature du Net, arb eagraíocht neamhrialtasach Fhrancach í. Rinneadh an gearán thar ceann na n-ábhar sonraí a ndearnadh difear dóibh faoin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 80(1) RGCS. Thángthas ar an gconclúid sa Chinneadh Críochnaitheach gur sháraigh LinkedIn Airteagail 5(1)(a), 6(1), 13(1)(c) agus 14(1)(c). Mar thoradh ar na sáruithe sin, **áiríodh leis an gCinneadh Críochnaitheach iomardú, ordú chun próiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht agus fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €310 milliún.**

*Is féidir mionsonraí faoin gcinneadh seo a fháil ar leathanach 48 den tuarascáil seo.*

## Meta Platforms Ireland Limited (Meta):
Token Breach Article 33

Bhí an fiosrúchán seo ar cheann amháin de dhá fhiosrúchán dá dheoin féin a d'oscail an Coimisiún i ndáil le sárú sonraí pearsanta a thuairiscigh Meta Platforms Ireland Limited (ar ar tugadh Facebook Ireland Ltd ag an am) i mí Mheán Fómhair 2018. Tháinig an sárú as airíochtaí úsáideora a oibriú ar ardán Facebook, arbh airíochtaí iad a dúshaothraíodh chun rochtain neamhúdaraithe a fháil ar chuntais úsáideora. **Rinne an sárú sin difear do thart ar 29 milliún duine d'úsáideoirí Facebook ar fud an domhain, a raibh thart ar 2.8 milliún duine díobh lonnaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**. Díríodh san fhiosrúchán seo ar a mhéid a comhlíonadh an oibleagáid atá ar an rialaitheoir fógra a thabhairt dá údarás maoirseachta faoi sháruithe sonraí pearsanta agus faisnéis ábhartha a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 33 RGCS. Sa Chinneadh uaidh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur sháraigh Meta Airteagal 33(3)(a) agus (c) agus Airteagal 33(5) RGCS.

D'eisigh an Coimisiún an Cinneadh uaidh i mí na Nollag 2024, **rud inar thug sé iomardú do Meta agus inar ordaigh sé dó fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €11 mhilliún a íoc.**

*Is féidir mionsonraí faoin gcinneadh seo a fháil ar leathanach 49 den tuarascáil seo. .*

## **Meta Platforms Ireland Limited (Meta):** Sárú Airíochtaí – Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus mar Réamhshocrú

Ba é seo an dara fiosrúchán de dheoin an Choimisiúin féin maidir leis an sárú i ndáil le hairíochtaí úsáideora ar thug Meta Platforms Ireland Limited fógra faoi i mí Mheán Fómhair 2018. Thosaigh an Coimisiún an fiosrúchán i mí Dheireadh Fómhair 2018, agus díríodh ann ar an oibleagáid atá ar an rialaitheoir faoi Airteagal 25 RGCS cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chinntiú. Sa Chinneadh uaidh a eisíodh an 12 Nollaig 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur mhainnigh Meta bearta agus coimircí iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun cosaint sonraí a chinntiú agus chun cearta ábhar sonraí a chosaint, mar a cheanglaítear le hAirteagal 25(1) RGCS. Chinn an Coimisiún freisin gur sháraigh Meta Airteagal 25(2) RGCS nuair a mhainnigh sé a chinntiú, mar réamhshocrú, nach ndéantar ach an t-íosmhéid sonraí pearsanta a phróiseáil ná a chur ar fáil do dhaoine eile gan idirghabháil ón ábhar sonraí. D'eisigh an Coimisiún an Cinneadh uaidh an 12 Nollaig 2024, **rud inar thug sé iomardú do Meta agus inar fhorchuir sé fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €240 milliún.**

*Is féidir mionsonraí faoin gcinneadh seo a fháil ar leathanach 50 den tuarascáil seo.*



Tháinig Des Hogan agus Dale Sunderland, Coimisinéirí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, agus Graham Doyle agus Gráinne Hawkes, Leas-Choimisinéirí, le chéile le Wojtek Wiewiorowski, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus lena Fhoireann.

# Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún maidir le Meta Platforms Ireland Limited (Meta): fiosrúchán de dheoin an Choimisiúin féin maidir le stóráil pasfhocal i bhformáid "gnáth-théacs"

An 21 Márta 2019, thug Meta Platforms Ireland Limited fógra don Choimisiún gur stóráil sé gan chuimhneamh pasfhocail úsáideoirí meán sóisialta i "ngnáth-théacs" ar a chórais inmheánacha (i.e., gan cosaint chripteagrafach ná criptiú cripteagrafach). Tráth a cuireadh é ar an eolas faoi na teagmhais sin i mí Eanáir 2019, tháinig Meta ar an tuairim nár shárú sonraí pearsanta de réir bhrí RGCS a bhí i bpasfhocail a logáil i ngnáth-théacs gan chuimhneamh. An 24 Aibreán 2019, thosaigh an Coimisiún fiosrúchán dá dheoin féin mar fhreagra ar an tsaincheist sin.

I gCinneadh Críochnaitheach a glacadh i mí Mheán Fómhair 2024, chinn an Coimisiún gur sháraigh Meta RGCS a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá air i ndáil le sáruithe sonraí pearsanta agus a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá air bearta a chur chun feidhme chun próiseáil shlán pasfhocal úsáideoirí a chinntiú.

Ba dheimhin leis an gCoimisiún gurbh ionann stóráil na bpasfhocal i "ngnáth-théacs" i gcórais inmheánacha Meta agus sárú sonraí pearsanta de réir bhrí RGCS. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún gur sháraigh Meta Airteagal 33(1) RGCS nuair a mhainnigh sé fógra a thabhairt don Choimisiún gan mhoill faoi shárú sonrach sonraí pearsanta **(a bhain leis na milliúin pasfhocal de chuid úsáideoirí san Aontas Eorpach)**, rud a d'aimsigh Meta an 31 Eanáir 2019.

Chinn an Coimisiún freisin gur sháraigh Meta Airteagal 33(5) RGCS nuair a mhainnigh sé doiciméadú a dhéanamh ar dhá shárú sonraí pearsanta a aimsíodh an 7 Eanáir 2019 agus an 31 Eanáir 2019.

Ar deireadh, cinneadh gur sháraigh Meta Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS nuair a mhainnigh sé bearta iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a bhí oiriúnach don riosca a chinntiú, lenar áiríodh an cumas chun rúndacht leanúnach pasfhocal úsáideoirí a chinntiú.

Chuir an Coimisiún dréachtchinneadh faoi bhráid na nÚdarás Maoirseachta eile lena mBaineann ar fud an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch i mí an Mheithimh 2024, i gcomhréir le hAirteagal 60 RGCS. **Ós rud é nach ndearna na húdaráis eile aon agóidí ábhartha réasúnaithe in aghaidh an dréachtchinnidh**, measadh gur aontaigh na rialálaithe uile san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch leis an gcinneadh ón gCoimisiún.

Sa Chinneadh Críochnaitheach, tugadh iomardú do Meta i leith na sáruithe ar RGCS, agus **forchuireadh fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €91 mhilliún**. Tá Meta tar éis achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh seo.

Is féidir an Cinneadh seo a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag

*Fiosrúchán ar Meta Platforms Ireland Limited - Meán Fómhair 2024* **QR4**

QR 4

# Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún maidir le LinkedIn Ireland Unlimited Company: a dhlíthiúla, a chothroime agus a thrédhearcaí a bhí an dóigh ar próiseáladh sonraí úsáideoirí le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe

I mí Dheireadh Fómhair 2024, ghlac an Coimisiún an Cinneadh Críochnaitheach uaidh, á chinneadh gur sháraigh LinkedIn Airteagail 5(1)(a), 6(1), 13(1)(c) agus 14(1)(c) RGCS. Bhain an Cinneadh lena dhlíthiúla, a chothroime agus a thrédhearcaí a bhí an dóigh ar próiseáladh sonraí bhaill ardán LinkedIn le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe. Ba é a bhí sna sonraí pearsanta a próiseáladh chun na gcríoch sin ná sonraí pearsanta a sholáthair a bhaill go díreach do LinkedIn (sonraí céadpháirtí) agus sonraí a fuair LinkedIn trína chomhpháirtithe tríú páirtí a bhaineann lena bhaill (sonraí tríú páirtí). Ba é a bhí i gceist leis an bpróiseáil freisin ná LinkedIn a bheith ag forbairt tuarascálacha anailísíochta comhiomlánaithe a bhí bunaithe ar shonraí a fuarthas ó chomhpháirtithe tríú páirtí trí phicteilín rianúcháin in éineacht le sonraí céadpháirtí. Sholáthair LinkedIn na tuarascálacha anailísíochta sin do chomhpháirtithe tríú páirtí ionas go mbeadh siad in ann spriocdhíriú ar bhaill LinkedIn ar bhealach níos éifeachtaí.

Rinneadh an Cinneadh tar éis fiosrúchán gearánbhunaithe a tosaíodh an 20 Lúnasa 2018, ag teacht sna sála ar ghearán a rinne La Quadrature du Net, eagraíocht neamhbhrabúis Fhrancach. Rinneadh an gearán ar dtús le hÚdarás Cosanta Sonraí na Fraince[4] agus soláthraíodh é ina dhiaidh sin don Choimisiún ina ról mar phríomhúdarás maoirseachta do LinkedIn. Chuir an Coimisiún dréachtchinneadh faoi bhráid na nÚdarás Maoirseachta eile lena mBaineann ar fud an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch i mí Iúil 2024. **Ós rud é nach bhfuarthas aon agóidí ábhartha réasúnaithe in aghaidh an dréachtchinnidh ón gCoimisiún**, measadh gur aontaigh na rialálaithe uile san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch leis an gcinneadh ón gCoimisiún.

Taifeadadh sa Chinneadh Críochnaitheach go ndearnadh roinnt sáruithe ar RGCS. Ar an gcéad dul síos, chinn an Coimisiún nár bhraith LinkedIn go bailí ar Airteagal 6(1)(a) RGCS (toiliú) chun sonraí tríú páirtí a bhall a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe ar an mbonn **nach raibh an toiliú a bhfuair LinkedIn é tugtha faoi shaoirse, sonrach nó feasach go leordhóthanach ná gan athbhrí.** Ar an dara dul síos, chinn an Coimisiún nár bhraith LinkedIn go bailí ar Airteagal 6(1)(b) RGCS (riachtanas conarthach) ná ar Airteagal 6(1)(f) RGCS (leasanna dlisteanacha) chun sonraí pearsanta céadpháirtí a bhall a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe. Ar an tríú dul síos, chinn an Coimisiún nár bhraith LinkedIn go bailí ar leas dlisteanach mar bhunús dlí chun sonraí pearsanta tríú páirtí a bhall a phróiseáil le haghaidh anailísíochta.

Chinn an Coimisiún freisin nár phróiseáil LinkedIn sonraí pearsanta le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe ar bhealach cóir agus **nár chomhlíon LinkedIn na hoibleagáidí trédhearcachta atá air** i ndáil leis an bhfaisnéis a sholáthair sé d'ábhair sonraí maidir leis an méid a bhí sé ag brath ar Airteagal 6(1)(a), Airteagal 6(1)(b) agus Airteagal 6(1)(f) RGCS mar bhunúis dhleathacha. Chinn an Coimisiún gur mhíthreorach a bhí meascán den mhainneachtain sin faisnéis dhóthanach trédhearcachta a sholáthar agus **de roinnt cleachtas éagórach agus go ndearna an méid sin difear don neamhspleáchas a bhí ag úsáideoirí rialú a fheidhmiú ar a** sonraí pearsanta**.**

D'fhorchuir an Coimisiún **fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €310 milliún** ar LinkedIn i leith na sáruithe a sainaithníodh sa Chinneadh Críochnaitheach. Ina theannta sin, d'fhorchuir an Coimisiún iomardú ar LinkedIn, agus d'ordaigh sé dó a phróiseáil a chur i gcomhréir le RGCS laistigh de chúpla mí. Tá LinkedIn tar éis achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh seo.

Is féidir an Cinneadh seo a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag
*Fiosrúchán ar LinkedIn Ireland Unlimited Company - Deireadh Fomhair 2024*

QR 5

[4] La Commission Nationale de l'Informatique et des Libertés ("CNIL").

# Achoimre ar na Cinntí ón gCoimisiún maidir leis an Sárú Airíochtaí ag Meta Platforms Ireland Limited (Meta)

D'oscail an Coimisiún an dá fhiosrúchán chomhcheangailte seo i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar fhreagra ar shárú sonraí pearsanta ar thug Meta Platforms Ireland Limited (ar ar tugadh Facebook Platforms Ireland Limited ag an am) fógra don Choimisiún faoi an 28 Meán Fómhair 2018. Tháinig an sárú as an dóigh ar úsáideadh airíochtaí úsáideora i ngnéithe áirithe d'ardán Facebook. Is ionann airíochtaí úsáideora agus cóid is féidir a úsáid chun úsáideoir ar leith a shainaithint le linn seisiún ar líne, chun rochtain a thabhairt don úsáideoir ar shonraí ag leibhéil iomchuí slándála agus chun na gnéithe a bhfuil rochtain ag an úsáideoir orthu a rialú.

Bhain an sárú le hairíochtaí a gineadh leis an ngné "View As" ar Facebook, rud lenar cumasaíodh d'úsáideoir a leathanach féin a fheiceáil mar a d'fheicfeadh úsáideoirí eile é. Nuair a úsáideadh an ghné sin i dteannta dhá ghné eile de chuid Facebook – "Happy Birthday Composer" agus seirbhís uaslódála físeáin Facebook – bhí daoine neamhúdaraithe in ann airíochtaí úsáideora a fháil lenar sainaithníodh iad féin mar úsáideoirí eile Facebook. Agus na hairíochtaí sin á n-úsáid acu, bhí na daoine neamhúdaraithe in ann rochtain a fháil ar shonraí pearsanta ar ardán Facebook, nó trí ardán Facebook, amhail is dá mba iad na húsáideoirí a sainaithníodh leis na hairíochtaí sin iad. Shainaithin Facebook, Inc. (ar a dtugtar Meta Platforms Inc. anois), máthairchuideachta Meta sna Stáit Aontaithe, méadú aimhrialta ar ghníomhaíocht a bhain lena seirbhís uaslódála físeáin, agus fuair sé amach gur tháinig an méadú sin as daoine neamhúdaraithe a bheith ag úsáid na ngnéithe thuasluaite chun airíochtaí úsáideora a ghiniúint. Tugadh fógra don Choimisiún faoi sin le ríomhphost a fuarthas go luath ar maidin an 28 Meán Fómhair 2018.

Cinneadh sna himscrúduithe a rinne Meta gur eascair an leochaileacht as feidhm nua uaslódála físeáin a tugadh isteach i mí Iúil 2017. Rinne innealtóirí Meta an leochaileacht a phaisteáil agus a réiteach an 28 Meán Fómhair 2018.

Sa chéad fhiosrúchán, scrúdaíodh a mhéid a bhí Meta ag comhlíonadh Airteagal 33 RGCS, lena gceanglaítear ar rialaitheoirí fógra a thabhairt dá n-údarás maoirseachta faoi sháruithe. Fuair an Coimisiún amach gur thug Meta fógra pras faoin sárú, agus laistigh den tréimhse 72 uair an chloig a fhorordaítear le hAirteagal 33(1). Chinn an Coimisiún, áfach, nár sholáthair Meta an fhaisnéis ar fad a bhí riachtanach chun Airteagal 33(3) a chomhlíonadh. Níor tugadh san fhógra mionsonraí dóthanacha chun cúis, cineál ná iarmhairtí dóchúla an tsáraithe, na catagóirí ábhar sonraí a ndearnadh difear dóibh ná an cineál taifead sonraí pearsanta lena mbaineann a shainaithint. Chuir an Coimisiún dréachtchinneadh faoi bhráid na nÚdarás Maoirseachta eile lena mBaineann ar fud an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch i mí Mheán Fómhair 2024, i gcomhréir le hAirteagal 60 RGCS. Ós rud é nach bhfuarthas aon agóidí ábhartha réasúnaith**e in aghaidh an dréachtchinnidh ón gCoimisiún,** measadh gur aontaigh na rialálaithe uile san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch leis an gcinneadh ón gCoimisiún.

Sa Chinneadh Críochnaitheach dar dáta an 12 Nollaig 2024, chinn an Coimisiún nach raibh Meta in ann, tráth an fhógra, faisnéis áirithe eile a cheanglaítear faoi Airteagal 33(3) RGCS a sholáthar, ar faisnéis í atá le soláthar "nuair is féidir". Dá réir sin, chinn sé nach ndearnadh aon sárú ina leith sin. Ar deireadh, chinn an Coimisiún nár choinnigh Meta doiciméid inmheánacha ar an sárú i gcomhréir leis an gcaighdeán a cheanglaítear le hAirteagal 33(5) RGCS. **D'eisigh an Coimisiún iomardú chuig Meta, agus d'ordaigh sé dó fíneáil riaracháin €8 milliún a íoc** i leith a sháraithe ar Airteagal 33(3) RGCS agus fíneáil riaracháin **€3 mhilliún** a íoc i leith a sháraithe ar Airteagal 33(5) RGCS.

Sa dara fiosrúchán, scrúdaigh an Coimisiún a mhéid a bhí Meta ag comhlíonadh Airteagal 25 RGCS, lena gceanglaítear cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Chuir an Coimisiún dréachtchinneadh faoi bhráid na nÚdarás Maoirseachta eile lena mBaineann ar fud an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch i mí Mheán Fómhair 2024, i gcomhréir le hAirteagal 60 RGCS. **Ós rud é nach ndearna na húdaráis eile aon agóidí ábhartha réasúnaithe in aghaidh an dréachtchinnidh,** measadh gur aontaigh siad leis an gcinneadh ón gCoimisiún.

Sa Chinneadh Críochnaitheach dar dáta an 12 Nollaig 2024, chinn an Coimisiún gur tháinig úsáid na n-airíochtaí rochtana lena mbaineann ag daoine neamhúdaraithe as mainneachtain Meta bearta a chur chun feidhme chun a chinntiú go ndéanann sé próiseáil ar chaoi a n-áirithíonn slándáil iomchuí sonraí pearsanta, mar a cheanglaítear le prionsabal na sláine agus na rúndachta atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(f) RGCS. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún gur sháraigh Meta Airteagal 25(1) RGCS, lena gceanglaítear bearta den sórt sin a dhéanamh le linn próiseáil a dhearadh agus próiseáil a oibriú araon.

Ceanglaítear le hAirteagal 25(2) RGCS nach bpróiseálfaí, mar réamhshocrú, ach sonraí pearsanta atá riachtanach chun gach críche sonraí atá leis an bpróiseáil agus go gcuirfeadh rialaitheoirí bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme chun an méid sin a chinntiú. In ionad na hairíochtaí úsáideora a dúshaothraíodh sa sárú seo a bheith srianta do na feidhmeanna teoranta ar lena n-aghaidh a bhí siad le húsáid, chinn an Coimisiún go raibh raon róleathan rochtana ann ar na hairíochtaí sin mar thoradh ar na cinntí deartha a rinne Meta maidir lena nginiúint. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, gur sháraigh Meta Airteagal 25(2). Sa dara fiosrúchán, **thug an Coimisiún iomardú do Meta, agus d'fhorchuir sé fíneáil riaracháin €130 milliún** i leith an tsáraithe ar Airteagal 25(1) RGCS agus fíneáil riaracháin **€110 milliún i leith an tsáraithe ar Airteagal 25(2) RGCS.**

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin gCinneadh seo a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag

*Gearrann Coimisiún na hÉireann um Chosaint* Sonraí *fíneáil €251 mhilliún ar Meta - Nollaig 2024* **QR 6**

**QR 6**

# Cásanna a tosaíodh nó inar iarradh ar na páirtithe ábhartha aighneachtaí a dhéanamh ar Dhréachtchinneadh, ar Réamh-Dhréachtchinneadh nó ar Ráiteas maidir le Saincheisteanna le linn na bliana 2024

## **MTCH Technology Services Limited** (MTCH) agus seirbhís Tinder

Scrúdaítear san fhiosrúchán seo de dheoin an Choimisiúin féin a mhéid atá an ceart atá ag ábhair sonraí chun a sonraí a rochtain faoi Airteagal 15 RGCS agus an ceart atá acu go ndéanfaí léirscriosadh faoi Airteagal 17 RGCS á gcomhlíonadh ag MTCH. Scrúdaítear go sonrach san fhiosrúchán cé acu atá nó nach bhfuil na hoibleagáidí atá air i ndáil le hiarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí á gcomhlíonadh ag MTCH agus cé acu atá nó nach bhfuil sonraí pearsanta úsáideoirí a bhaineann le hiarrataí léirscriosta sonraí á bpróiseáil ag MTCH i gcomhréir le prionsabail agus oibleagáidí RGCS. Fuarthas aighneachtaí ó MTCH mar fhreagra ar an Réamh-Dhréachtchinneadh. Bhí an ní fós ar siúl ag deireadh na bliana.

## **Meta Platforms Ireland Limited (Meta):** anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe Meta

Baineann an fiosrúchán seo le gearán i ndáil lena dhleathaí atá an dóigh a bpróiseáiltear sonraí pearsanta úsáideoirí sheirbhís Facebook le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe. Rinne La Quadrature du Net, arb eagraíocht Fhrancach tathanta digití é, an gearán atá i gceist a thaisceadh i gcomhar le hÚdarás Cosanta Sonraí na Fraince trí Airteagal 80 RGCS, ar faoina bhun a fhéadfaidh ábhar sonraí sainordú a thabhairt do chomhlacht neamhbhrabúis gearán a thaisceadh agus gníomhú thar a c(h)eann. Chuir an Coimisiún an tuarascáil fiosrúcháin deiridh uaidh i gcrích i mí Iúil 2024. Fuair sé aighneachtaí breise ón rialaitheoir sonraí i mí Lúnasa 2024. Bhí an ní fós ar siúl ag deireadh na bliana.

## **Google** PaLM 2 fiosrúchán ar shamhail intleachta saorga

Thosaigh an Coimisiún an fiosrúchán seo dá dheoin féin i mí Mheán Fómhair 2024 maidir leis an dóigh ar phróiseáil Google sonraí pearsanta ábhar sonraí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chun Pathways Language Model 2 (PaLM 2), an tsamhail bhunúsach intleachta saorga dá chuid, a fhorbairt. Baineann an fiosrúchán le cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Google aon oibleagáidí a bhí air measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh, de bhun Airteagal 35 RGCS, sular thosaigh sé ag próiseáil na sonraí pearsanta sin. Eisíodh fógra faoi fhiosrúchán a thosú chuig Google i mí Mheán Fómhair 2024, rud ina raibh roinnt ceisteanna. Fuarthas aighneachtaí ó Google i mí Dheireadh Fómhair 2024. Bhí an chéim um fhaisnéis a bhailiú fós ar siúl ag deireadh na bliana.

## **Ryanair DAC** Fiosrúchán

Thosaigh an Coimisiún an fiosrúchán seo dá dheoin féin i mí Dheireadh Fómhair 2024 maidir leis an dóigh a bpróiseálann Ryanair sonraí pearsanta (sonraí bithmhéadracha) mar chuid de na Próisis Fíorúcháin Custaiméirí do chustaiméirí a chuireann eitiltí Ryanair in áirithe trí shuíomhanna Gréasáin tríú páirtí nó trí Ghníomhairí Taistil Ar Líne.

Baineann an fiosrúchán leis an gcleachtas atá in úsáid ag Ryanair ina n-iarrann Ryanair fíorú aitheantais breise ar chustaiméirí a chuireann ticéid taistil in áirithe trí shuíomhanna Gréasáin tríú páirtí, in ionad iad a chur in áirithe go díreach ar shuíomh Gréasáin Ryanair. Fuair an Coimisiún roinnt gearán ó chustaiméirí Ryanair ar fud an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch maidir leis na modhanna fíorúcháin atá ar fáil do chustaiméirí, lena n-áirítear úsáid a bhaint as teicneolaíocht aghaidh-aitheanta ina n-úsáidtear sonraí bithmhéadracha custaiméirí. Eisíodh fógra faoi fhiosrúchán a thosú chuig Ryanair i mí Dheireadh Fómhair 2024, rud ina raibh roinnt ceisteanna. Fuarthas aighneachtaí ó Ryanair ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024. Bhí an chéim um fhaisnéis a bhailiú fós ar siúl ag deireadh na bliana.

# Cásanna a bhain le **gearánaigh aonair** agus ar chuir an Coimisiún i gcrích iad trí nós imeachta comhair an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2024

De bhreis ar na fiosrúcháin mhórscála sin, cuireann an Coimisiún cásanna trasteorann aonair i gcrích freisin trí nós imeachta comhair an Aontais Eorpaigh. Áirítear leis sin fógraí a thabhairt faoi thorthaí a baineadh amach i ngearáin a réitíodh go cairdiúil.

**Chuir an Coimisiún 115 chás den sórt sin i gcrích** sa bhliain 2024. Is féidir mionsonraí faoi na cásanna sin a léamh ar chlár cásanna Airteagal 60 ó EDPB. **Chuir an Coimisiún ceithre fhiosrúchán maidir le gearáin** trasteorann **i gcrích sa bhliain 2024** freisin.

# Cinntí gearánbhunaithe trasteorann a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024

## Airbnb Ireland UC

### Próiseáil dhleathach sonraí pearsanta chun críocha fíorúcháin céannachta

Baineann an fiosrúchán seo, a tosaíodh i mí na Nollag 2022, le gearán i ndáil le próiseáil dhleathach sonraí pearsanta chun críocha fíorúcháin céannachta, mar aon le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí.

D'áitigh duine aonair gur iarr Airbnb go neamhdhleathach cóip dá dhoiciméad aitheantais chun a chéannacht a fhíorú chun go bhféadfadh sé iarraidh léirscriosta a dhéanamh tar éis don duine aonair scor de phróiseas clárúcháin Airbnb. Líomhain an duine aonair freisin gur tharla sé, le linn dó clárú le hardán Airbnb, gur iarr Airbnb cóip dá aitheantas chun an próiseas clárúcháin a chur i gcrích. Thug an duine aonair a sheoladh ríomhphoist agus a uimhir theileafóin do Airbnb.

D'iarr an duine aonair ar Airbnb a shonraí pearsanta uile a léirscriosadh agus a chinntiú nár aistríodh aon sonraí chuig tríú páirtithe. Mar fhreagra air sin, áfach, d'iarr Airbnb cóip d'aitheantas an duine aonair chun a chéannacht a fhíorú chun go bhféadfadh sé an iarraidh léirscriosta a dhéanamh. Shoiléirigh Airbnb ina dhiaidh sin go raibh sé ag lorg cóip de dhoiciméad aitheantais arna eisiúint ag an Rialtas. Mheas an duine aonair nach raibh aon bhunús dlí ag an gceanglas sin agus gur shárú é ar an gceart a bhí aige go ndéanfaí a shonraí pearsanta a léirscriosadh. D'fhíordheimhnigh Airbnb céannacht an duine aonair ar deireadh trí logáil isteach cuntais, agus próiseáladh an iarraidh léirscriosta.

Áiríodh le raon feidhme an fhiosrúcháin cé acu a bhí nó nach raibh bunús dleathach ag Airbnb chun cóip d'aitheantas an ghearánaigh a iarraidh chun a chéannacht a fhíorú ionas go bhféadfadh sé an cuntas lena mbaineann a scriosadh, cé acu a sháraigh nó nár sháraigh an iarraidh ar an bhfaisnéis sin prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, agus cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh prionsabail na trédhearcachta agus an tsoláthair faisnéise áirithe nuair a bailíodh na sonraí pearsanta.

Ní bhfuarthas aon agóidí ábhartha réasúnaithe ó na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann tar éis an dréacht-Chinneadh ón gCoimisiún a chur faoi bhráid an tsásra comhair dá bhforáiltear le hAirteagal 60 RGCS. Thángthas ar an gconclúid sa Chinneadh a eisíodh i mí Eanáir 2024 nár bhunús dlí bailí é an leas dlisteanach ar bhraith Airbnb air mar bhunús dlí d'aitheantas an duine aonair a phróiseáil faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS (lena n-áirítear chun barántúlacht na hiarrata a fhíorú agus chun a chinntiú nach léirscriostar cuntais úsáideora go míchuí). Cé gur aithin an Coimisiún gur ann do na leasanna sin, chinn sé gur tharla sé, in imthosca an fhiosrúcháin seo, nár thaispeáin Airbnb go raibh an iarraidh uaidh ar aitheantas an ghearánaigh riachtanach nó comhréireach chun go bhféadfaí an iarraidh a dhéanamh. Chinn sé freisin go bhféadfaí an toradh sin a bhaint amach trí mhodhanna eile, amhail logáil isteach cuntais.

Chomh maith leis sin, chinn an Coimisiún gur sháraigh Airbnb prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, de bhun Airteagal 5(1)(c) RGCS, nuair a cheangail sé ar an ngearánach a chéannacht a fhíorú trí chóip dá aitheantas a chur isteach chun go bhféadfadh sé iarraidh léirscriosta a dhéanamh. Ba dheimhin leis an gCoimisiún gur chomhlíon Airbnb prionsabail na trédhearcachta agus an tsoláthair faisnéise faoi Airteagal 13(1) RGCS. I bhfianaise na sáruithe a sainaithníodh, d'eisigh an Coimisiún iomardú i gcomhréir leis na cumhachtaí atá aige faoi Airteagal 58(2)(b) RGCS.

Scoir Airbnb ina dhiaidh sin de chóip d'aitheantas a iarraidh chun iarrataí léirscriosta a fhíorú. Ina theannta sin, ag teacht sna sála ar ordú a rinneadh i gcinneadh roimhe sin ón gCoimisiún, dheimhnigh Airbnb don Choimisiún go ndearna sé athbhreithniú ar a bheartais agus a nósanna imeachta inmheánacha. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, ní iarrann sé ar úsáideoir aitheantas a sholáthar ach amháin i gcás nach bhfuil modhanna fíorúcháin nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna ó thaobh príobháideachta de ar fáil, agus é ag iarraidh a chinntiú nach mbeidh aon ábhair sonraí amach anseo thíos le sáruithe ar Airteagal 5(1)(c) RGCS a bheidh cosúil leo sin a tharla sa chás seo.

## **Apple Distribution International Limited:**
## A dhlíthiúla a bhí sé sonraí pearsanta a choinneáil tar éis iarraidh léirscriosta

Baineann an fiosrúchán seo, a tosaíodh i mí na Samhna 2022, le gearán á rá nár comhlíonadh i gceart iarraidh léirscriosta a rinneadh i leith aitheantas úsáideora ar chóras Apple. Bhain sé freisin leis an argóint á rá gur choinnigh Apple go neamhdhleathach seoladh ríomhphoist an duine aonair a bhaineann lena aitheantas ar chóras Apple. Scrúdaíodh san fhiosrúchán seo an bunús dlí a raibh Apple ag brath air chun luach haiseáilte sheoladh ríomhphoist an úsáideora aonair a choinneáil tar éis do Apple gníomh a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt don iarraidh léirscriosta.

Ní bhfuarthas aon agóidí ábhartha réasúnaithe ó na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann tar éis an dréacht-Chinneadh ón gCoimisiún a chur faoi bhráid an tsásra comhair dá bhforáiltear le hAirteagal 60 RGCS. Thángthas ar an gconclúid sa Chinneadh ón gCoimisiún a eisíodh i mí an Mhárta 2024 go raibh Apple, agus go bhfuil sé go fóill, i dteideal brath go bailí ar "leas dlisteanach" mar bhunús dlí don phróiseáil faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS chun luach haiseáilte sheoladh ríomhphoist an úsáideora a choinneáil tar éis na hiarrata léirscriosta, lenar áiríodh chun athchúrsáil ainmspásanna ag úsáideoirí a chosc, agus chun a chuid úsáideoirí a chosaint ar chalaois agus ar sháruithe slándála ag tríú páirtithe. Ba dheimhin leis an gCoimisiún nár shárú ar Airteagal 6 RGCS é an spleáchas a bhí ag Apple ar "leas dlisteanach" mar bhunús dlí. Ba dheimhin leis freisin gur chomhlíon Apple an iarraidh léirscriosta ón úsáideoir agus nár sháraigh sé Airteagal 12 ná Airteagal 17 RGCS. Sainaithníodh sáruithe trédhearcachta sa Chinneadh, áfach. Cinneadh ann gur sháraigh Apple Airteagal 13(1)(c) agus 13(1)(d) RGCS nuair a mhainnigh sé fógra a thabhairt don úsáideoir faoin rún a bhí aige luach haiseáilte a sheolta ríomhphoist a choinneáil ná faoin mbunús dlí do luach haiseáilte a sheolta ríomhphoist a choinneáil ná faoi na leasanna dlisteanacha i ndéanamh amhlaidh.

I bhfianaise na sáruithe a cinneadh a bheith ann, d'eisigh an Coimisiún iomardú chuig Apple á ordú dó aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh thrédhearcachta d'úsáideoirí sa doiciméad dar teideal "Apple ID Deletion Terms and Conditions" agus an méid sin a dhéanamh faoi thús mhí an Mheithimh 2024. D'ordaigh sé do Apple freisin mionsonraí a thabhairt faoi stádas críochnaithe an tionscadail a bhí ar bun aige chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tréimhse choinneála le haghaidh seoltaí ríomhphoist haiseáilte úsáideoirí agus an méid sin a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2024. Dheimhnigh Apple go cuí i mí na Nollag 2024 go raibh an tionscadal sin críochnaithe.

Léirítear sa chás seo an dóigh ar cinneadh i bhfiosrúchán gearánbhunaithe ón gCoimisiún gur mhainnigh rialaitheoir sonraí éifeacht a thabhairt do chearta duine aonair faoi RGCS, cé go ndearna an rialaitheoir sonraí iarracht déanamh amhlaidh. Mar thoradh ar an idirghabháil agus ar an gcaidreamh ón gCoimisiún, bhí an rialaitheoir in ann a théarmaí a athbhreithniú ar mhaithe le trédhearcacht agus soláthar faisnéise d'úsáideoirí a chinntiú. Bhí sé in ann freisin a chinntiú go bhfuil teorainneacha ama i bhfeidhm le haghaidh faisnéis a léirscriosadh nó le haghaidh athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh.

## Apple Distribution International Limited:
Iarraidh Rochtana ar Shonraí Pearsanta a bhí á sealbhú i gcuntas glasáilte

Tosaíodh an fiosrúchán seo i mí Feabhra 2023, agus bhain sé le hiarraidh rochtana a seoladh chuig Apple chun sonraí a fháil ar chuntas néalbhunaithe ar sheirbhísí an rialaitheora. Mhaígh an gearánach gur thug Apple neamhaird ar an iarraidh uaidh, agus thaisc sé gearán leis an gCoimisiún.

Mar chuid den phróiseas caidrimh, dúirt Apple gur thug sé freagra ar an iarraidh rochtana ón ngearánach gan mhoill agus go ndearna foirne Apple iarracht cabhrú leis an ngearánach a fhíorú go raibh sé i dteideal rochtain a fháil ar an néalchuntas. Ós rud é nach raibh an gearánach in ann dul trí na céimeanna slándála a bhí riachtanach chun rochtain a fháil ar an gcuntas, níor sholáthair Apple aon sonraí pearsanta dó.

Mhínigh Apple gur sholáthair sé faisnéis don ghearánach i gcomhréir le hAirteagal 15(1) agus 15(2) RGCS tríd an ngearánach a threorú chuig a bheartais ábhartha.

Maidir leis an gcuntas a bhí "díghlasáilte amach", an cuntas ar mhaígh an gearánach go raibh a shonraí pearsanta bainteach leis, dúirt Apple go bhfuil próiseas seanbhunaithe i bhfeidhm aige le haghaidh slándáil cuntais a chinntiú agus le haghaidh a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil duine aonair i dteideal rochtain a fháil ar shonraí a bhaineann le hainm úsáideora cuntais uathúil. Mheas Apple gur chuir sé sin ar a chumas déanamh de réir an cheanglais atá ar rialaitheoirí aitheantas daoine nádúrtha a dheimhniú sna himthosca atá leagtha amach in Airteagal 12(6) RGCS agus déanamh de réir na n-oibleagáidí slándála atá orthu faoi Airteagal 32 RGCS.

Sa chás seo, ní raibh an gearánach in ann rochtain a fháil ar ríomhphoist a bhain le seoladh a bhí nasctha leis an néalchuntas. Ní raibh ag an ngearánach ach oiread aon seoladh ríomhphoist tarrthála a d'fhéadfaí a úsáid chun cabhrú leis an gcuntas a athshlánú.

Sholáthair an duine aonair doiciméadacht aitheantais agus doiciméadacht eile do Apple, agus chreid sé gur leor an doiciméadacht sin chun a fhíorú cé acu a bhí nó nach raibh sé i dteideal rochtain a fháil ar na sonraí ar an gcuntas. Luaigh Apple, áfach, nár cheangail sé cóipeanna de chárta aitheantais ná de dhoiciméadacht oifigiúil eile le linn do dhuine clárú do chuntas chun a fhíorú gur soláthraíodh an t-ainm nó an dáta breithe go fírinneach nó go bhfuil cónaí ar an duine ag an seoladh a sholáthair sé/sí. Ní dhearna sé amhlaidh toisc, sa chomhthéacs seo, nach raibh Apple ag iarraidh aitheantas an chustaiméara a fhíorú. Ina ionad sin, ní raibh sé ag iarraidh ach sonraí áirithe a cheangal le custaiméir sonrach trí ainm úsáideora cláraithe a úsáid.

Ba é seasamh Apple gur dhócha gur díghlasáladh an cuntas amach mar thoradh ar dhintiúir mhíchearta shlándála a ionchur. Gan muinín a bheith aige gurbh ionann an duine agus úinéir an chuntais, mhaígh Apple nach bhféadfadh sé iarraidh rochtana a chomhlíonadh ná cearta eile cosanta sonraí a éascú.

Luaigh Apple go lagófaí a phróiseas slándála dá bhféadfadh aon duine cuntas a rochtain gan aon rochtain a bheith aige/aici ar an seoladh ríomhphoist a bhaineann leis an gcuntas nó gan é/í a bheith in ann ceisteanna bunúsacha slándála a fhreagairt. D'áitigh Apple gurbh é a bheadh i gceist le rochtain a cheadú in imthosca den sórt sin ná rochtain a thabhairt ar na sonraí pearsanta ar chuntas bunaithe ar mhaíomh ó dhuine amháin, gan aon mhodh soiléir a bheith ann chun a fhíorú cé acu a bhí nó nach raibh an iarraidh mailíseach.

Mheas Apple gurbh amhlaidh, sna himthosca sonracha, a bhí údar maith ann le cur chuige cúramach a ghlacadh i leith rochtain a thabhairt ar chuntas agus, go deimhin, mheas sé go mbeifí ag súil leis sin faoi RGCS.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh le linn an fhiosrúcháin, ba dheimhin leis an gCoimisiún gur chomhlíon Apple Airteagal 12(4) RGCS i ndáil leis an bhfreagra uaidh ar an iarraidh rochtana. Ba dheimhin leis an gCoimisiún freisin gur chomhlíon Apple ceanglais Airteagal 15(1) agus 15(2) i ndáil leis an bhfaisnéis a soláthraíodh don ghearánach.

Maidir leis an gceanglas atá in Airteagal 15(3) cóip a chur ar fáil de shonraí pearsanta atá á bpróiseáil, ba dheimhin leis an gCoimisiún gurbh é an t-aon mhodh amháin ina bhféadfadh Apple an chóip sin a chur ar fáil don ghearánach ná an gearánach féin a chumasú na sonraí a rochtain trí úsáid a bhaint as na dintiúir shlándála a soláthraíodh nuair a bunaíodh an cuntas. Ós rud é nach raibh aon fháil ag an ngearánach ar na dintiúir sin go fóill, ba é an t-aon rogha eile a bhí ar fáil ná Apple a bheith ag sárú a cheanglas slándála féin chun na sonraí a rochtain.

Sa Chinneadh uaidh i mí Feabhra 2024, chinn an Coimisiún gur láimhseáil Apple an iarraidh rochtana i gcomhréir le ceanglais Airteagal 12 agus Airteagal 15 RGCS agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Cuireadh an Dréachtchinneadh ón gCoimisiún faoi bhráid na nÚdarás Maoirseachta eile mar chuid de phróiseas Airteagal 60, agus ní bhfuarthas aon agóidí ábhartha réasúnaithe ina aghaidh.

Léirítear sa chás seo go dtarlaíonn sé, i gcásanna áirithe nach bhfuil duine aonair in ann na dintiúir riachtanacha shlándála a sholáthar chun a thaispeáint go bhfuil sé/sí i dteideal rochtain a fháil ar shonraí atá stóráilte i néalseirbhís, nach bhfuil aon oibleagáid ar an rialaitheoir ceanglais eile de RGCS a shárú, amhail na forálacha slándála, chun rochtain a cheadú ar chuntas faoi iarraidh rochtana de bhun Airteagal 15 RGCS.

## **Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún maidir le** Groupon Ireland Operations Limited (Groupon).

Fuair an Coimisiún gearán trí Údarás Maoirseachta Baden-Württemberg sa Ghearmáin, rud inar líomhain an gearánach go ndearna sé iarracht neamhrathúil iarraidh rochtana agus iarraidh léirscriosta a chur faoi bhráid Groupon trí úsáid a bhaint as na próisis a bhí fógartha ar shuíomh Gréasáin Groupon. Tar éis dó teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta, treoraíodh an gearánach chuig tairseach trína bhféadfadh sé iarraidh a chur isteach. Mar fhreagairt don iarraidh, d'iarr Groupon ar an ngearánach cóip de dhoiciméad aitheantais a sholáthar chun a chéannacht a fhíorú. Dhiúltaigh an gearánach déanamh amhlaidh.

D'athraigh Groupon a cheanglais aitheantais ina dhiaidh sin i mí Dheireadh Fómhair 2018, agus thug sé cuireadh don ghearánach iarraidh nua a chur isteach ionas go mbeadh Groupon in ann an iarraidh a phróiseáil i gcomhréir lena nósanna imeachta nua. Níor dheimhin leis an ngearánach go fóill, áfach, gur scriosadh a shonraí pearsanta uile ina n-iomláine ina dhiaidh sin de réir na hiarrata léirscriosta uaidh.

Scrúdaigh an Coimisiún an gearán chun a chinneadh (i) cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Groupon na hoibleagáidí ábhartha atá air faoi RGCS nuair a d'iarr sé aitheantas chun céannacht an ghearánaigh a fhíorú chun críocha na n-iarrataí rochtana agus léirscriosta bunaidh; agus (ii) cé acu a thaispeáin nó nár thaispeáin Groupon go cuí gur scriosadh sonraí pearsanta an ghearánaigh ina n-iomláine mar fhreagairt don iarraidh léirscriosta uaidh.

Rinne an Coimisiún scrúdú ar bhunachair sonraí Groupon chun an fhianaise ó Groupon maidir le léirscriosadh iomlán shonraí pearsanta an ghearánaigh a thástáil a thuilleadh. Le linn an chleachtaidh sin, dheimhnigh an Coimisiún nár tugadh sonraí pearsanta an ghearánaigh ar ais i ndáil le roinnt fiosruithe a iontráladh i mbunachair sonraí Groupon.

Chuir an Coimisiún an dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann tríd an sásra comhair dá bhforáiltear le hAirteagal 60 RGCS. Ós rud é nach bhfuarthas aon agóidí ábhartha réasúnaithe in aghaidh an dréachtchinnidh, measadh gur aontaigh na rialálaithe uile san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch leis an gcinneadh ón gCoimisiún.

Maidir le hAirteagal 5(1)(c), ina luaitear go mbeidh aon sonraí pearsanta a bhailítear leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil (íoslaghdú sonraí), chinn an Coimisiún gur sháraigh Groupon Airteagal 5(1)(c) nuair a cheangail sé ar an ngearánach ar dtús cóip dá aitheantas a sholáthar chun a chéannacht a fhíorú chun críocha na n-iarrataí rochtana agus léirscriosta uaidh, in imthosca inar chosúil nach bhfuarthas ná nár ceanglaíodh aon fhíorú den sórt sin chun cuntas a oscailt ar dtús agus ina raibh modh fíorúcháin nach raibh chomh sonraíbhunaithe céanna ar fáil do Groupon (ba é sin, an fíorú a dhéanamh tríd an seoladh ríomhphoist a bhaineann leis an gcuntas).

Chinn an Coimisiún gur sháraigh Groupon Airteagal 12(2) RGCS nuair a d'iarr sé fhaisnéis bhreise ar dtús maidir le céannacht an ghearánaigh tráth a rinne sé na hiarrataí rochtana agus léirscriosta uaidh, in imthosca nár thaispeáin sé iontu go raibh amhras réasúnach ann maidir le céannacht an ghearánaigh a d'fhágfadh go mbeadh gá ann le hAirteagal 12(6) RGCS a chur i bhfeidhm.

Chinn an Coimisiún freisin gur sháraigh Groupon Airteagail 15(1), 15(3) agus 17(1) RGCS nuair a mhainnigh sé, gan bunús dleathach, na hiarrataí rochtana agus léirscriosta tosaigh ón ngearánach a chomhlíonadh tráth a rinneadh iad, in imthosca inar cinneadh an iarraidh ó Groupon ar aitheantas fótagrafach (mar réamhriachtanas le freagairt do na hiarrataí rochtana agus léirscriosta tosaigh) a bheith ina sárú ar Airteagal 5(1)(c) RGCS.

Is le dleathacht na próiseála a bhaineann Airteagal 6(1) RGCS. Chinn an Coimisiún gur sháraigh Groupon Airteagal 6(1) RGCS nuair a lean sé le sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil tar éis don ábhar sonraí iarraidh air a shonraí pearsanta a léirscriosadh.

Maidir le cé acu a thaispeáin nó nár thaispeáin Groupon go cuí gur scriosadh sonraí pearsanta an ghearánaigh ina n-iomláine mar fhreagairt don iarraidh léirscriosta, cinneadh sa chinneadh ón gCoimisiún nach raibh aon sárú ann.

Glacadh an cinneadh críochnaitheach an 8 Márta 2024. Tugadh faoi deara sa chinneadh críochnaitheach sin nach gceanglaíonn Groupon aitheantas fótagrafach a thuilleadh chun céannacht ábhair sonraí a fhíorú ionas gur féidir le hábhar sonraí a c(h)earta a fheidhmiú faoi RGCS. Mar sin féin, d'eisigh an Coimisiún iomardú chuig Groupon freisin i bhfianaise na sáruithe a cinneadh a bheith ann faoi phointe (i).

# Forfheidhmiú Cumhachtaí Ceartaitheacha ar fheidhmigh an Coimisiún iad

## An Garda Síochána

Le cinneadh a eisíodh i mí na Nollag 2022 faoi bhun thrasuí na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí tríd an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ceanglaíodh ar an nGarda Síochána bearta cuí teicniúla agus eagrúcháin a chur chun feidhme i leith shlándáil na gClár Feasachán Faisnéise fisiciúil ar fud a líonra stáisiún. Rinneadh an cinneadh de bhun fiosrúchán a tosaíodh tar éis sárú sonraí inar tugadh rochtain neamh-mhaoirsithe do chonraitheoir leictreach ar stáisiún Gardaí agus inar phostáil sé íomhánna den Chlár Feasachán Faisnéise ar na meáin shóisialta. Áiríodh leis na sonraí pearsanta a nochtadh sa sárú sonraí sin faisnéis faoi chiontuithe coiriúla, faisnéis faoi dhaoine ar measadh go raibh siad ag gabháil don choiriúlacht, agus faisnéis faoin gcaidreamh idir daoine a bhí ina n-ábhar spéise don Gharda Síochána.

Mar fhreagra ar an gcinneadh, d’athbhreithnigh an Garda Síochána a bheartais rochtana, agus díchoimisiúnaíodh na Cláir Feasachán Faisnéise fhisiciúla uile faoi mhí na Bealtaine 2024.

## An Roinn Sláinte

D’eisigh an Coimisiún Cinneadh Críochnaitheach chuig an Roinn Sláinte i mí an Mheithimh 2023 tar éis fiosrúchán a dhéanamh ar an dóigh ar phróiseáil an Roinn sonraí pearsanta i 29 gcomhad dlíthíochta a bhain le héilimh ó ábhair sonraí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cinneadh go ndearnadh sárú ar Airteagal 5(1)(c) (íoslaghdú sonraí), ar Airteagail 6(1), 6(4) agus 9(2) (bunús dleathach agus coinníollacha le haghaidh sonraí catagóire speisialta a phróiseáil), ar Airteagal 14 (trédhearcacht), agus ar Airteagail 5(1)(f) agus 32(1) RGCS (slándáil próiseála sonraí). Áiríodh leis na bearta ceartaitheacha toirmeasc ar chatagóirí áirithe taifead a phróiseáil, fíneáil €22,500, agus iomardú. Dheimhnigh an chúirt an fhíneáil riaracháin, agus íocadh an fhíneáil i mí Lúnasa 2024. Dheimhnigh an Roinn i mí na Nollag 2024 gur folaíodh na comhaid nó gur baineadh iad mar ba ghá i gcomhréir leis an gCinneadh. Coinníodh ceann amháin de na comhaid, áfach, mar gheall ar é a bheith ina ábhar do dhlíthíocht bheo.

## **Facebook Ireland Limited (Facebook) (ar a dtugtar Meta Platforms Ireland Limited anois) (Meta):** próiseáil sonraí leanaí trí sheirbhís Instagram a n-oibríonn Facebook í

I mí Mheán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún Cinneadh Críochnaitheach maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí ar sheirbhís Instagram, á rá gur sháraigh Meta Airteagail 6(1), 5(1)(a), 5(1)(c), 12(1), 24, 25(1), 25(2) agus 35(1) RGCS. Leis an gCinneadh Críochnaitheach, forchuireadh fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €405 mhilliún ar Meta, tugadh iomardú do Meta, agus ordaíodh do Meta a phróiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht trí raon gníomhartha sonraithe feabhais a dhéanamh. Thionscain Meta imeachtaí dlí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an Chinnidh ón gCoimisiún.

Sholáthair Meta Tuarascáil maidir le Comhlíonadh don Choimisiún i mí na Nollag 2022, rud inar leagadh amach athruithe ábhartha ar a oibríochtaí próiseála. Scaip an Coimisiún an Tuarascáil sin ar na hÚdaráis Mhaoirseachta eile lena mbaineann lena breithniú acu.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na gníomhartha a leagadh amach sa Tuarascáil maidir le Comhlíonadh ó Meta, ní raibh an Coimisiún sásta le cineál agus méid na mbeart a glacadh i ndáil le húsáideoirí a bhí ann cheana:

- Cé gur thug Meta rogha isteach ó shin i leith chun cuntas a shocrú mar chuntas “poiblí” nó mar chuntas “príobháideach” agus cuntas á chlárú ar Instagram, thug an Coimisiún faoi deara nach raibh feidhm ag an bhfeabhsú sin ach amháin maidir le húsáideoirí nua, agus ní maidir le haon duine a chláraigh roimhe sin; agus
- Thug an Coimisiún faoi deara freisin gur tugadh rogha do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d’aois a úsáideann “Cuntais Ghnó” ar Instagram a gcuid faisnéise teagmhála fóin agus/nó ríomhphoist a fhoilsiú mar chuid dá bpróifíl. Níor dheimhin leis an gCoimisiún gur thaispeáin Meta go ndearna sé bearta chun laghdú a dhéanamh ar an riosca a eascraíonn as an ngné sin.

Mar thoradh ar thuilleadh caidrimh a dhéanamh leis an gCoimisiún, chuir Meta athruithe breise chun feidhme i mí na Nollag 2023:

- Cheangail Meta ar gach úsáideoir faoi bhun 18 mbliana d’aois a gcuntas a shocrú mar chuntas “poiblí” nó mar chuntas “príobháideach”; agus
- Chuir Meta deireadh leis an rogha a bhí ag úsáideoirí faoi bhun 18 mbliana d’aois a gcuid faisnéise teagmhála nach faisnéis a bhaineann le Instagram í a fhoilsiú.

Tar éis dul i gcomhairle leis na hÚdaráis Mhaoirseachta eile lena mbaineann maidir leis an measúnú a rinne an Coimisiún ar na bearta a ghlac Meta chun an t-ordú a chomhlíonadh, scoir an Coimisiún den Chinneadh a fhorfheidhmiú i mí na Nollag 2024.

## TikTok Technology Limited (TikTok): sonraí leanaí a phróiseáil trí sheirbhís TikTok

II mí Mheán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún Cinneadh Críochnaitheach maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí ar sheirbhís TikTok, á rá gur sháraigh TikTok Airteagail 5(1)(a), 5(1)(c), 5(1)(f), 12(1), 13(1)(e), 24(1), 25(1) agus 25(2) RGCS. Leis an gCinneadh Críochnaitheach, forchuireadh fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €345 mhilliún ar TikTok, tugadh iomardú do TikTok, agus ordaíodh do TikTok a phróiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht trí raon gníomhartha sonraithe feabhais a dhéanamh. Thionscain TikTok imeachtaí dlí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an Chinnidh ón gCoimisiún.

Sholáthair TikTok Tuarascáil maidir le Comhlíonadh don Choimisiún i mí na Nollag 2023, rud inar leagadh amach athruithe ábhartha ar a oibríochtaí próiseála. Scaip an Coimisiún an Tuarascáil sin ar na hÚdaráis Mhaoirseachta eile lena mbaineann lena breithniú acu.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an Tuarascáil maidir le Comhlíonadh ó TikTok, ní raibh an Coimisiún sásta le cineál agus méid na mbeart a glacadh. Chuir an Coimisiún in iúl do TikTok nach raibh feidhm ag na feabhsuithe seirbhíse maidir le húsáideoirí idir 16 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois a chláraigh leis sular cuireadh na hathruithe chun feidhme. Mar thoradh ar an gcaidreamh breise sin leis an gCoimisiún, chuir TikTok feabhsuithe breise chun feidhme i mí Eanáir 2024, agus é ag ceangal ar gach úsáideoir is leanbh idir 16 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois a gcuntas a shocrú mar chuntas "poiblí" nó mar chuntas "príobháideach".

## Meta Platforms Ireland Limited (Meta): Fógraíocht Iompraíochta ar sheirbhísí Instagram agus Facebook

Le linn na mblianta 2023 agus 2024, rinne an Coimisiún maoirseacht ar an dóigh ar comhlíonadh dhá ordú a rinneadh i mí na Nollag 2022 maidir le seirbhísí Facebook agus Instagram. Baineann na horduithe sin le cinntí a rinne an Coimisiún á rá nach bhféadfadh Meta brath ar Airteagal 6(1)(b) RGCS chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fógraíochta iompraíochta. Ba é a bhí i gceist leis an maoirseacht a rinne an Coimisiún ar an gcomhlíonadh sin ná measúnú a dhéanamh ar an dóigh ar bhraith Meta ina dhiaidh sin ar an mbunús dleathach arb éard é leasanna dlisteanacha faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS, agus níos déanaí fós, ar an dóigh ar bhraith sé ar an mbunús dleathach arb éard é toiliú faoi Airteagal 6(1)(a) RGCS. I mí na Samhna 2023, sheol Meta samhail nua toilithe inar tugadh rogha d'úsáideoirí síntiús a íoc chun seirbhísí Facebook agus Instagram a fháil gan aon fhógraí nó, mar mhalairt air sin, aontú le fógraí pearsantaithe agus neamhphearsantaithe a fháil chun na seirbhísí a úsáid gan aon táille.

I mí na Samhna 2024, d'fhógair Meta go dtabharfadh sé rogha nua eile do dhaoine san Aontas Eorpach Facebook agus Instagram a úsáid saor in aisce gan an líon céanna fógraí pearsantaithe a fháil. Ag deireadh na bliana, bhí an Coimisiún fós ag déanamh measúnú ar an ní sin i bhfianaise na samhla nuashonraithe.

## Comhairle Contae na Gaillimhe:
imscaradh teicneolaíochtaí faireachais ag údarás áitiúil

Ghlac an Coimisiún cinneadh críochnaitheach san fhiosrúchán seo i mí Lúnasa 2023. Tháinig an cinneadh sna sála ar iniúchadh cosanta sonraí inar scrúdaíodh raon saincheisteanna éagsúla, lenar áiríodh córais TCI, teicneolaíocht uathaitheanta uimhirphlátaí, agus ceamaraí éide. Cinneadh go ndearnadh sáruithe ar ailt 70, 71, 72, 75, 78, 82 agus 84 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus ar Airteagail 5(1)(a), 24(1) agus 35(1) RGCS. D'ordaigh an Coimisiún don Chomhairle a próiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht trí scor de phróiseáil neamhdhleathach trí TCI, trí chomharthaí a bhfuil foclaíocht chuí orthu a chur in airde agus trí bhearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun próiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht. Fuair an Coimisiún tuarascáil ina dhiaidh sin ón gComhairle inar tugadh breac-chuntas ar na gníomhartha a bhí déanta aici chun na bearta ceartaitheacha a chomhlíonadh.

Chun a chinntiú gur comhlíonadh ina n-iomláine na horduithe a bhí sa chinneadh críochnaitheach, rinne an Coimisiún cigireacht ar an láithreán i mí Feabhra 2024. Bhí an Coimisiún in ann a fhíorú gur chuir an Chomhairle na bearta a bhí leagtha amach sa tuarascáil maidir le comhlíonadh uaithi chun feidhme, amhail TCI neamhdhleathach a bhaint agus comharthaí cuí a chur in airde. Dá réir sin, ba dheimhin leis an gCoimisiún gur chuir an Chomhairle a hoibríochtaí próiseála i gcomhréir leis an gcinneadh críochnaitheach.

# 5

## Dlíthíocht



# Dlíthíocht

## Breithiúnais a Tugadh agus Orduithe Deiridh a Rinneadh sa bhliain 2024

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | Uimh. Thaifid Ard-Chúirte 2023/88 MCA | Julian de Spáinn v An Coimiusiún Um Chosaint Sonraí | Achomharc Reachtúil<br><br>An Ard-Chúirt | Breithiúnas ón Ard-Chúirt a tugadh an 31 Eanáir 2024<br><br>Order of the An Ard-Chúirt 11 Márta 2024 (as amended on 11 Meán Fómhair 2024) | Cuireadh na himeachtaí i gcrích |

**Toradh:**

Mar fhreagra ar Rún a thionscain an Coimisiún, rinne an Ard-Chúirt ordú lenar neamhníodh dhá chinneadh ón gCoimisiún agus lenar tarchuireadh na gearáin bhunúsacha chuig an gCoimisiún le haghaidh breithniú úr ar a bhfiúntas féin.

D'eascair na himeachtaí as gearáin a rinne an tUas. de Spáinn in aghaidh Bhanc na hÉireann agus Aer Lingus inar líomhnaíodh gur sháraigh na rialaitheoirí an ceart atá ag an Uas. de Spáinn go ndéanfaí ceartúcháin faoi Airteagal 16 RGCS trí dhiúltú do chomharthaí diaicritice (an síneadh fada go sonrach) a chur lena ainm agus lena sheoladh mar a bhí siad i gcórais TF na rialaitheoirí sonraí.

Réitíodh na gearáin i bhfabhar an rialaitheora sonraí, ar ina dhiaidh a thionscain an tUas. de Spáinn achomharc.

Chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé toilteanach na gearáin a athscrúdú as an nua agus, ar iarratas a fháil ón gCoimisiún, ghéill an Chúirt don togra sin.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **2** | Uimh. Thaifid Ard-Chúirte 2022 1823P | Gray, Meegan, Mullan, Mullins, Geary & Scanlan v An Coimisiún um Chosaint Sonraí, Ireland & The Attorney General, Grant Thornton (A Firm) and Grant Thornton Corporate Finance Limited | Imeachtaí Iomlánacha<br><br>An Ard-Chúirt | Breithiúnas ón Ard-Chúirt a tugadh an 21 Márta 2024<br><br>Ordú ón Ard-Chúirt dar dáta an 21 Márta 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích |

## Toradh:

Ar na cúiseanna a leagadh amach i mbreithiúnas a tugadh an 21 Márta 2024 (Stack J), chaith an Ard-Chúirt na himeachtaí amach ar an mbonn go raibh siad suaibhreosach agus cráiteach, nach raibh aon ionchas réasúnach ann go n-éireodh leo, agus go raibh sé cinnte go dteipfeadh orthu.

Ba é sárú sonraí ina ndearna Grant Thornton na sonraí pearsanta de chuid roinnt daoine aonair a eisiúint chuig tríú páirtí ba bhun leis na himeachtaí. Tháinig an iliomad imeachtaí as an sárú sonraí sin.

Chinn an Ard-Chúirt gurb amhlaidh, maidir leis na saincheisteanna a tarraingíodh anuas sna himeachtaí seo, a cinneadh iad cheana féin in imeachtaí ní ba luaithe nó a bhí siad ina n-ábhar d'imeachtaí breise nár cinneadh go fóill. Ar an gcúis sin, rialaigh an Chúirt go raibh na himeachtaí sin ina mí-úsáid próise i bpáirt ar a laghad.

Caitheadh na himeachtaí amach dá bhrí sin [agus d'ordaigh an Chúirt go n-íocfadh daoine áirithe de na gearánaithe a bhí páirteach san éisteacht, eadhon an chéad chosantóir, an dara cosantóir, an tríú cosantóir agus an cúigiú cosantóir, costais an Choimisiúin]. Rinne na gearánaithe iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh go díreach chuig an gCúirt Uachtarach in aghaidh an bhreithiúnais ón Ard-Chúirt. Diúltaíodh don iarratas sin le cinneadh ón gCúirt sin a rinneadh an 3 Meán Fómhair 2024.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| 3 | Uimh. Thaifid Ard-Chúirte 2022/ 283JR | Peter Nowak v An tSeirbhís Chúirteanna agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí (Fógrapháirtí) | Athbhreithniú Breithiúnach<br><br>An Ard-Chúirt | Breithiúnas ón Ard-Chúirt a tugadh an 20 Márta 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích |

**Toradh:**
Le hOrduithe a rinneadh an 23 Samhain 2021, dhíbh an Chúirt Chuarda ceithre achomharc ar leith a thionscain an tUas. Nowak in aghaidh cinntí ón gCoimisiún. Ina dhiaidh sin, rinne an tUas. Nowak iarracht achomharc a dhéanamh in aghaidh na nOrduithe ón gCúirt Chuarda. Chuige sin, seachadadh Fógraí Achomhairc do Phríomh-Oifig na hArd-Chúirte. Mar a tharla, dhiúltaigh an Phríomh-Oifig do ghlacadh leis na Fógraí Achomhairc ar na forais go raibh siad as am. Mar fhreagairt dó sin, thionscain an tUas. Nowak imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh in aghaidh na Seirbhíse Cúirteanna (inar ainmníodh an Coimisiún mar Fhógrapháirtí), inar cuireadh in aghaidh dhiúltú na Príomh-Oifige do ghlacadh lena Fhógraí Achomhairc.

Trí Bhreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 20 Márta 2024, dhiúltaigh an Ard-Chúirt (O'Donnell J) d'fhadú a chur leis an am chun na hachomhairc a chomhdú (á thabhairt faoi deara gur theip ar an tUas. Nowak a iarraidh ar an gCúirt fadú a chur leis an am nó gur dhiúltaigh sé do dhéanamh amhlaidh agus nach raibh aon bhunús fianaiseach eile ann ar a bhféadfaí é sin a dhéanamh).

Ordaíodh costais in aghaidh an Uas. Nowak.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| 4 | An Chúirte Achomhairc Thaifid Uimh. 2024/113 | Peter Nowak v Courts Service & An Coimisiún um Chosaint Sonraí (Notice Party) | Appeal of An Ard-Achomharc in aghaidh Breithiúnas ón Ard-Chúirt (maidir leis an Athbhreithniú Breithiúnach atá liostaithe ag Iontráil #3 thuas)<br><br>An Chúirte Achomhairc | Breithiúnas, an , 8 Samhain 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích |

**Toradh:**
Trí bhreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 8 Samhain 2024, dhíbh an Chúirt Achomhairc an t-achomharc a rinne an tUas. Nowak in aghaidh Breithiúnas agus Ordú ón Ard-Chúirt inar dhiúltaigh an Chúirt sin d'fhadú a chur leis an am chun achomharc a chomhdú ón Uas. Nowak in aghaidh sraith cinntí a rinne an Coimisiún mar fhreagra ar ghearáin a fuair sé ón Uas. Nowak. (Féach Iontráil #3 thuas).

Dhámh an Chúirt costais in aghaidh an Uas. Nowak.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **5** | An Chúirte Achomhairc Thaifid Uimh. 2023/280 | David Fox v An Coimisiún um Chosaint Sonraí | Achomharc ón Ard-Chúirt<br><br>An Chúirte Achomhairc | Breithiúnas ón gCúirte Achomhairc a tugadh an 25 Aibreán 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích |

## Toradh:

An 14 Samhain 2019, thug an Coimisiún um Chosaint Sonraí cinneadh i ndáil le gearán a rinne an tUas. Fox in aghaidh Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. De na seacht bponc a chuir an tUas. Fox in iúl sa ghearán uaidh, sheas an Coimisiún le ceithre cinn agus dhiúltaigh sé do thrí cinn.

Rinne an tUas. Fox achomharc ansin in aghaidh an chinnidh ón gCoimisiún diúltú do thrí cinn de na poncanna a bhí leagtha amach sa ghearán uaidh.

I mbreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 25 Aibreán 2022, dhiúltaigh an Chúirt Chuarda don achomharc. Chinn sí, bunaithe ar an bpróiseas breithniúcháin ina iomláine, go ndearna an Coimisiún breithniú cóir iomlán ar na heilimintí uile den ghearán agus gur tháinig sé ar chinneadh a bhí loighciúil agus iomchuí, agus aird á tabhairt ar an dlí sa réimse seo.

Ansin, rinne an tUas. Fox achomharc (ar phonc dlí) in aghaidh an Bhreithiúnais agus an Ordaithe ón gCúirt Chuarda. Sa bhreithiúnas uaithi an 25 Meán Fómhair 2023, dhíbh an Ard-Chúirt an t-achomharc, á lua gur mhainnigh an tUas. Fox aon phonc dlí a shainaithint. Dá réir sin, ní raibh aon dlínse ag an Ard-Chúirt ina leith. Chinn an Ard-Chúirt ar leithligh go raibh na poncanna a raibh an tUas. Fox ag iarraidh iad a tharraingt anuas san achomharc comhdhéanta díobh seo a leanas: (i) iarracht an próiseas a seoladh os comhair an Choimisiúin a sheoladh arís; agus (ii) iarraidh ar an gcúirt breith eile a thabhairt bunaithe ar dhearbhuithe loma nach raibh aon fhianaise ag gabháil leo.

Trí bhreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 25 Aibreán 2024, dhíbh an Chúirt Achomhairc an t-achomharc eile ón Uas. Fox in aghaidh an Bhreithiúnais ón Ard-Chúirt. Chinn an Chúirt nach mór go dteipfeadh ar an achomharc sin freisin ós rud é nach ndearnadh aon tagairt san fhógra achomhairc ón achomharcóir don chéad chinneadh ón Ard-Chúirt, ar chinneadh bunúsach é, inar luadh nach raibh aon dlínse aici aird a thabhairt ar an achomharc ón achomharcóir (toisc nár luadh aon phonc dlí san fhógra foriarratais). Mar sin féin, chuaigh an Chúirt ar aghaidh chun na poncanna a tharraing an tAchomharcóir anuas a bhreithniú, tar éis di a lua nár chás é seo ina bhféadfaí lochtanna san Fhógra Achomhairc a shábháil trí leasú a dhéanamh ar an doiciméad sin. Tharla sé sin toisc go mbeadh sé deacair, mura mbeadh sé dodhéanta, aon cheann de na forais a phléadáil an t-achomharcóir, nó aon cheann de na forais a tarraingíodh anuas in aighneachtaí, fiú, a athcheapadh mar phoncanna dlí. Chinn an Chúirt gurb amhlaidh go bunúsach a d'easaontaigh an tAchomharcóir leis an gcinneadh ón gCoimisiún agus a bhí sé ag iarraidh go nglacfadh an Chúirt ról an Choimisiúin agus go ndéanfadh sí breithniú ar an gcinneadh ón gCoimisiún as an nua agus ar a fhiúntas féin. Ní raibh aon achomharc den sórt sin ar fáil don Achomharcóir.

Dámhadh costais don Choimisiún.

Ansin, rinne an tAchomharcóir iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach. Diúltaíodh dó sin trí chinneadh ón gCúirt Uachtarach dar dáta an 19 Iúil 2024.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **6** | Uimh. Thaifid Ard-Chúirte 2022 339/ MCA | Meta Platforms Ireland Ltd v An Coimisiún um Chosaint Sonraí | Iarratas ar bhac<br><br>An Ard-Chúirt | Breithiúnas dar dáta an 10 Bealtaine 2024<br><br>Ordú dar dáta an 30 Bealtaine 2024 | Rinne an Coimisiún achomharc chuig an gCúirt Achomhairc in aghaidh an bhreithiúnais ón Ard-Chúirt.<br><br>Éisteadh an t-achomharc an 10 Feabhra 2025. Táthar ag feitheamh leis an mbreithiúnas. |

## Toradh:

Trí bhreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 10 Bealtaine 2024, ghéill an Ard-Chúirt d'iarratas ó Meta Platforms Ireland Limited (Meta) ar ordú lena gcuirfí ar atráth iomlán achomharc Meta (agus iomlán na n-imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh lenar bhain) in aghaidh cinneadh a rinne an Coimisiún an 25 Samhain 2022, go dtí go dtiocfar ar thoradh na n-imeachtaí ar leith a bhí os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh.

**Cúlra na n-imeachtaí**

Le cinneadh dar dáta an 25 Samhain 2022, rinne an Coimisiún cinntí áirithe in aghaidh Meta a d'eascair as sárú sonraí inar "scríobadh" na sonraí pearsanta de chuid 500 milliún úsáideoir, a bheag nó a mhór, ó ardán Facebook agus inar foilsíodh iad ar an Idirlíon.

Rinne an Coimisiún na horduithe seo a leanas i bhfeidhmiú a chumhachtaí ceartaitheacha:

1. Ordú lenar ordaíodh do Meta a phróiseáil a chur i gcomhréir laistigh de thréimhse trí mhí, trí bhearta sonraithe a dhéanamh chun sonraí na n-úsáideoirí a chosaint agus chun an riosca a bhaineann le sonraí den sórt sin a bheith "á scríobadh" ag tríú páirtithe a mhaolú;
2. Iomardú i leith na sáruithe a sainaithníodh sa Chinneadh; agus
3. Fíneálacha riaracháin €150 milliún agus €115 mhilliún, faoi seach.

Rinne Meta achomharc in aghaidh an chinnidh ón gCoimisiún agus d'eisigh sé imeachtaí comhuaineacha athbhreithnithe bhreithiúnaigh freisin. Thionscain Meta rún ansin inar lorgaíodh ordú lena gcuirfí na himeachtaí intíre ar atráth go dtí go ndéanfaí cinneadh críochnaitheach ar na himeachtaí ar leith a bhí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Chuir an Coimisiún in aghaidh an iarratais sin, á áitiú gur cheart an t-achomharc a chur ar aghaidh gan mhoill, cé is moite de ghné scoite amháin.

Tar éis éisteacht faoi chonspóid, chinn an Ard-Chúirt gur cheart an t-achomharc (agus na himeachtaí gaolmhara athbhreithnithe bhreithiúnaigh) a chur ar atráth ina n-iomláine chun fanacht le toradh na n-imeachtaí a bhí ar feitheamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

An 30 Bealtaine 2024, dhámh an Chúirt costais an iarratais ar atráth uaidh do Meta. Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún achomharc in aghaidh an Bhreithiúnais. Bhíothas ag fanacht le dáta éisteachta sa Chúirt Achomhairc ag deireadh na bliana.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **7** | An Chúirte Achomhairc Thaifid Uimh. 2023/282 | Johnny Ryan -v- An Coimisiún um Chosaint Sonraí & Google Ireland Ltd (mar Fhógrapháirtí) | Achomharc ón Ard-Chúirt<br><br>An Chúirte Achomhairc | 24 Meitheamh 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích |

## Toradh:

Trí bhreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 24 Meitheamh 2024, dhíbh an Chúirt Achomhairc an t-achomharc ón Uas. Ryan in aghaidh Breithiúnas agus Ordú ní ba luaithe ón Ard-Chúirt inar sheas an Ard-Chúirt le cinneadh (nós imeachta) ón gCoimisiún chun an fiosrúchán "dá dheoin féin" ar chórais fógraíochta ar líne Google um "thairiscint fíor-ama" a chur i gcrích sula ndéanfadh sé breithniú ar leithligh ar ghearán inar tharraing an tUas. Ryan saincheist eile anuas i ndáil leis na córais sin.

**Cúlra an achomhairc**

Tar éis don Choimisiún tús a chur le fiosrúchán dá dheoin féin ar chórais Google um Thairiscint Fíor-Ama, d'iarr an tUas. Ryan ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar leithligh ar ghearán inar tharraing an tUas. Ryan amhras ar dhlíthiúlacht gnéithe áirithe eile de na córais chéanna. Dhiúltaigh an Coimisiún dó sin a dhéanamh, agus é den tuairim go mbeadh sé níos éifeachtúla (agus níos éifeachtaí) an fiosrúchán dá dheoin féin a chur i gcrích sula mbreithneodh sé cé acu a rachadh nó nach rachadh sé ar aghaidh chun déileáil leis an agóid ar leith a tharraing an tUas. Ryan anuas.

Thionscain an tUas. Ryan imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorgaíodh orduithe lena gcuirfí iallach ar an gCoimisiún an gearán uaidh a imscrúdú.

I mBreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 28 Lúnasa 2023, dhíbh an Ard-Chúirt (Simons J) na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, á thabhairt faoi deara go dtugtar lánrogha d'údaráis mhaoirseachta le RGCS maidir leis an gcur chuige a ghlacann siad i leith imscrúduithe a sheicheamhú. Chinn an Chúirt freisin gur réasúnach agus comhréireach a bhí an cinneadh ón gCoimisiún an fiosrúchán dá dheoin féin a chur i gcrích ar dtús sula dtabharfadh sé aird ar an ngearán ón Iarratasóir.

I mBreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 24 Meitheamh 2024, sheas an Chúirt Achomhairc leis an mBreithiúnas ón Ard-Chúirt. Chinn an Chúirt nach raibh aon earráid ann sa chonclúid ón Ard-Chúirt gur comhréireach agus go mór faoin gcorrlach breithmheasa a cheadaítear d'údaráis mhaoirseachta a bhí an cinneadh ón gCoimisiún tús áite a thabhairt don fhiosrúchán dá dheoin féin agus láimhseáil an ghearáin ón Uas. Ryan a chur siar. Dámhadh costais don Choimisiún.

D'iarr an tUas. Ryan cead ansin chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach. Diúltaíodh don iarratas sin le cinneadh a rinneadh an 21 Deireadh Fómhair 2024.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **8** | Uimh. Thaifid Ard-Chúirte 2023/179 CA | Peter Nowak v An Coimisiún um Chosaint Sonraí | Achomharc ar phonc dlí<br><br>An Ard-Chúirt | Breithiúnas dar dáta an 2 Iúil 2024<br><br>Ordú an 8 Deireadh Fómhair 2024 | Rinne an tAchomharcóir achomharc eile chuig an gCúirt Achomhairc. Tá an t-achomharc sin liostaithe lena éisteacht an 18 Márta 2025. |

## Toradh:

Trí bhreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 2 Iúil 2024, dhíbh an Ard-Chúirt an t-achomharc a rinne an tUas. Nowak ar phonc dlí in aghaidh cinneadh ní ba luaithe ón gCúirt Chuarda.

Ba é gearán a rinne an tUas. Nowak sa bhliain 2010 ba bhun leis na himeachtaí seo. Ba é an toradh deiridh a bhí orthu ná Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inar chinn an Chúirt sin gurb amhlaidh, i bhfeidhmiú an chirt atá aige chun sonraí pearsanta a rochtain, a bhí an tUas. Nowak i dteideal rochtain a fháil ar a scripteanna scrúdaithe i ndáil le scrúduithe gairmiúla áirithe cuntasaíochta a rinne an tUas. Nowak roinnt blianta roimhe sin. Tamall tar éis don Uas. Nowak rochtain a fháil ar a scripteanna scrúdaithe sa bhliain 2018, d'áitigh sé nár thug an Coimisiún aghaidh ar ghnéithe áirithe eile den ghearán a rinne sé sa bhliain 2010. Shonraigh an tUas. Nowak sa bhliain 2020 na gnéithe a bhí i gceist. Le cinneadh dar dáta an 21 Aibreán 2022, rialaigh an Coimisiún in aghaidh an Uas. Nowak maidir le gach ceann de na gnéithe eile sin. Rinne an tUas. Nowak achomharc in aghaidh an chinnidh sin chuig an gCúirt Chuarda. Dhiúltaigh an Chúirt Chuarda don achomharc uaidh ar na cúiseanna a leagadh amach i mbreithiúnas i scríbhinn dar dáta an 9 Deireadh Fómhair 2023 (O'Connor J).

Rinne an tUas. Novak achomharc eile chuig an Ard-Chúirt (ar phonc dlí) ansin.

Trí bhreithiúnas i scríbhinn dar dáta an 2 Iúil 2024, dhíbh an Ard-Chúirt (Bradley J) an t-achomharc eile ón Uas. Nowak agus dhámh sí costais in aghaidh an Uas. Nowak.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **9** | Uimh. Thaifid Ard-Chúirte 2024/81 JR | Google Ireland Limited v An Coimisiún um Chosaint Sonraí | Athbhreithniú Breithiúnach<br><br>An Ard-Chúirt | Breithiúnas ón Ard-Chúirt a tugadh an 11 Deireadh Fómhair 2024.<br><br>Ordú dar dáta an 5 Samhain 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích. |

## Toradh:

An 23 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún tús le fiosrúchán ar shraith sé ghearán in aghaidh Google Ireland Limited, ó ábhair sonraí i roinnt tíortha Eorpacha, inar líomhnaíodh go raibh próiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta úsáideoirí i gceist le próisis Google um chuntais a oscailt.

Thionscain Google imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh inar líomhain sé gur neamhdhleathach a bhí an cinneadh ón gCoimisiún chun tús a chur lena fhiosrúchán toisc gur theip air, tráth dháta tosaithe an fhiosrúcháin, sraith ceisteanna a scrúdú agus a chinneadh go cinntitheach maidir le hinghlacthacht na ngearán.

Cé gur chinn an Chúirt nach raibh an fhaisnéis ábhartha agus riachtanach ar fad ag an gCoimisiún ag an am a chuir sé tús lena fhiosrúchán, chinn sí go raibh an Coimisiún i dteideal brath ar fhaisnéis a fuair sé ó na gearánaigh tar éis dháta tosaithe an fhiosrúcháin in imthosca ina mbeadh an fhaisnéis sin ar fáil don Choimisiún dá mba rud é go lorgódh sé rochtain uirthi ag an am cuí. Ar an mbonn sin, d'fheidhmigh an Chúirt a lánrogha chun ligean don fhiosrúchán leanúint ar aghaidh (seachas i gcás ceann amháin de na sé ghearán).

D'ordaigh an Chúirt don Choimisiún 70% de chostais Google a íoc.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **10** | Uimh. Thaifid Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath 2024/1054 | Owen V. McGinty v An Coimisinéir Cosanta Sonraí | Achomharc Reachtúil<br><br>An Chúirt Chuarda | Breithiúnas ón g An Chúirt Chuarda a tugadh an 15 Deireadh Fómhair 2024<br><br>Ordú ón gCúirt Chuarda dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích. |

## Toradh:

Trí Bhreithiúnas i scríbhinn a tugadh an 15 Deireadh Fómhair 2024, chinn an Chúirt Chuarda nach bhféadfaí achomharc a thionscain an tUas. McGinty in aghaidh cinneadh ní ba luaithe ón gCoimisiún a shaothrú toisc go raibh cosc ama air.

Eisíodh an cinneadh a bhí i gceist ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2024. Sa chinneadh sin, dhiúltaigh an Coimisiún do sheasamh le gearán a rinne an tUas. McGinty in aghaidh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre inarb amhlaidh, ag brath dó ar Airteagal 16 RGCS, a d'éiligh an tUas. McGinty go ndéanfaí leasuithe ar chinneadh reachtúil a rinne Oifigeach Comhionannais sa bhliain 2012 mar fhreagairt do ghearán ar leithligh agus i bhfad ní ba luaithe a rinneadh de réir na reachtaíochta comhionannais. (Fuarthas leasuithe den sórt sin ar na forais go raibh sonraí pearsanta míchruinne maidir leis an Uas. McGinty sa chinneadh ón Oifig Comhionannais).

Rinne an tUas. McGinty achomharc in aghaidh an chinnidh ón gCoimisiún chuig an gCúirt Chuarda ach comhdaíodh an t-achomharc go déanach. Chaith an Chúirt Chuarda an t-achomharc amach go cuí.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **11** | Uimh. Thaifid Ard-Chúirte 2024/411 MCA | An Coimisiún um Chosaint Sonraí v Twitter International Ltd. | Iarratas alt 134 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.<br><br>An Ard-Chúirt | 6 Lúnasa 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích. |

## Toradh:

An 8 Lúnasa 2024, thug an Coimisiún iarratas práinneach os comhair an Bhreithimh Leonie Reynolds san Ard-Chúirt faoi alt 134 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, inar iarr sé ar an gCúirt toirmeasc a chur ar an bpróiseáil a bhí á déanamh ag X ar shonraí pearsanta a bhí i bpostálacha poiblí de chuid úsáideoirí X san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chun 'Grok', an uirlis intleachta saorga uaidh, a oiliúint.

Ba é sin an chéad uair riamh a thionscain an Coimisiún imeachtaí faoi alt 134, ar foráil den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, é lena gceadaítear don Choimisiún, i gcás go measfaidh sé go bhfuil gá práinneach le gníomhú d'fhonn cearta agus saoirsí ábhar sonraí a chosaint, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena gceanglófar ar an rialaitheoir sonraí an phróiseáil sonraí pearsanta a fhionraí, a shrianadh nó a thoirmeasc.

Ba dheimhin leis an gCúirt go raibh práinn i gceist leis an iarratas ón gCoimisiún sa chás seo.

Mar fhreagra ar an iarratas, chomhaontaigh X le gealltanais áirithe a thabhairt don Chúirt chun a phróiseáil ar chorpas sainaitheanta sonraí pearsanta a chur ar fionraí.

Ba dheimhin leis an gCúirt gur chomhlíon na gealltanais a bhí i gceist an staid maidir leis na sonraí a bhí i gceist a chosaint go dtí go mbeadh na himeachtaí ina n-ábhar do chinneadh ón gCúirt.

An 4 Meán Fómhair 2024, nuair a tháinig an ní ar ais os comhair na Cúirte, caitheadh na himeachtaí amach tar éis do X a chomhaontú leanúint le cloí go buan le téarmaí na ngealltanas a tugadh an 8 Lúnasa 2024.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreithiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **12** | Uimh. Thaifid Cúirte Achomhairc 2024/17 | Martin Meany v An Coimisiún um Chosaint Sonraí | An Chúirt Achomhairc (Achomharc in aghaidh Ordú Costas ón Ard-Chúirt) | Ordú dar dáta an 1 Lúnasa 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích |

## Toradh:

An 3 Deireadh Fómhair 2022, thionscain an tUas. Meany imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in aghaidh an Choimisiúin, á líomhnú gur theip air cinneadh a eisiúint maidir le gearán a chomhdaigh an tUas. Meany leis an gCoimisiún i ndáil le húdaráis áirithe Eaglaise.

Cinneadh na himeachtaí a bheith gan bhunús nuair a thug an Coimisiún an cinneadh uaidh an 23 Meitheamh 2023 maidir leis an ngearán ón Uas. Meany. (Níor seasadh leis an ngearán). Roimh an dáta sin, chuir an Coimisiún in iúl don Uas. Meany nach ndéanfadh sé cinneadh ar an ngearán uaidh go dtí go mbeadh fiosrúchán dá dheoin féin curtha i gcrích aige ar an gcéad dul síos maidir le láimhseáil taifead Eaglaise níos ginearálta laistigh de dheoisí áirithe sa Stát.

I mbreithiúnas ex tempore a tugadh an 20 Nollaig 2023, d'ordaigh an Ard-Chúirt go gcaithfí na himeachtaí amach toisc go raibh siad gan bhunús. D'ordaigh sí nár cheart aon ordú a bheith ann maidir le costais.

Dá réir sin, rinne an tUas. Meany achomharc in aghaidh na gné costas den Ordú sin chuig an gCúirt Achomhairc. Le toiliú, d'aontaigh an Chúirt Achomhairc (an 1 Lúnasa 2024) le hordú a dhéanamh lena n-ordófaí:

1. go gcaithfí an t-achomharc amach; agus
2. go n-íocfadh an Coimisiún costais an Achomharcóra sna himeachtaí Ard-Chúirte (ar a bhfuil Uimh. Thaifid 2022/820JR) suas go dtí dáta an bhreithiúnais ex tempore a tugadh an 20 Nollaig 2023.
3. nach ndéanfaí aon ordú maidir le costais i ndáil leis na himeachtaí Cúirte Achomhairc.

| Uimh. | Thaifid Uimh. | Teideal | Cineál caingne agus ionad | Dáta an Bhreit-hiúnais/an Ordaithe | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|---|---|
| **13** | Uimh. Thaifid Cúirte Cuarda 2023/ 05049 | Sonzic Francis v Na Coimisinéirí Cosanta Sonraí agus Dyson Ireland Ltd, Briscoes Electrical Arnotts agus Arnotts Brown Thomas mar Fhógrapháirtithe | Achomharc Reachtúil<br><br>An Chúirt Chuarda | An Chúirt Chuarda Ordú dar dáta an 14 Bealtaine 2024 | Cuireadh na himeachtaí i gcrích |

## Toradh:

Rinne Sonzic Francis Uas. achomharc reachtúil, ag airbheartú agóid a dhéanamh in aghaidh "cinneadh" ón gCoimisiún.

An 14 Bealtaine 2024, rinne an Chúirt Chuarda ordú inar díbheadh an t-achomharc ó Sonzic Francis Uas. in imthosca inar chinn an Chúirt nach raibh cinneadh déanta ar an ngearán bunúsach ó Sonzic Francis Uas. ach go raibh an gearán á imscrúdú go gníomhach fós ag an gCoimisiún.

Chinn an Chúirt Chuarda nach raibh aon dlínse aici chun déileáil leis an achomharc in imthosca nach raibh aon chinneadh déanta fós ag an gCoimisiún iontu.

Ní dhearnadh aon ordú maidir le costais.

# 6

## Maoirseacht



# Maoirseacht

Is é an cúigiú sprioc de Straitéis Rialála an Choimisiúin ná tacú le heagraíochtaí agus comhlíonadh a bhrú chun cinn. Trí chaidreamh maoirseachta a dhéanamh le heagraíochtaí i ngach earnáil, cuirtear ar chumas an Choimisiúin a thuiscint conas a phróiseálann siad sonraí pearsanta agus conas a chloíonn siad leis na ceanglais chomhlíonta atá orthu mar rialaitheoirí sonraí.  Tá sé sin ag teacht leis an gcúram atá ar an gCoimisiún mar údarás maoirseachta faoi RGCS cur leis an bhfeasacht atá ag eagraíochtaí ar na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu. Trí chaidreamh a dhéanamh ar an mbealach sin, is féidir leis an gCoimisiún tacú le heagraíochtaí saincheisteanna féideartha cosanta sonraí a shainaithint agus iad ag forbairt táirgí nó seirbhísí nua agus comhairle a thabhairt maidir le réitigh comhlíonta dea-chleachtais a chur chun feidhme a luaithe is féidir, ar aon dul leis an bprionsabal um chosaint sonraí trí dhearadh. Gabhann díriú ar leith leis an obair sin i gcásanna inarb é an Coimisiún an Príomhúdarás Maoirseachta é agus ina bhféadfaidh sé dul i mbun plé agus caidrimh le cuideachtaí a bhfuil sé beartaithe acu táirgí nó seirbhísí nua a sheoladh i margadh an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.

Glacann an Coimisiún cur chuige cumarsáideach oscailte i leith na n-eagraíochtaí a rialálann sé agus i leith comhlachtaí ionadaíocha earnála, líonraí oifigeach cosanta sonraí agus reachtóirí mar phríomh-mhodh le haghaidh comhlíonadh, cuntasacht agus mórchultúr feasachta cosanta sonraí a bhrú chun cinn.

Trí chaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le heagraíochtaí le linn dóibh oibríochtaí nua próiseála sonraí nó tionscadail nua phróiseála sonraí a dhearadh, cuirtear ar chumas an Choimisiúin tathant láidir a dhéanamh ar son na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair a sheasamh trí sháruithe féideartha a mhaolú sula dtarlaíonn siad. Cé go mbíonn an obair sin dian ar acmhainní, baintear torthaí níos fearr amach do dhaoine aonair mar chustaiméirí, mar úsáideoirí seirbhíse agus mar shaoránaigh nuair a thugtar tacaíocht d'eagraíochtaí agus nuair a bhrúitear comhlíonadh chun cinn.

Más dealraitheach le linn aon chaidrimh leis an bhfeidhm maoirseachta gur féidir go bhfuil an eagraíocht ag sárú an dlí cosanta sonraí, nó gur dócha go sáróidh sí í, féadfaidh an Coimisiún gníomh forfheidhmithe ábhartha a dhéanamh. Is é an toradh atá ar an gcur chuige sin ná go dtacaítear le hiarrachtaí an Choimisiúin acmhainní a spriocdhíriú ar na réimsí inar féidir an leas is fearr a bhaint astu, ar bhealach rioscabhunaithe, agus inar féidir leo torthaí níos fearr a tháirgeadh do gach geallsealbhóir.

## Bhí **757** n-imeacht caidrimh maoirseachta ag an gCoimisiún le linn na bliana 2024.

| | | |
|---|---|---|
| Forfheidhmiú an Dlí **14** | An Earnáil Sláinte **81** | An Earnáil Phoiblí **40** |
| Carthanais/ Comhlachtaí Deonacha **30** | Leanaí/ Teaghlaigh **43** | An Earnáil Phríobháideach & Airgeadais **121** |
| An Earnáil Teicneolaíochta Ilnáisiúnta **421** | Eile **7** | Iomlán **757** |

Ina theannta sin, ar fud na n-earnálacha uile, ghlac an Coimisiún páirt in **291** chruinniú maoirseachta le heagraíochtaí sa bhliain 2024. Is féidir a thabhairt faoi deara ón tábla thuas gur leis an earnáil ilteicneolaíochta a dhéanann an Coimisiún sciar suntasach dá chaidreamh. Is éard atá i gceist leis an gcaidreamh réamhghníomhach sin ná comhairliúchán, caidreamh agus gníomh leantach a dhéanamh go tráthrialta leis na rialaitheoirí lena mbaineann agus le comhrialálaithe an Choimisiúin ar mhaithe le comhsheasmhacht rialála a chinntiú ar fud an Aontais Eorpaigh.



# Comhairliúchán ar Reachtaíocht

Ceann de na príomhfheidhmeanna reachtúla atá ag an gCoimisiún is ea réamhchomhairliúchán a dhéanamh ar bhearta reachtacha a bhaineann le próiseáil sonraí. Ceanglaítear le RGCS agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, araon ar Ranna Rialtais dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le haon bhearta reachtacha nó rialála a mbeidh próiseáil sonraí i gceist leo. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás go gcruthófar leis an reachtaíocht bunús dlí nua do phróiseáil sonraí pearsanta ag comhlachtaí nó gníomhaireachtaí poiblí.

Sa phróiseas comhairliúcháin sin, oibríonn an Coimisiún i gcomhar leo sin atá ag dréachtú reachtaíochta chun a chinntiú gur soiléir agus beacht atá an reachtaíocht lena gceanglaítear próiseáil sonraí pearsanta agus go bhfuil éifeacht intuartha ag an reachtaíocht sin. Ina theannta sin, i gcás go mbeidh reachtaíocht mar bhonn agus mar thaca ag an bpróiseáil sonraí pearsanta, féachann an Coimisiún lena chinntiú go bhfuil sé soiléir go mbeidh an phróiseáil sin riachtanach chun cuspóir soiléir leasa phoiblí a bhaint amach agus go mbeidh sí comhréireach leis an aidhm a shaothrófar léi.

I gcás gur gá déanamh amhlaidh chun ceanglais RGCS a chomhlíonadh, go háirithe i gcás go bhfuil catagóirí speisialta sonraí pearsanta i gceist, tugann an Coimisiún comhairle maidir le conas is féidir le bearta reachtacha coimircí a chur chun feidhme chun cearta agus saoirsí na ndaoine aonair lena mbaineann a chosaint. Ina theannta sin, cabhraíonn an Coimisiún lena chinntiú go gcomhlíonann aon srian beartaithe ar ábhair sonraí i reachtaíocht nua ceanglais Airteagal 23 RGCS. Ní mór aon srian den sórt sin a bheith riachtanach agus comhréireach maidir le leas poiblí soiléir a choimirciú agus éirim na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha a urramú.

**Thug an Coimisiún treoir agus barúlacha maidir le 56 bheart reachtacha bheartaithe sa bhliain 2024, lenar áiríodh iad seo a leanas:**

1. An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2024;
2. An tAcht um Chóras Uathrollaithe Coigiltis Scoir, 2024;
3. An Bille um Fhaisnéis Sláinte, 2024;
4. An Bille Meabhair-Shláinte, 2024;
5. Bille an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) (Leasú);
6. I.R. Uimh. 216/2024 - An tOrdú um Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023 (Cód Cleachtais), 2024; agus
7. Bille Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024.

# Caidreamh Rialála

## Údaráis áitiúla agus TCI

Le linn na bliana 2024, lean an Coimisiún le treoir agus tacaíocht a thairiscint d'údaráis áitiúla maidir leis an dóigh a n-úsáideann siad TCI agus feistí eile taifeadta chun dul i ngleic le cionta áirithe dramhaíola agus le cionta áirithe truailliú bruscair, tar éis cóid chleachtais reachtúla a chur chun feidhme do na gníomhaíochtaí sin sa bhliain 2023. Lean an Coimisiún freisin le fiosrúcháin a dhéanamh ar an dóigh a raibh TCI á úsáid ag údaráis áitiúla áirithe (féach Tuarascáil Bhliantúil 2023).

## TCI agus Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí

I mí Iúil 2024, fuair an Coimisiún iarraidh comhairliúcháin ó Údarás Áitiúil (Comhairle) maidir le scéim bheartaithe TCI pobail. Ar aon dul leis na hoibleagáidí atá uirthi faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, rinne an Chomhairle measúnú tionchair ar chosaint sonraí, agus chomhroinn sí an measúnú sin leis an gCoimisiún lena athbhreithniú aige. Leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, rialáiltear próiseáil sonraí pearsanta chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Seachas RGCS, is í an Treoir sin an chuid ábhartha den chreat reachtach um chosaint sonraí a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí ag Comhairlí chun críocha forfheidhmithe dlí.

Sa mheasúnú tionchair uaithi, shainaithin an chomhairle i gceart dhá riosca a d'fhéadfadh teacht as an scéim TCI. Is éard a bhí i gceist leis na rioscaí sin ná faireachas iomarcach a dhéanamh ar dhaoine den phobal agus faireachán féideartha a dhéanamh ar dhaoine aonair laistigh de theaghaisí príobháideacha. A mhéid a bhaineann le maoluithe, áfach, luadh sa mheasúnú tionchair ón gComhairle go raibh an-tóir áitiúil ann ar an scéim TCI, agus moladh ann go ndéanfaí “breithniú ar aiseolas ón bpobal” mar réiteach féideartha ar na rioscaí sainaitheanta sin.

Sa fhreagra uaidh, chuir an Coimisiún in iúl nár chosúil gur leor an maolú beartaithe sin, toisc gur thug sé le tuiscint go maolófaí go huathoibríoch rioscaí do chearta ábhar sonraí dá dtacódh an pobal áitiúil leis an bpróiseáil.

Ba iad na moltaí a thug an Coimisiún don Chomhairle ná bearta a chur chun feidhme lena dtabharfaí aghaidh go hinbhraite ar na rioscaí sainaitheanta. Áiríodh leo sin ceamaraí a athshuí ionas nach ndéanfaí faireachas iomarcach ar limistéir a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, agus an líon ceamaraí a laghdú chun limistéir a chumhdach a mheastar a bheith fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna oird phoiblí agus sábháilteachta a sainaithníodh sa scéim.

Cé go bhfuil fiúntas ag baint le tuairimí geallsealbhóirí, lena n-áirítear an pobal, a lorg mar chuid de phróiseas an mheasúnaithe tionchair ar chosaint sonraí, léirítear sa sampla seo nach féidir rioscaí do chearta agus saoirsí daoine aonair a tharscaoileadh i dteannta a chéile trí chomhairliúchán poiblí agus trí chomhairliúchán poiblí amháin. An fíoras go bhfuil an-tóir áitiúil ann ar an scéim TCI, ní fhágann sé nach bhfuil aon oibleagáid ar údaráis áitiúla a thuilleadh breithniú géar a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do na daoine aonair lena mbaineann ná nach bhfuil aon oibleagáid orthu coimircí éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun faireachas/faireachán iomarcach ar dhaoine aonair a chosc.



## TCI agus Trédhearcacht

I mí Mheán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún ceist ó Chomhairle maidir le méid a cuid oibleagáidí comharthaí a chur suas lena gcuirtear in iúl don phobal go bhfuil scéim TCI i bhfeidhm sa bhaile contae. Cé go luaitear sna cóid chleachtais ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil gur cheart comharthaí a bheith suite "ag gach ceamara nó i ndlúthghaireacht dóibh", chuir an Chomhairle imní in iúl nach mbeadh sé sin cuí agus go bhféadfadh sé cur as do chuspóir na scéime.

Mhol an Chomhairle cur chuige malartach trína gcuirfí comharthaí móra suas ar bhóithre a théann isteach sa bhaile, ar chomharthaí iad lena dtabharfaí rabhadh go bhfuil TCI i bhfeidhm ag láithreacha neamhshonraithe i lár an bhaile. Sa fhreagra uaidh, luaigh an Coimisiún gur chosúil go raibh an cur chuige malartach sin ag teacht salach ar ghnáthbhrí na gcód, lena léirítear na hoibleagáidí trédhearcachta atá ar an gComhairle faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Chuir an Coimisiún in iúl don Chomhairle gur cheart di comharthaí cuí a chur in airde ag gach láthair ina bhfuil TCI imscartha, ar aon dul leis an gceart atá ag na daoine aonair lena mbaineann fógra cuí a fháil faoi phróiseáil a gcuid sonraí.

Léirítear sa sampla seo an tábhacht a bhaineann le faisnéis leordhóthanach trédhearcachta a thabhairt don phobal maidir le húsáid TCI.

> Cruthaíonn aon mhainneachtain comharthaí cuí a chur i bhfeidhm do TCI an riosca go ndéanfar faireachas ceilte gan chuimhneamh.

Is rud neamhdhleathach é faireachas ceilte i bhformhór na gcásanna, agus níor cheart é a úsáid ach amháin in imthosca fíor-eisceachtúla, mar gheall ar an leibhéal méadaithe cur isteach ar chearta na ndaoine aonair lena mbaineann atá i gceist leis. Ní raibh na tograí ón gComhairle comhlíontach sa chás seo toisc go raibh sé mar aidhm leo an t-idirdhealú sin a fhágáil doiléir trí gan leibhéal réasúnach faisnéise a thabhairt don phobal faoi láthair TCI.

## TCI agus Caitheamh Bruscair

I mí Mheán Fómhair 2024, tháinig an Coimisiún ar an eolas faoi thuairiscí sna meáin á maíomh go raibh toirmeasc ar údaráis áitiúla TCI a úsáid chun cionta caitheamh bruscair agus cionta bainistíochta dramhaíola a imscrúdú ar fhorais cosanta sonraí, ach amháin i gcás gur úsáideadh mótarfheithicil chun an cion a dhéanamh. D'eascair an maíomh sin as agallamh a rinneadh le hoifigeach de chuid Comhairle inar pléadh an dóigh a raibh an Chomhairle ag cur chun feidhme na gcód cleachtais a thug an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil chun críche le déanaí.

Agus amhras air gur eascair an maíomh sin as míthuiscint de chineál éigin, rinne an Coimisiún teagmháil leis an gComhairle chun an scéal a shoiléiriú. In ionad an Chomhairle a bheith den tuairim go raibh toirmeasc dlíthiúil uirthi píosaí scannáin TCI a úsáid chun cionta den sórt sin a imscrúdú, tháinig sé chun solais gur beag luach imscrúdaithe a bhíonn ag baint le píosaí scannáin TCI de ghnáth i gcás nach ann d'aon fhaisnéis (amhail pláta ceadúnais feithicle) is féidir a nascadh go díreach le duine aonair in-sainaitheanta. Sa dlí cosanta sonraí, ní ann d'aon ní lena gcuirtear toirmeasc ar údarás áitiúil píosaí scannáin TCI a úsáid chun dumpáil neamhdhleathach a imscrúdú bunaithe ar cé acu a bhí nó nach raibh mótarfheithicil á hoibriú ag an duine atá faoi

dhrochamhras. Mar sin féin, léirítear sa chás seo cén fáth nár cheart féachaint ar TCI mar réiteach "uileghabhálach" ar an dúshlán a bhaineann le dul i ngleic le cionta bainistíochta dramhaíola agus le cionta truailliú bruscair. Féadfaidh údaráis áitiúla, agus ba cheart dóibh, TCI a úsáid a mhéid atá sé éifeachtach go hoibiachtúil sna himthosca agus mar chuid de raon níos leithne beart.

Mar a léirítear sna cás-staidéir thuas, tá rún daingean ag an gCoimisiún cabhrú le húdaráis áitiúla TCI a úsáid ar bhealach atá comhlíontach ó thaobh cosaint sonraí de. Fáiltíonn sé roimh an bhfíoras go dtairbhíonn siad anois de chreat dlíthiúil soiléir le haghaidh na huirlisí sin a úsáid faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, agus faoin Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, ar nithe iad a tugadh isteach go sonrach chun saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu i gcinntí ón gCoimisiún a leigheas.


## Forfheidhmiú an Dlí agus Ceamaraí Éide – Iascach Intíre Éireann

Ceann de na príomhthéamaí ar phléigh an Coimisiún leo sa bhliain 2024 ba ea caidreamh a dhéanamh le roinnt comhlachtaí poiblí maidir leis an dóigh a raibh siad ag glacadh agus ag imscaradh feistí taifeadta, amhail ceamaraí éide agus teicneolaíocht ladrainn, chun tacú lena ngníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí. Mar a léirítear sna samplaí seo a leanas, féachann an Coimisiún le linn an caidreamh sin a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil bunús dlí cuí i bhfeidhm roimh ré ag na comhlachtaí poiblí lena mbaineann ionas go mbeidh na coinníollacha maidir le húsáid na bhfeistí sin soiléir, beacht agus intuartha do na daoine aonair lena mbaineann.
I mí Feabhra 2024, fuair an Coimisiún iarraidh comhairliúcháin ó Iascach Intíre Éireann maidir le tionscadal píolótach a bhaineann le ceamaraí éide a bheith á gcaitheamh ag baill foirne. Shainaithin Iascach Intíre Éireann gá gnó le ceamaraí éide a imscaradh chun ciapadh agus imeaglú a bhall foirne a dhíspreagadh i gcomhthéacs cigireachtaí agus chun na píosaí scannáin a bhailítear a úsáid chun cionta a imscrúdú agus a ionchúiseamh faoin reachtaíocht iascaigh.

Thug an Coimisiún faoi deara go raibh an tionscadal píolótach ag ardchéim dá fhorbairt: fuair Iascach Intíre Éireann na feistí agus d'eagraigh sé oiliúint foirne cheana féin. Chaith an Coimisiún súil ar na hábhair a soláthraíodh. Cé gur chuir Iascach Intíre Éireann raon beartas agus coimircí i bhfeidhm le haghaidh na ceamaraí a úsáid, thug an Coimisiún faoi deara nár chosúil go raibh bunús dlí cuí aige don phróiseáil bhunúsach sonraí pearsanta faoin reachtaíocht iascaigh reatha.

Chun go bhféadfadh sé ceanglais an dlí cosanta sonraí a chomhlíonadh, chuir an Coimisiún in iúl go mbeadh ar Iascach Intíre Éireann bunús dlí a shainaithint lena dtugtar de chumhacht go sainráite dó feistí móibíleacha taifeadta a oibriú ar mhaithe lena fheidhmeanna forfheidhmithe dlí a chur i gcrích. Samplaí de bhunúis dlí den sórt sin a mbaineann údaráis eile forfheidhmithe dlí in Éirinn leas astu is ea na cóid chleachtais atá á n-ullmhú ag an nGarda Síochána faoi Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023, agus na cóid chleachtais ar ullmhaigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil iad faoin Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022.

Mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, Iascach Intíre Éireann in ann bunús dlí den sórt sin a chur i bhfeidhm, chinn an Coimisiún gur dhócha nach bhféadfadh sé ach úsáid theoranta a bhaint as na feistí sin chun sábháilteacht agus leas a chuid fostaithe a chosaint. Chinn an Coimisiún freisin nach bhféadfaí aon phíosaí scannáin a bhaileofaí a choinneáil agus a úsáid chun cionta iascaigh a imscrúdú.
Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint le caidreamh a dhéanamh le hIascach Intíre Éireann sa bhliain 2025 maidir le bunús dlí soiléir a bhunú d'úsáid dhleathach Ceamaraí Éide ag a oifigigh údaraithe.



## Forfheidhmiú an Dlí agus ceamaraí éide – An Garda Síochána

I mí an Mhárta 2024, chuaigh an Garda Síochána i gcomhairle go foirmiúil leis an gCoimisiún maidir leis an dréachtchód cleachtais uaidh le haghaidh imscaradh ceamaraí éide faoi Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú críochnúil ar an dréachtchód. Áiríodh leis sin cuairt a thabhairt ar Cheanncheathrú an Gharda Síochána chun breathnú ar an teicneolaíocht agus í in úsáid agus chun measúnú a dhéanamh ar a chuí atá na coimircí teicniúla agus eagrúcháin atá i bhfeidhm. Ina thuairim ar an gcód, leag an Coimisiún béim ar a thábhachtaí atá sé go soláthrófaí sa chód dóthain mionsonraí faoi na himthosca ina n-úsáidfeadh comhaltaí den Gharda Síochána ceamaraí éide.

Teastaíonn na mionsonraí sin chun go mbeidh an cód ina bhunús dlí bailí do phróiseáil sonraí pearsanta a chomhlíonann ceanglais na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Dá mbeadh sa chód deiridh teanga atá ró-neamhbheacht, ar teanga í nach léirítear inti ach treoir nó ráitis dea-chleachtais, bheadh riosca ann go bhféadfaí agóid dhlíthiúil a dhéanamh in aghaidh an chóid féin agus in aghaidh aon chiontuithe atá bunaithe ar phíosaí scannáin ceamara.

Bhí an próiseas comhairliúcháin sin leis an nGarda Síochána fós ar siúl ag deireadh na bliana chun a chinntiú go gcumasófaí leis an gcód deiridh do chomhaltaí den Gharda Síochána na huirlisí sin a úsáid ar bhealach atá comhlíontach ó thaobh cosaint sonraí de.

.

## Forfheidhmiú an Dlí – Úsáid Teicneolaíochta Ladrainn ag na Coimisinéirí Ioncaim

I mí Lúnasa 2024, tháinig an Coimisiún ar an eolas trí thuairiscí sna meáin go raibh sé beartaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim tionscadal píolótach a sheoladh maidir le teicneolaíocht ladrainn a úsáid chun tacú lena bhfeidhmeanna forfheidhmithe custaim. Chuir an Coimisiún tús le próiseas comhairliúcháin neamhfhoirmiúil leis na Coimisinéirí Ioncaim chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscadal píolótach sin agus faoin mbunús dleathach don phróiseáil. Cé go raibh an próiseas sin fós ar siúl ag deireadh na bliana, chuir an Coimisiún in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim a thábhachtaí atá sé a chinntiú go bhfuil bunús dlí sách láidir acu do na teicneolaíochtaí sin a úsáid ionas go bhféadfaí iad a úsáid ar bhealach inbhuanaithe san fhadtéarma.

Aithníonn an Coimisiún an luach a bhaineann le húsáid feistí móibíleacha agus iniompartha taifeadta ag údaráis forfheidhmithe dlí, agus tá rún daingean aige tacú leis na húdaráis sin uirlisí den sórt sin a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhlíontach ó thaobh cosaint sonraí de.

Mar a léirítear sna samplaí thuas, tá sé thar a bheith tábhachtach, maidir le haon údarás poiblí atá ag smaoineamh faoi na huirlisí sin a ghlacadh, go gcinnteodh sé go bhfuil bunús dlí cuí i bhfeidhm aige roimh thús na próiseála.

Ní hé amháin go gcruthóidh aon mhainneachtain déanamh amhlaidh riosca tromchúiseach do chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann, ach cuirfidh sí i mbaol sábháilteacht aon chiontuithe coiriúla atá bunaithe ar fhianaise a bailíodh leis na huirlisí sin freisin. Is ceadmhach uirlisí den sórt sin a úsáid chun críocha forfheidhmithe dlí faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí a luaithe a chomhlíontar ceanglais an dlí cosanta sonraí.

## Teicneolaíocht Aghaidh-Aitheanta

I mí an Mheithimh 2024, ghlac an Coimisiún páirt in imeacht comhchéime ar chomhordaigh an Chomhairle um Chearta an Duine é maidir le húsáid Teicneolaíochta Aghaidh-Aitheanta i bhforfheidhmiú an dlí. D'fhreastail geallsealbhóirí eile ó Éirinn agus ó áiteanna thar lear ar an imeacht sin, lenar áiríodh ionadaithe ó Aontas Saoirsí Sibhialta Mheiriceá. Ag an imeacht, bhí deis ann plé a dhéanamh ar chásanna gabhála agus coinneála éagóraí i gcás go bhfuil earráidí i dtáirgí Teicneolaíochta Aghaidh-Aitheanta ina gcúis le fórsaí póilíneachta a bheith ag sainaithint daoine aonair go mícheart mar dhaoine atá faoi dhrochamhras i leith coir nach ndearna siad ar chor ar bith.

Bhí an plé sin luachmhar don Choimisiún mar chuid den bhreithniú níos leithne ar an úsáid a bhaintear as Teicneolaíocht Aghaidh-Aitheanta sa phóilíneacht i gcomhthéacs chomhairliúchán reachtúil an Choimisiúin ar Bhille an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) (Leasú), 2023, rud a bhfuil i gceist leis rochtain a thabhairt don Gharda Síochána ar an teicneolaíocht sin. A mhéid a bhaineann le haon Teicneolaíocht Aghaidh-Aitheanta a chur chun feidhme in Éirinn, chuir an Coimisiún in iúl don Gharda Síochána le linn na bliana 2024 a thábhachtaí atá sé a chinntiú go gcuirfear san áireamh na himpleachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag an teicneolaíocht sin do dhaoine aonair agus do ghrúpaí daoine, lena n-áirítear mionlaigh, agus go gcuirfear coimircí dóthanacha i bhfeidhm ansin chun aon riosca a eascróidh as úsáid na teicneolaíochta sin agus as próiseáil sonraí pearsanta sa chomhthéacs sin a mhaolú.

## Seimineáir Ghréasáin do Chumann na hÉireann um Chomhairleoireacht agus Síciteiripe

Ar aon dul le Sprioc 5 de Straitéis Rialála an Choimisiúin don tréimhse 2022-2027, ina ngealltar tacú le heagraíochtaí de gach méid agus comhlíonadh a bhrú chun cinn, sholáthair an Coimisiún roinnt seisiún ar líne a bhí saincheaptha do charthanais agus d'eagraíochtaí deonacha san earnáil cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh le linn na bliana 2024. Trí na seisiúin sin, cuireadh leis an gcaidreamh a rinne an Coimisiún sa bhliain 2023, agus tugadh aghaidh go díreach ar na dúshláin cosanta sonraí atá le sárú ag an earnáil neamhbhrabúis. Áiríodh leis sin dhá sheimineár Gréasáin do bhaill de Chumann na hÉireann um Chomhairleoireacht agus Síciteiripe.

Cumhdaíodh sna seimineáir Ghréasáin sin topaicí ríthábhachtacha amhail sáruithe sonraí, iarrataí ar fhaisnéis othar ó chomhlachtaí forfheidhmithe dlí amhail an Garda Síochána, agus iarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí ó chliaint. Dearadh gach seisiún chun a bheith idirghníomhach, áit a raibh deis ag na rannpháirtithe ceisteanna a chur, eispéiris a chomhroinnt, a n-ábhair imní a chur in iúl agus léargais fíor-ama a fháil, agus foghlaim idir piaraí á héascú dá bharr sin. Bhí ardleibhéil rannpháirtíochta ann sna seimineáir Ghréasáin. **D'fhreastail 400 duine ar an meán ar gach seisiún**, agus iad ag déanamh ionadaíocht do raon éagsúil carthanas, eagraíochtaí deonacha agus cleachtóirí neamhspleácha ó gach cuid den tír.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na cleachtóirí, chuir an Coimisiún doiciméad cuimsitheach Ceisteanna Coitianta le chéile bunaithe ar na saincheisteanna a dúisíodh le linn na seimineár Gréasáin. Is acmhainn leanúnach é an doiciméad sin, ina dtugtar aghaidh ar ábhair imní choitianta agus ina dtugtar treoir phraiticiúil maidir le comhlíonadh cosanta sonraí. Ba thar a bheith dearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas ó na rannpháirtithe, agus **90% díobh ag rá gur tháinig feabhas mór ar an tuiscint atá acu ar a bhfreagrachtaí cosanta sonraí mar thoradh ar na seimineáir Ghréasáin.** Bhí cuid mhór de na rannpháirtithe buíoch as an inneachar saincheaptha agus as deis a fháil dúshláin earnáilsonracha a phlé. Ní hé amháin gur tháinig feabhas ar fheasacht comhlíonta de bharr an tionscnaimh seo, ach neartaíodh caidreamh an Choimisiúin leis an earnáil carthanas dá bharr freisin, rud a réitíonn an bealach le haghaidh tacaíocht níos spriocdhírithe a thabhairt sa todhchaí.

Leanfaidh an Coimisiún le hobair i gcomhar le comhlachtaí ionadaíocha san earnáil carthanas agus dheonach le linn na bliana 2025 ar mhaithe le teacht ar dheiseanna le haghaidh caidreamh réamhghníomhach a dhéanamh agus le haghaidh comhlíonadh a mhéadú.

## Suirbhé spóirt

Tar éis dó tús a chur le scrúdú cuimsitheach ar shaincheisteanna cosanta sonraí sa spórt sa bhliain 2023, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach ar thuiscint a ghnóthú ar an tírdhreach casta próiseála sonraí i spóirt ghairmiúla agus i spóirt amaitéaracha araon in Éirinn. Ar aon dul le Sprioc 3 den Straitéis Rialála, dhírigh an Coimisiún ar an dóigh a láimhseáiltear sonraí leanaí agus ar an úsáid mhéadaitheach a bhaintear as an teicneolaíocht chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun críocha eile.

Chun tuiscint a ghnóthú ar an bhfeasacht cosanta sonraí atá ag na príomhghníomhaithe sa réimse seo, d'eisigh an Coimisiún ceistneoir chuig 110 gclub ó spóirt mhór-rannpháirtíochta ar fud na hÉireann i mí Feabhra 2024, lenar áiríodh Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Pheil na mBan, Cumann Rugbaí na hÉireann, agus Cumann Peile na hÉireann. Dearadh an suirbhé sin chun an staid reatha ó thaobh comhlíonadh cosanta sonraí de a mheasúnú agus chun léargais níos doimhne a fháil ar an gcaidreamh idir na páirtithe éagsúla a bhfuil baint acu leis an spórt agus a gcuid socruithe um chomhroinnt sonraí. Cumhdaíodh sa cheistneoir réimsí ríthábhachtacha amhail an úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht chun sonraí feidhmíochta imreoirí a bhailiú agus a anailísiú, críocha na próiseála sonraí, agus trédhearcacht cleachtas láimhseála sonraí, agus béim ar leith á cur ar an dóigh a gcuirtear leanaí agus daoine óga ar an eolas faoi phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta.

Nochtadh roinnt ábhar imní i bhfionnachtana an tsuirbhé: **thuairiscigh níos mó ná 40% de na freagraithe nach raibh aon bheartais fhoirmiúla um chosaint sonraí i bhfeidhm acu.** I gcás leath na n-eagraíochtaí a ndearnadh suirbhé orthu, ní raibh aon nósanna imeachta i bhfeidhm acu chun ábhair sonraí a chumasú a gcearta a fheidhmiú. Ina theannta sin, thug 39% díobh sin a bhailíonn sonraí feidhmíochta le fios nach raibh a fhios acu go bhfuil sonraí den sórt sin aicmithe mar shonraí catagóire speisialta. Áiríodh iad seo a leanas leis na saincheisteanna eile a tháinig chun cinn arís agus arís eile: sceidil choinneála a bheith in easnamh; easpa tuisceana ar shonraí catagóire speisialta (go háirithe sonraí sláinte); agus oiliúint neamhleor ar fhreagrachtaí cosanta sonraí.

Áireofar leis na chéad bhearta eile a dhéanfaidh an Coimisiún dul i dteagmháil le comhlachtaí rialaithe agus le heagraíochtaí spóirt chun cabhrú le treoir shaincheaptha a fhorbairt do chlubanna agus do dhaoine den phobal araon. Rachaimid i mbun mórchaidrimh le geallsealbhóirí mar chuid den phróiseas sin, lena n-áireofar comhlachtaí rialaithe spóirt, cumainn ionadaíocha agus gníomhaireachtaí rialtais, agus sinn ag obair i gcomhar le chéile chun uirlisí úsáideacha a fhorbairt le haghaidh comhlíonadh cosanta sonraí san earnáil.

**90%**
Thuairiscigh gur tháinig feabhas mór ar an tuiscint atá acu ar chosaint sonraí mar thoradh ar na seimineáir Ghréasáin

**níos mó 40%**
Thuairiscigh ná de na freagraithe nach raibh aon bheartais fhoirmiúla um chosaint sonraí i bhfeidhm acu

## Taifid Othar Liachtlainne

Sa bhliain 2024, rinne an Coimisiún caidreamh le dhá chlinic lia-chleachtóirí ginearálta chun cabhrú leo díospóid faoi bhainistiú taifead othar a réiteach. Tháinig an tsaincheist chun cinn nuair a d'imigh lia-chleachtóir ginearálta óna chlinic bunaidh chun clinic nua a thosú agus nuair a d'iarr sé go n-aistreofaí taifid a chuid othar. Bhí leisce ar an gclinic bunaidh na taifid sin a eisiúint, áfach, in éagmais thoiliú na n-othar a bhí i gceist. D'eascair an mearbhall as míthuiscint ar cé a measadh a bheith mar rialaitheoir sonraí i leith na sonraí othar, rud a chuireann lena chasta atá sé a chinneadh conas taifid othar a bhainistiú nuair a imíonn lia-chleachtóir ginearálta ó chlinic.

Chun aghaidh a thabhairt air sin, d'eagraigh an Coimisiún cruinniú leis an gclinic chun treoir agus soiléire a thabhairt dó. Mhínigh an Coimisiún na róil dhifriúla a bhaineann le sonraí othar a bhainistiú, lena n-áirítear na róil atá ag rialaitheoirí sonraí, ag rialaitheoirí comhpháirteacha agus ag próiseálaithe sonraí. Leag an Coimisiún béim freisin ar a thábhachtaí atá sé comhaontuithe soiléire a bheith i bhfeidhm do chásanna ina bhfuil roinnt páirtithe freagrach as na sonraí céanna. Mhol an Coimisiún comhaontuithe foirmiúla rialaitheoirí comhpháirteacha a bhunú, ina sainítear go soiléir róil, freagrachtaí agus dliteanas gach lia-chleachtóra ghinearálta maidir le bainistiú sonraí othar. Maidir le cásanna ina n-imíonn lia-chleachtóirí ginearálta, mhol an Coimisiún prótacal struchtúrtha imeachta a chur chun feidhme ina ndoiciméadódh an dá chlinic cé na taifid othar a d'aistreofaí, ina mbunódh siad modhanna slána aistrithe, agus ina gcoimeádfadh siad rianta cuimsitheacha iniúchta. Ina dhiaidh sin, chruthaigh an clinic bunaidh nósanna imeachta caighdeánaithe lena gceanglaítear ar lia-chleachtóirí ginearálta a bheidh ag imeacht réamhfhógra a thabhairt, doiciméadacht aistrithe a chomhlánú, agus páirt a ghlacadh i gcruinniú aistrithe ina gcuirtear socruithe um rochtain ar thaifid ar bhonn foirmiúil i scríbhinn sula ndéantar aon aistriú. Mhol an Coimisiún freisin prótacal trédhearcach cumarsáide a chur chun feidhme lena gceanglaítear ar chlinicí fógra a thabhairt go pras d'othair i gcás go mbeidh a lia-chleachtóir ginearálta ag imeacht. Áirítear leis sin litreacha clinic a sheoladh ina mionsonraítear láthair nua an lia-chleachtóra ghinearálta, an amlíne don aistriú, agus conas a choinneofaí leanúnachas cúraim ar bun.
A bhuí leis an gcomhairle a fuair siad ón gCoimisiún, cabhraíodh leis na lia-chleachtóirí ginearálta a gcuid freagrachtaí faoin dlí cosanta sonraí a thuiscint, agus tarraingíodh aird ar an ngá atá le beartais dhea-shainithe a bheith i bhfeidhm chun cásanna cosúil leis an gceann seo a láimhseáil sa todhchaí.

**Léirítear sa chás seo an tábhacht a bhaineann le struchtúir láidre rialachais sonraí a bheith i bhfeidhm i suíomhanna cúram sláinte.**

Trí chaidreamh a dhéanamh leis an gclinic agus trína chuid saineolais a thairiscint, bhí an Coimisiún in ann an mearbhall a réiteach agus a chinntiú go láimhseálfaí sonraí othar go cuí. Bhí sé tábhachtach don Choimisiún réiteach tráthúil a éascú chun aon drochthorthaí othar a sheachaint mar gheall ar easpa rochtana ar shonraí. Ní hé amháin gur réitigh an caidreamh sin an fhadhb láithreach, ach threisigh sé freisin an gá atá ann i gcoitinne le treoirlínte agus nósanna imeachta soiléire a bheith i bhfeidhm i gclinicí liachta le haghaidh sonraí othar a bhainistiú go héifeachtach agus i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí, comhlachtaí ionadaíocha do chleachtóirí cúram sláinte agus an Roinn Sláinte san áireamh, ar na nithe sin sa bhliain 2025.

## Treoir maidir le Cumhdach Aosach

Ceann de na spriocanna straitéiseacha sainaitheanta atá ag an gCoimisiún faoi Straitéis Rialála an Choimisiúin 2022-2027 is ea tús áite a thabhairt do chosaint leanaí agus do chosaint grúpaí soghonta eile. Mar chuid den ghealltanas sin, rinne an Coimisiún caidreamh le grúpaí geallsealbhóirí san earnáil seo chun sainaithint a dhéanamh ar na hábhair imní cosanta sonraí a thagann chun cinn i gcomhthéacs cumhdach aosach. Sa bhliain 2024, d'fhorbair an Coimisiún treoirdhoiciméad ar na saincheisteanna comhroinnte sonraí a thagann chun cinn i ndáil le cumhdach aosach. Agus é le foilsiú sa bhliain 2025, léirítear sa treoirdhoiciméad sin na gnáth-shaincheisteanna praiticiúla a dtagann cleachtóirí orthu gach lá. Tá sé mar aidhm leis an treoir soiléire a thabhairt maidir leis na tosca agus na hanailísí nach mór a chur san áireamh agus sonraí á bpróiseáil i gcomhthéacs cumhdach aosach. Tá an treoir mar chuid de raon beartaithe gníomhartha, lena n-áirítear Ceisteanna Coitianta a fhoilsiú do chleachtóirí agus do dhaoine den phobal araon maidir le saincheisteanna sonracha, amhail an idirghníomhaíocht idir RGCS agus an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.

Rannchuidigh an Coimisiún freisin leis an tuarascáil ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach, agus ghlac sé páirt i seoladh an doiciméid luachmhair sin i mí Aibreáin 2024 in éineacht le comhghleacaithe rialála agus le geallsealbhóirí eile. Fáiltíonn an Coimisiún roimh an moladh ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí á rá go dtabharfaí creat reachtúil agus rialála isteach do chumhdach aosach, rud a mbeadh reachtaíocht chuimsitheach trasearnála i gceist leis. Sa tírdhreach rialála



atá ann cheana, tá an Coimisiún fós tiomanta do chúnamh a thabhairt dóibh sin a oibríonn i réimse casta an chumhdaigh aosach na hoibleagáidí atá orthu ó thaobh cosaint sonraí de a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Mar chuid den mhórchaidreamh sin le geallsealbhóirí, thug an Coimisiún láithreoireacht freisin d'Oifigigh Ainmnithe de chuid Oifig Náisiúnta Cumhdaigh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), atá freagrach as cumhdach aosach. Díríodh sa láithreoireacht sin ar chomhroinnt sonraí agus ar dhea-chleachtais cosanta sonraí. Tríd an láithreoireacht sin, tugadh deis luachmhar don Choimisiún tacú le hOifigigh Ainmnithe gabháil dá ngnáthoibríochtaí laethúla agus dearbhú a thabhairt maidir leis na dea-chleachtais ó thaobh cosaint sonraí de, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhroinnt sonraí. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuilleadh láithreoireachtaí agus tuilleadh seimineár Gréasáin a sholáthar do ghrúpaí den chineál céanna sa bhliain 2025, rud a chabhróidh le soiléire agus cinnteacht a thabhairt dóibh i ndáil leis na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu, go háirithe agus iad ag plé le cora íogaire.

## Próiseáil Bhithmhéadrach ag Coláiste Béarla

I mí Eanáir 2024, thug an Coimisiún freagra ar ábhar imní a tharraing an Chomhairle um Chearta an Duine anuas i ndáil le próiseáil líomhnaithe sonraí pearsanta trí shonraí méarloirg agus/nó aghaidh-aitheanta a úsáid chun go bhféadadh coláiste oideachais aosach córas bithmhéadrach a oibriú le haghaidh córas clogála isteach agus aip mhóibíleach. Bhí sé mar chuspóir leis an gcóras clogála isteach méarloirg agus aghaidheanna mac léinn a scanadh chun a gcuid freastail ar ranganna a rianú. Thug an Coimisiún faoi deara freisin gur líomhnaíodh gur úsáideadh an aip chun saoire bhreoiteachta a thaifeadadh agus gur ceanglaíodh ar mhic léinn deimhnithe dochtúra a chur isteach tríd an aip.

Rinne an Coimisiún caidreamh leis an gcoláiste chun cineál na próiseála sonraí a thuiscint agus chun an bunús dlí don phróiseáil agus na téarmaí agus coinníollacha dá húsáid a fhiosrú. Cé gur shuigh an Coimisiún go raibh an coláiste ag brath go dleathach ar thoiliú sainráite na mac léinn le haghaidh próiseáil bhithmhéadrach, ní raibh an fhoirm toilithe ná na Téarmaí agus Coinníollacha sách trédhearcach maidir lena chinntiú go bhféadfaí toiliú a tharraingt siar ná maidir lena chinntiú go raibh modhanna eile ar fáil chun clogáil isteach.

Ag eascairt as an gcaidreamh dearfach sin, chuir an rialaitheoir sonraí na hathruithe ar tharraing an Coimisiún aird orthu chun feidhme, agus d'eisigh sé ríomhphost chuig gach mac léinn inar cuireadh iad ar an eolas faoi na modhanna eile chun clogáil isteach agus faoi conas toiliú le húsáid a sonraí bithmhéadracha a tharraingt siar. Tá an caidreamh sin mar fhianaise freisin ar an ngá atá ann go bhfiosródh rialaitheoirí sonraí go hiomlán na himpleachtaí cosanta sonraí a bhaineann le réitigh phróiseála bithmhéadraí a thabhairt isteach. Cé go bhfuil cuma shimplí chost-

éifeachtúil orthu, is féidir le réitigh den sórt sin a bheith ina modh an-ionsáiteach chun sonraí pearsanta catagóire speisialta a phróiseáil.

## Nuálaíocht agus Straitéis Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí

Le linn na bliana 2024, chuaigh roinnt Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis na himpleachtaí cosanta sonraí a bhaineann lena gcuid seirbhísí a dhigitiú. Áiríodh leis na tionscadail sin an Clár Sparán Digiteach agus Imeachtaí Saoil, Clárú SAFE (Timpeallacht Creata Deimhniúcháin Chaighdeánaigh) ar Líne, Aip FSS, agus an tionscadal píolótach Daonáirimh ar Líne de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh.

Tá sé mar aidhm le gach ceann de na tionscadail sin seirbhísí poiblí a dhéanamh níos inrochtana agus níos áisiúla do shaoránaigh, agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht á méadú dá bharr sin. Fáiltíonn an Coimisiún roimh an deis chun caidreamh a dhéanamh ar na tionscnaimh sin chun cabhrú le cosaint sonraí trí dhearadh a chur chun feidhme, mar aon le breithniú iomlán a dhéanamh ar na coimircí is gá chun sonraí pearsanta daoine a chosaint nuair a roghnaíonn siad leas a bhaint as seirbhísí poiblí ar líne.

Leanfaidh an Coimisiún le hobair i gcomhar le comhlachtaí poiblí sa bhliain 2025 chun a chinntiú go bhfuil tosca cosanta sonraí agus tosca príobháideachta i gcroílár Straitéis TFC Sheirbhís Phoiblí na hÉireann.

## Scuab-imscrúdú Comhlíonta ar an Earnáil Ollmhargaí agus Siopaí Áise

De réir Airteagail 57 agus 58 RGCS, lena ndírítear ar fheasacht a mhúscailt i measc rialaitheoirí agus próiseálaithe ar na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu, rinne an Coimisiún ceistneoir comhlíonta RGCS ar Earnáil Mhiondíola na hÉireann sa bhliain 2024.

Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal ná cleachtadh aimsithe fíoras a sheoladh i gcomhar leis na miondíoltóirí is mó san earnáil in Éirinn ar mhaithe le léargais níos doimhne a ghiniúint ar an leibhéal próiseála sonraí agus ar an leibhéal comhlíonta cosanta sonraí i measc na n-ollmhargaí agus na siopaí áise is mó in Éirinn, a bhfuil lorg suntasach acu ar phróiseáil sonraí in Éirinn.[5] Áiríodh leis na réimsí ar díríodh orthu Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála faoi Airteagal 30 RGCS agus oibleagáidí trédhearcachta faoi Airteagal 12 RGCS, mar aon le sainaithint a dhéanamh ar aon saincheisteanna éiritheacha nó fadhbacha próiseála sonraí. Tá an Coimisiún ag déanamh athbhreithniú ar na freagraí ar na ceistneoirí faoi láthair, agus tá sé beartaithe aige caidreamh duine le duine a dhéanamh le Rialaitheoirí agus na saincheisteanna a sainaithníodh sa scuab-imscrúdú seo a fhiosrú sa bhliain 2025.

[5] I dteannta a chéile, bhí sciar margaidh os cionn 90% ag na heagraíochtaí ar spriocdhíríodh orthu



## Sonraí faoi Imbhuailtí ar Bhóithre

Chríochnaigh an Coimisiún a chomhairliúchán leis an Roinn Iompair maidir le hathbhreithniú ar an mbunús reachtúil don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a bheith ag fáil sonraí faoi imbhuailtí tráchta ar bhóithre ón nGarda Síochána agus a bheith ag comhroinnt na sonraí sin ansin le húdaráis áitiúla agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Ba é an toradh deiridh a bhí air sin ná Ordú nua ón Aire de bhun alt 8(1) den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006, lena gceadaítear don Gharda Síochána sonraí faoi imbhuailtí a chomhroinnt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus cur chuige comhaontaithe i leith na sonraí sin a chomhroinnt ansin le heintitis amhail údaráis áitiúla.

Ar fud an phróisis comhairliúcháin, chuir an Coimisiún in iúl go láidir nár cheart do RGCS foilsiú comhréireach mionsonraí faoi láithreacha tuairte a chosc, go háirithe i gcás go bhfuil aon eilimint sonraí pearsanta anaithnidithe den chuid is mó agus/nó teoranta do na sonraí is gá chun an cuspóir inmhianaithe beartais a bhaint amach.

Ba í an Roinn Iompair a stiúir an caidreamh idir na geallsealbhóirí uile agus iad ag déanamh scrúdú ar na réimsí sonraí sonracha a bhí i gceist. Mar thoradh air sin, sainaithníodh tacar pointí sonraí lenar comhlíonadh ceanglais riachtanais agus chomhréireachta. Rinneadh measúnú tionchair ar chosaint sonraí freisin, rud lenar cinntíodh gur sainaithníodh gach riosca a bhaineann le comhroinnt sonraí agus gur maolaíodh go cuí iad.

Glactar leis go mbíonn sé casta ó am go ham sonraí a chomhroinnt i measc roinnt geallsealbhóirí éagsúla. In RGCS, áfach, tugtar do na geallsealbhóirí uile creat soiléir le haghaidh na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu a bhreithniú. Trí RGCS a bhreithniú agus trí chur chuige um dhearadh príobháideachta a chur chun feidhme i dtús aon tionscadail, éascaítear socruithe láidre inbhuanaithe um chomhroinnt sonraí. Le RGCS, ceanglaítear ar eagraíochtaí smaoineamh go cúramach faoi na cuspóirí atá leis an gcomhroinnt sonraí agus faoina bhfuil ag teastáil chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar shlí a ndéanann an difear is lú is féidir do na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair. Is é sin an prionsabal tábhachtach um chosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú atá leagtha amach in Airteagal 25 RGCS.

Is le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a sholáthraítear dhá choincheap ríthábhachtacha le haghaidh pleanáil tionscadal amach anseo. Is éard atá i gceist le cosaint sonraí trí dhearadh ná gnéithe príobháideachta sonraí agus teicneolaíochtaí lena bhfeabhsaítear príobháideacht sonraí a leabú go díreach isteach sa dearadh atá ar chóras, ar tháirge, ar sheirbhís nó ar phróiseas agus an méid sin a dhéanamh ansin ar feadh shaolré an chórais, an táirge, na seirbhíse nó an phróisis lena mbaineann. Ciallaíonn cosaint sonraí mar réamhshocrú nach mór socruithe seirbhíse úsáideora a bheith fabhrach go huathoibríoch do chosaint sonraí agus nár cheart ach sonraí atá riachtanach do gach críoch shonrach don phróiseáil a bhailiú.



Ghlac an Dr Des Hogan, Coimisinéir Cosanta Sonraí agus Cathaoirleach an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, páirt i bpainéal de chuid an Fhóraim um Thodhchaí na Príobháideachta ar an topaic "Dhá Cheist Chrua (Róchrua?) maidir le Cosaint Sonraí agus Intleacht Shaorga Ghiniúnach" i mí Dheireadh Fómhair.

Ó Chlé go Deas: Bianca-Ioana M. (Leas-Stiúrthóir um Príobháideacht Dhomhanda ag an bhFóram um Thodhchaí na Príobháideachta), an Dr Gabriela Zanfir-Fortuna (Leas-Uachtarán um Príobháideacht Dhomhanda ag an bhFóram um Thodhchaí na Príobháideachta), an Dr Miriam Wimmer (Stiúrthóir ag Údarás Cosanta Sonraí na Brasaíle), an Breitheamh Bertrand du Marais (Coimisinéir La Commission Nationale de l'Informatique et des Libertés (CNIL)), an Dr Des Hogan (Coimisinéir Cosanta Sonraí agus Cathaoirleach an Choimisiúin um Chosaint Sonraí), Haksoo Ko (Cathaoirleach Choimisiún Cosanta Faisnéise Pearsanta na Cóiré), Jules Polonetsky (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Fhóraim um Thodhchaí na Príobháideachta), agus David Weinkauf, PhD (Anailísí Taighde TF Sinsearach ag Oifig Choimisinéir Príobháideachta Cheanada).

Cé gur fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte sonracha maidir le *comhroinnt sonraí san earnáil phoiblí* **QR 1**, **tá sé tábhachtach go ndéanfadh geallsealbhóirí caidreamh leis an gCoimisiún ag luathchéim** agus go gcuirfí amlínte cuí le haghaidh tionscadal a sholáthar chun feidhme. Bearta tábhachtacha maidir lena chinntiú go bhféadfaí measúnú mionsonraithe iomlán a dhéanamh sa chás seo ba ea ceardlanna a thionól agus treoraí tionscadail a bheith i bhfeidhm. Chabhraigh an méid sin ar fad ar deireadh le toradh sásúil a bhaint amach do gach geallsealbhóir.

*Comhroinnt Sonraí san Earnáil Phoiblí* **QR 1**

**QR 1**

## Radio Teilifís Éireann (RTÉ)

Chuaigh RTÉ i gcomhairle go deonach leis an gCoimisiún maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí a rinne sé i ndáil le clár inmheánach leasanna agus clár seachtrach gníomhaíochtaí a chruthú dá bhaill foirne agus dá chonraitheoirí.

Tá dualgas ar bhaill foirne áirithe de chuid RTÉ agus ar chonraitheoirí seachtracha atá faoi chonradh le RTÉ aon choinbhleachtaí leasa atá acu maidir le gníomhaíochtaí seachtracha a dhearbhú. Cé gurbh é an toradh a bheadh air feabhas a chur ar rialachas maidir le dearbhuithe agus ceaduithe den sórt sin, ba é a bhí i gceist leis an togra freisin clár gníomhaíochtaí seachtracha a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin RTÉ. Bhí sé beartaithe go gcuimseodh an clár ar líne sin ainm na ndaoine aonair, tuairisc ar a ngníomhaíocht sheachtrach agus a luach saothair (a bheadh leagtha amach i mbandaí) agus go bhfoilseofaí an fhaisnéis sin ar líne ar bhonn ráithiúil.

Le linn an chomhairliúcháin, dhírigh an Coimisiún aird RTÉ ar roinnt saincheisteanna, go háirithe i ndáil lena riachtanaí agus lena chomhréirí atá sé clár gníomhaíochtaí seachtracha ar líne a chruthú agus i ndáil le bunús dlí cuí a shainaithint chun buntacú leis an bpróiseáil bheartaithe, i.e., faisnéis phearsanta a fhoilsiú ar líne ar bhonn ráithiúil maidir leis na gníomhaíochtaí seachtracha a sheolann pearsanra RTÉ ina gcáil phríobháideach.

Cé gur fhéach RTÉ ar dtús le brath ar leas dlisteanach mar fhoras dleathach faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS chun mionsonraí den sórt sin a fhoilsiú, chomhaontaigh RTÉ gur le reachtaíocht a bhuntacódh sé leis an bpróiseáil. Bhí RTÉ den tuairim ar dtús, áfach, go bhféadfaí leis an reachtaíocht a bhí ann cheana próiseáil sonraí pearsanta a cheadú do chlár inmheánach leasanna agus do chlár seachtrach gníomhaíochtaí ar líne.
Cé nach raibh aon fhadhb ag an gCoimisiún le seasamh RTÉ maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil do chlár inmheánach ag an am sin, níor aontaigh an Coimisiún lena thuairim maidir le clár seachtrach gníomhaíochtaí. Agus aird á tabhairt aige ar chineál cineálach na reachtaíochta a bhí á beartú chun buntacú leis an togra (i.e., an tAcht Craolacháin 2009), ar an easpa soiléire, beachtais agus intuarthachta maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta sin i leith na ndaoine a bheadh faoina réir agus ar an gcur isteach tromchúiseach a bheadh i gceist léi, tharla sé, ar aon dul le dlí-eolaíocht na Cúirte Breithiúnais le déanaí, gur mhol an Coimisiún go láidir do RTÉ breithniú a dhéanamh ar shásra reachtach breise a lorg chun buntacú leis an bpróiseáil chun clár seachtrach a fhoilsiú.

D'fhreagair RTÉ go dearfach don mholadh ón gCoimisiún, agus d'aontaigh sé gan an fhaisnéis phearsanta a bhí beartaithe a fhoilsiú in éagmais sásra den sórt sin. Ina ionad sin, chuir RTÉ siar an togra uaidh maidir le foilsiú ar líne, agus foilsíonn sé tuarascálacha ráithiúla i bhformáid anaithnidithe faoi láthair.

**Má tá sé beartaithe ag comhlachtaí mionsonraí pearsanta daoine aonair a fhoilsiú ar líne, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh siad gurb é atá i gceist le próiseáil den chineál sin ná cur isteach suntasach tromchúiseach ar na cearta bunúsacha chun príobháideachta agus chun cosanta** sonraí pearsanta**.** Tá caighdeán an-ard le baint amach ina leith sin, áit a gceanglaítear ar rialaitheoir a léiriú go bhfuil údar leis an bpróiseáil agus gur ann do bhunús dlí leordhóthanach láidir atá soiléir, beacht agus intuartha do na daoine atá faoina réir.

## TCI a úsáid i seomraí folctha

Le linn na bliana 2023, fuair an Coimisiún roinnt mhaith ceisteanna agus gearán ó dhaoine aonair faoi TCI a bheith á úsáid ag eagraíochtaí i seomraí folctha nó i limistéir ina bhfuil ionchas ard príobháideachta ann (féach Tuarascáil Bhliantúil 2023).

Rinne an Coimisiún caidreamh leis na heagraíochtaí sin ar bhonn duine le duine, agus nuashonraigh sé an treoir maidir le TCI do rialaitheoirí sonraí uaidh trí rannán ar leith a chur leis an treoir uaidh dar teideal *"TCI a úsáid i limistéir ina bhfuil ionchas méadaithe príobháideachta ann"*. **QR 2** Bhí sé mar aidhm leis sin soiléiriú a thabhairt ar an seasamh i ndáil le TCI a úsáid i limistéir ina bhfuil ionchas méadaithe príobháideachta ag daoine aonair. Rinne an Coimisiún teagmháil leis na comhlachtaí ábhartha tionscail freisin chun iad a chur ar an eolas faoin nuashonrú ar na treoirlínte uaidh.

Mar thoradh ar an treoir sin, thug an Coimisiún faoi deara gur tháinig laghdú suntasach sa bhliain 2024 ar an líon ábhar imní a tharraing an pobal anuas faoi TCI i seomraí folctha nó i limistéir ina bhfuil ionchas ard príobháideachta ann.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún caidreamh a dhéanamh le fiontair bheaga agus mheánmhéide le linn na bliana 2025 ar shaincheisteanna den chineál céanna ar mhaithe le treoirlínte soiléire praiticiúla a sholáthar chun cabhrú leis na heagraíochtaí sin na freagrachtaí comhlíonta atá orthu a chomhlíonadh ar bhealach comhréireach cothromaithe.

**QR 2**

## Cuideachtaí teicneolaíochta a bheith ag comhroinnt sonraí pearsanta le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.

Sa bhliain 2023, rinne an Coimisiún teagmháil le roinnt eagraíochtaí teicneolaíochta maidir le conas a chomhroinneann siad sonraí pearsanta le húdaráis forfheidhmithe dlí agus d'iarr sé mionsonraí faoi na próisis agus na beartais atá i bhfeidhm acu le linn dóibh déanamh amhlaidh (féach Tuarascáil Bhliantúil 2023).

Scrúdaigh an Coimisiún saincheisteanna amhail an próiseas a mbaineann rialaitheoirí úsáid as chun iarrataí ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ar shonraí úsáideoirí a fhíordheimhniú agus conas a chinneann siad bailíocht na n-iarrataí éigeandála ar shonraí úsáideoirí ar mhaithe le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a urramú le linn dóibh freagairt d'iarrataí ar shonraí úsáideoirí. Scrúdaigh sé freisin an treoir inmheánach agus/nó na sreafaí oibre inmheánacha atá ar fáil do bhaill foirne an rialaitheora a phróiseálann iarrataí den sórt sin ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.

I gcás na rialaitheoirí sin nár measadh a mbeartais a bheith sách forbartha, tugadh moltaí faoi thuilleadh gníomhaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh ina leith sin. Áiríodh leo sin mionsonraí faoi chleachtais úsáideacha a chabhródh le deireadh a chur le haon bhearnaí ó thaobh cosaint sonraí de.[6]

Cé go bhfuil an tionscadal seo tugtha chun críche anois, tharla sé, i gcás na n-eagraíochtaí sin ar shainaithin a Coimisiún iad mar eagraíochtaí a raibh feabhsuithe le déanamh acu, bhíothas ag súil leis go rachadh siad i dteagmháil leis an gCoimisiún an athuair sa bhliain 2024 chun aiseolas mionsonraithe a thabhairt ar conas a thug siad aghaidh ar na moltaí. Tá roinnt de na freagraí liostaithe thíos:

**Rialaitheoir A** – Chuir sé in iúl gur nuashonraigh sé beartais ar aon dul leis an treoir ón gCoimisiún. Luaigh sé gur ghlac sé leis na barúlacha "dea-chleachtais" ón gCoimisiún maidir leis an tábhacht a bhaineann le treoir mhionsonraithe dhoiciméadaithe a thabhairt do bhaill foirne a láimhseálann iarrataí neamhéigeandála ón lucht forfheidhmithe dlí. Luaigh sé freisin go ndearna sé an treoir sin a chomhdhlúthú agus a nuashonrú dá réir sin agus go leanfadh sé lena chinntiú go bhfuil rochtain ag a bhaill foirne ar acmhainní cuí atá curtha in oiriúint do na cineálacha iarrataí a fhaigheann an chuideachta.

**Rialaitheoir B** – Luaigh sé gur chuir sé feabhsuithe chun feidhme sna ceithre chatagóir seo a leanas ar aon dul leis na moltaí ón gCoimisiún: (1) Iarrataí ón Lucht Forfheidhmithe Dlí a Fhíordheimhniú; (2) Iarrataí Éigeandála; (3) Nochtaí Deonacha (Neamhéigeandála); agus (4) Iniúchtaí.

**Rialaitheoir C** – Luaigh sé gur chuir sé tús le roinnt athruithe móra éagsúla a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta um rochtain dhleathach, lena n-áirítear i réimsí amhail Iarrataí Nochta Éigeandála, Treoir Inmheánach Foirne agus Sreafaí Oibre, Fíordheimhniú Cuntas Tairsí Forfheidhmithe Dlí, Athbhreithniú Daonna, agus Raon Feidhme na nIarrataí Sonraí.



[6] Tugadh moltaí ar roinnt nithe éagsúla, lenar áiríodh iad seo a leanas:
- Bailíocht iarrataí éigeandála a chinneadh, chun treoir níos soiléire a thabhairt do phearsanra an rialaitheora maidir le conas barántúlacht iarrata éigeandála a fhíorú;
- Feabhas a chur ar shreafaí oibre agus ar an treoir a thugtar do phearsanra; agus
- Próisis a chur i bhfeidhm chun iarrataí ar shonraí ón lucht forfheidhmithe dlí a fhíordheimhniú.

## Riot Games – Riot Voice Evaluation

I mí an Mheithimh 2024, chuir Riot Games, ar rialaitheoir Airteagal 27 RGCS é (rialálaí nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach) in iúl don Choimisiún go raibh sé ar intinn aige Riot Voice Evaluation (RVE) a sheoladh don chluiche VALORANT san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Thairg Riot Games gnéithe cumarsáide gutha beo do VALORANT sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch cheana féin, agus ba é an toradh a bheadh ar RVE a sheoladh ná inniúlachtaí taifeadta a chur leis an gcluiche chun Riot a chumasú meastóireacht a dhéanamh ar chumarsáidí gutha chun iompraíochtaí díobhálacha ar líne i measc imreoirí a shainaithint agus Riot a chumasú aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar a Théarmaí Seirbhíse. Spreagfaí RVE ar dtús i gcás go dtuairisceofaí imreoir de dheasca drochiompraíochta ar chainéil chumarsáide gutha. Bhí sé ar intinn ag Riot Games intleacht shaorga a úsáid ansin chun cumarsáidí gutha a mheasúnú chun sáruithe a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus é beartaithe aige blaisíní de chumarsáidí gutha a úsáid chun an tsamhail intleachta saorga a fheabhsú. Scríobh an Coimisiún chuig Riot ansin, agus é ag moladh dó trédhearcacht a mhéadú d'imreoirí maidir le RVE agus maidir leis an úsáid bheartaithe as intleacht shaorga. Mhol an Coimisiún go gcruthódh Riot bealach trédhearcach so-úsáidte ina bhféadfadh imreoirí agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála roimh chur i bhfeidhm RVE.

Maidir le tréimhsí coinneála, leagadh amach sa doiciméadacht amlínte éagsúla a bhí idir 24 huaire an chloig agus 2 bhliain do ghnéithe éagsúla de bhailiú agus próiseáil RVE, arbh amlínte iad nach raibh léirithe san Fhógra Príobháideachta. Mheas an Coimisiún nach mbeadh imreoirí in ann tréimhsí den sórt sin a shainaithint le haon chinnteacht bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí tugtha san Fhógra Príobháideachta. Dá bhrí sin, mhol sé go bhforbrófaí tréimhsí soiléire coinneála, nó critéir shoiléire choinneála le haghaidh tréimhsí den sórt sin a chinneadh, agus go gcuirfí iad sin in iúl go soiléir d'imreoirí roimh an seoladh.

Mar fhreagra air sin, rinne Riot athruithe suntasacha ar a phleananna cur i bhfeidhm. Chuir sé feabhas ar an bhfaisnéis trédhearcachta a bhí le tabhairt d'imreoirí, agus d'fhorbair sé próiseas rogha an diúltaithe. Luaigh Riot nach mbeadh aon oiliúint samhla móra teanga ann bunaithe ar shonraí úsáideoirí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch mar chuid den seoladh tosaigh.

## Maoirseacht Tuismitheora ar ardáin Meta

Rinne an Coimisiún caidreamh le Meta Platforms Ireland Limited (Meta) ar shaoráid nua maoirseachta tuismitheora ar ardáin Meta amhail Instagram, Facebook agus Quest. Is ionann an ghné Maoirseachta agus uirlis roghnach do thuismitheoirí agus do leanaí. Dar le Meta, is é an cuspóir atá léi feabhas a chur ar shábháilteacht ar líne trí rialú agus formhaoirseacht níos fearr a thabhairt do thuismitheoirí ar ghníomhaíocht a luathdhéagóirí ar mhaithe le heispéireas sábháilte aoisoiriúnach a thabhairt dóibh ar fud ardáin éagsúla Meta.

Aithníonn an Coimisiún an gá atá le cothromaíocht a aimsiú idir neamhspleáchas réasúnach a thabhairt do leanaí agus maoirseacht éifeachtach tuismitheora ar líne a chinntiú. Tar éis dó an uirlis a mheasúnú, rinne an Coimisiún roinnt moltaí do Meta. Áiríodh leo sin breithniú a dhéanamh ar fhógra a chur ar an leathanach faisnéise d'úsáideoirí is leanaí maidir leis an mbaol go bhféadfadh daoine nach tuismitheoirí mí-úsáid a bhaint as an tsaoráid maoirseachta tuismitheora, mar aon le nasc a sholáthar chuig seirbhísí tacaíochta gaolmhara lena rochtain ag an úsáideoir is leanbh. Ar mhaithe le trédhearcacht leordhóthanach a sholáthar do gach úsáideoir, mhol an Coimisiún do Meta súil eile a chaitheamh ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn sé d'úsáideoirí chun a chinntiú go léirítear go soiléir inti cé na sonraí pearsanta de chuid tríú páirtithe a chomhroinntear ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag an leanbh agus ag na tríú páirtithe araon ar cé na daoine a bhfuil rochtain acu ar na sonraí pearsanta sin.

I mí na Samhna 2024, chuir Meta in iúl gur bhreithnigh sé na tuairimí ón gCoimisiún agus gur chuir sé athruithe éagsúla chun feidhme dá bharr sin, lenar áiríodh na hailt ina Ionad Cabhrach agus an teanga ina Bheartas Príobháideachta a nuashonrú.

## Measúnú Cosanta Sonraí ar an Rochtain a bhí ag Forbróirí Tríú Páirtí ar Shonraí Pearsanta

Chríochnaigh an Coimisiún measúnú cosanta sonraí ar an rochtain a bhí ag forbróirí tríú páirtí ar shonraí pearsanta. Bhain an measúnú go príomha le rochtain ar shonraí pearsanta a bhí ina sheilbh ag Meta agus a bhí á soláthar do thríú páirtithe mar chuid d'fhorbairt aipeanna le haghaidh ardáin éagsúla Meta. Le linn an mheasúnaithe, rinneadh athbhreithniú ar a mhéid a chuir Meta bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme faoi Airteagal 25 RGCS chun a bheith in ann a thaispeáint go ndéantar próiseáil i gcomhréir le RGCS.

I mí Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún moltaí inar díríodh ar na nithe seo a leanas:

- an measúnú tosaigh ar fhorbróirí agus ar aipeanna forbróirí, lenar áiríodh sainaithint forbróirí, fíorú forbróirí, grinnfhiosrúchán forbróirí, agus athbhreithniú aipeanna; [7]
- rochtain úsáideoirí, ceadanna, agus deireadh rochtana;
- faireachán ar rochtain ar shonraí agus ar úsáid sonraí;
- an fhormhaoirseacht a dhéanann Meta ar an gcreat rochtana sonraí; agus
- slándáil.

Chuir Meta in iúl don Choimisiún ag deireadh na bliana go raibh sé ag déanamh measúnú ar na moltaí.

[7] Mar shampla, mhol an Coimisiún do Meta athmheastóireacht a dhéanamh ar a phróisis reatha le haghaidh forbróirí a shainaithint chun a chinntiú go ndéantar measúnú riosca leordhóthanach ar na forbróirí uile a dtugtar rochtain dóibh ar a ardán.

## X Grok

I mí Iúil 2023, cuireadh in iúl don Choimisiún go raibh Twitter International Unlimited Company (Twitter) ag obair i gcomhar le x.AI Corp. chun uirlis intleachta saorga giniúnaí a fhorbairt ar mhaithe le feabhas a chur ar an bhfeidhm cuardaigh ar ardán X. Tugadh "Grok" ar an bhfeidhmchlár intleachta saorga giniúnaí sin. I mí na Nollag 2023, sholáthair Twitter Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí agus Measúnú ar Leasanna Dlisteanacha don Choimisiún chun tacú leis an togra uaidh leaganacha amach anseo de Grok a thógáil agus a oiliúint bunaithe ar shonraí úsáideoirí X.

Le linn caidreamh fada, tharraing an Coimisiún aird ar shaincheisteanna i ndáil le doiciméadacht Twitter agus le cur chun feidhme Grok, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Trédhearcacht d'úsáideoirí;
- Úsáid fhéideartha sonraí catagóire speisialta

Mar chuid den chaidreamh agus de na doiciméid a ndearna an Coimisiún athbhreithniú orthu, bhunaigh Twitter maoluithe áirithe ar cheart go mbeadh siad i bhfeidhm roimh an bpróiseáil. Bhain na maoluithe sin go príomha le trédhearcacht agus le húsáideoirí a chumasú diúltú dá gcuid sonraí a bheith á n-úsáid chun Grok agus cineálacha eile intleachta saorga a oiliúint.

I mí Iúil 2024, tháinig an Coimisiún ar an eolas nár cuireadh na maoluithe ar shainaithin Twitter iad i bhfeidhm sular thosaigh Twitter ar shonraí úsáideoirí X a phróiseáil chun Grok a oiliúint. Cé gur iarr an Coimisiún láithreach ar Twitter scor den phróiseáil, dhiúltaigh sé déanamh amhlaidh.

Gan aon mhaoluithe a bheith i bhfeidhm, agus gan aon sos deonach ar an bpróiseáil, tháinig an Coimisiún ar an tuairim go raibh fíor-riosca ann do na cearta agus na saoirsí atá ag ábhair sonraí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus go raibh gá práinneach ann go ngníomhódh an Coimisiún, mar Phríomhúdarás Maoirseachta, chun ábhair sonraí a chosaint. Chun rioscaí den sórt sin a chosc, rinne an Coimisiún iarratas chuig an mBreitheamh Leonie Reynolds san Ard-Chúirt faoi alt 134 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, an 8 Lúnasa 2024. Ba é sin an chéad uair riamh a rinneadh iarratas dá leithéid.[8]

Le linn na n-imeachtaí san Ard-Chúirt, gheall Twitter scor de phróiseáil a dhéanamh ar aon sonraí de chuid úsáideoirí X san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bailíodh le linn na tréimhse nach raibh na maoluithe i bhfeidhm inti. Chomh maith leis sin, scrios Twitter na tacair sonraí ina raibh na sonraí sin ina dhiaidh sin ionas nach bhféadfaí aon úsáid eile a bhaint astu. Ós rud é gur scrios Twitter an tacar sonraí agus gur aontaigh sé cloí go buan leis an ngealltanas uaidh, d'aontaigh na páirtithe na himeachtaí a tharraingt siar ón gCúirt go luath i mí Mheán Fómhair 2024.

Le linn na tréimhse ábhartha, lean an Coimisiún le gearáin a fháil ó ábhair sonraí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch maidir leis an bpróiseáil sonraí a bhí i gceist, ar ghearáin iad a bhí le breithniú faoi nósanna imeachta caighdeánacha láimhseála gearán.

[8] Foráiltear le halt 134 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go bhféadfaidh a Coimisiún, i gcás go measfaidh sé go bhfuil gá práinneach le gníomhú d'fhonn cearta agus saoirsí ábhar sonraí a chosaint, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena gceanglófar ar an rialaitheoir sonraí an phróiseáil sonraí pearsanta a fhionraí, a shrianadh nó a thoirmeasc.

## Intleacht Shaorga Meta

I mí an Mhárta 2024, thug Meta Platforms Ireland Limited (Meta) fógra don Choimisiún go mbeadh sé ag brath ar leas dlisteanach faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS chun samhlacha intleachta saorga a oiliúint bunaithe ar shonraí pearsanta úsáideoirí. Tar éis don Choimisiún roinnt ábhar imní a chur in iúl, rinne Meta athruithe ar chur i bhfeidhm na samhlacha sin. Áiríodh iad seo a leanas leis na hathruithe sin:

- Thabharfadh Meta fógra díreach d'úsáideoirí faoin athrú beartaithe;
- Chuirfí bearta breise trédhearcachta leis, lena n-áireofaí acmhainní tiomnaithe intleachta saorga giniúnaí;
- Sholáthrófaí faisnéis faoi na cearta atá ag úsáideoirí agóid a dhéanamh, mar aon le bealach praiticiúil ina bhféadfadh siad déanamh amhlaidh;
- Thabharfaí fógra ceithre seachtaine ar a laghad d'úsáideoirí roimh thús na hoiliúna ionas go bhféadfadh siad agóid a dhéanamh.

I mí na Bealtaine 2024, d'fhógair Meta nuashonrú ar an mBeartas Príobháideachta uaidh ar mhaithe le héifeacht a thabhairt do na hathruithe sin. Díreach ina dhiaidh sin, beagnach, thosaigh an Coimisiún ag fáil tuairiscí faoi fhadhbanna teicniúla leis an bhfoirm fógartha agus agóide. Bhain na tuairiscí sin leis na nithe seo leanas, i measc nithe :

- Ní raibh úsáideoirí i ndlínsí áirithe in ann an fhoirm agóide a rochtain;
- Ní raibh úsáideoirí in ann agóid a dhéanamh tríd an bhfeidhmchlár móibíleach; agus
- I gcás úsáideoirí a bhí in ann an fhoirm agóide a chomhlánú go rathúil, níor cuireadh iad ar an eolas i ngach cás faoi stádas na hagóide uathu, nó fuair siad teachtaireacht earráide tar éis an próiseas a chríochnú.

Bhí dianchaidreamh ann idir an Coimisiún agus Meta mar thoradh ar na saincheisteanna éagsúla sin. I mí an Mheithimh 2024, d'iarr an Coimisiún ar Meta sos a chur ar shonraí pearsanta úsáideoirí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a úsáid chun intleacht shaorga a oiliúint ar mhaithe le deis a thabhairt don Choimisiún agus do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile meastóireacht a dhéanamh i dtaobh arbh é leas dlisteanach an bunús dlí ceart don oiliúint bheartaithe intleachta saorga.[9] D'aontaigh Meta sos deonach a chur ar an bpróiseáil, rud a d'fhág nár úsáideadh aon sonraí de chuid úsáideoirí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch don oiliúint intleachta saorga. D'fháiltigh an Coimisiún roimh an gcinneadh ó Meta sos a chur ar a phleananna chun a shamhail mhór teanga a oiliúint trí úsáid a bhaint as ábhar poiblí ar chomhroinn aosaigh é ar Facebook agus Instagram ar fud an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Bhí an caidreamh le Meta fós ar siúl ag deireadh na bliana.

[9] Le linn na tréimhse seo, chomhoibrigh an Coimisiún go forleathan lena chontrapháirtithe san Aontas Eorpach, agus é ag tionscnamh roinnt cruinnithe mearfhreagartha chun na húdaráis uile a choinneáil ar an eolas faoin bhfaisnéis is déanaí agus faoi na gníomhartha a bhí ar bun ag an gCoimisiún.

# TUAIRIM MAIDIR LE hINTLEACHT SHAORGA

## Mar chuid dá athbhreithniú leanúnach ar na samhlacha beartaithe éagsúla intleachta saorga a bhí á bhforbairt ag eagraíochtaí le linn na bliana 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil na saincheisteanna bunúsacha a bhaineann leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar le linn samhlacha intleachta saorga a oiliúint agus a oibriú cosúil leis na saincheisteanna sin a bhfuil Údaráis Mhaoirseachta ar fud na mBallstát uile den Aontas Eorpach/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ag plé leo.

Rud sonrach, ní raibh aon chomhdhearcadh bunaithe ann i dtús na bliana 2024 ar nithe ar gnéithe lárnacha iad de shamhlacha intleachta saorga a oiliúint agus a oibriú. Áiríodh leis na ceisteanna bunúsacha cé acu a bheadh nó nach mbeadh sonraí pearsanta a úsáidtear chun samhlacha intleachta saorga a oiliúint fós ina sonraí pearsanta sa tsamhail intleachta saorga nó i leaganacha amach anseo den tsamhail, mar aon le ceisteanna faoi conas a d'fhéadfadh ábhair sonraí na cearta atá acu faoi RGCS a fheidhmiú. I gcomhar lena chomhrialálaithe, bhí an Coimisiún ag iarraidh comhchuibhiú rialála a bhaint amach ar fud an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Mar gheall ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le teacht ar chomhdhearcadh rialála sa réimse seo, mheas an Coimisiún é a bheith riachtanach agus cuí tacar ceisteanna a tharchur chuig EDPB i mí Mheán Fómhair 2024 faoin scéim reachtúil atá leagtha amach faoi Airteagal 64(2) RGCS. Agus é ar an gcéad cheann dá leithéid riamh ón gCoimisiún, bhí sé mar aidhm leis an tarchur foirmiúil sin comhchuibhiú a bhaint amach i measc údaráis cosanta sonraí laistigh de chúpla seachtain.

Den chuid is mó, bhain na ceisteanna a tarchuireadh chuig EDPB lena chinneadh cé acu a mheasfaí nó nach measfaí gur sonraí pearsanta iad sonraí a phróiseáiltear i gcomhthéacs samhlacha intleachta saorga agus cé na himthosca ina measfaí gur sonraí pearsanta iad. Bhain ceisteanna eile lena oiriúnaí atá Airteagal 6(1)(f) (leasanna dlisteanacha) mar bhunús dlí don phróiseáil. Iarracht trasfheidhme laistigh den Choimisiún agus de na hÚdaráis Mhaoirseachta uile ba ea an iarraidh a chur le chéile agus na rannchuidithe gaolmhara a dhéanamh le linn an Tuairim a fhorbairt. Bhí baint ag baill foirne ó róil éagsúla theicniúla, dlí agus riaracháin leis an obair sin, ag gníomhú dóibh trí fhoghrúpaí EDPB um Theicneolaíocht agus um Príomhfhorálacha agus trí fhoghrúpa Comhairleach Straitéiseach EDPB. Ba í Rúnaíocht EDPB a bhainistigh an próiseas ar fad, lenar áiríodh comhairliúchán poiblí leis an lucht tionscail agus le geallsealbhóirí. Ghlac EDPB Tuairim fhoirmiúil go déanach i mí na Nollag 2024, laistigh den tréimhse reachtúil 14 seachtaine.

Ghabh an Coimisiún buíochas leis na hÚdaráis Mhaoirseachta eile ar fud an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch as acmhainní suntasacha a shannadh do na próisis bhreithniúcháin. Ghabh sé buíochas freisin le Cathaoirleach agus Rúnaíocht EDPB as an maoirseacht a rinne siad ar an Tuairim.

Mar gheall ar an tsoiléire a thugtar sa Tuairim, bhí an Coimisiún in ann scríobh chuig roinnt rialaitheoirí a bhfuil sé mar Phríomhúdarás Maoirseachta acu i mí na Nollag 2024 chun a bhfuil sa Tuairim a chur in iúl dóibh. Díríodh aird sa chumarsáid sin freisin ar cheanglais áirithe RGCS nach gcumhdaítear leis an Tuairim agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar an dóigh chéanna sna measúnuithe is gá chun próiseáil dhleathach sonraí pearsanta a chinntiú i gcomhthéacs intleachta saorga, lena n-áirítear Sonraí Catagóire Speisialta agus próiseáil faoi Airteagal 6(4) RGCS.

Thug an Coimisiún le fios go mbeadh sé sásta bualadh le rialaitheoirí chun plé a dhéanamh ar an Tuairim, ar fhorbairt samhlacha intleachta saorga, agus ar a gcuid measúnuithe cosanta sonraí agus pleananna cur chun feidhme roimh an seoladh go luath sa bhliain 2025. Bheadh an Tuairim ina cuidiú i ndáil le treoir a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis, na measúnuithe agus an doiciméadacht a theastaíonn ó rialaitheoirí sonraí chun comhlíonadh agus cuntasacht a thaispeáint le linn dóibh samhlacha intleachta saorga a fhorbairt agus iad a thabhairt chun an mhargaidh.

## Gnóthaí Idir-Rialála

Mar thoradh ar an bpacáiste reachtach digiteach nua ón Aontas Eorpach (lena n-áirítear an Gníomh um Rialachas Sonraí, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margaí Digiteacha, an Gníomh um Shonraí, agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga), cuireadh raon leathan oibleagáidí agus struchtúr rialála nua chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Tá sonraí pearsanta ina gcuid lárnach den gheilleagar digiteach, agus is minic a fhéachtar ar dhlí cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh mar bhunchloch don rialáil dhigiteach. Chomh maith leis sin, tá an spleáchas leantach ar shonraí pearsanta i ngeilleagar an lae inniu mar fhianaise ar an ngá atá le cearta bunúsacha a chosaint, go háirithe mar gheall ar dhul chun cinn na hintleachta saorga agus ar an úsáid mhéadaithe a bhíonn á baint aisti.

I dteannta na bhforálacha lena dtagraítear go sainráite d'údaráis cosanta sonraí, luaitear gach Gníomh nua atá sa rud ar a dtugtar "leabhar rialacha digiteacha an Aontais Eorpaigh" a bheith gan dochar do RGCS. Ciallaíonn sé sin go dtarlóidh sé, nuair a bheidh na húdaráis inniúla ábhartha faoi na Gníomhartha sin ag tabhairt aghaidh ar nithe a bhaineann le sonraí pearsanta, go mbeidh sé riachtanach obair i gcomhar leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, cibé acu ar leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh nó ar leibhéal na rialálaithe náisiúnta.

Cé nach mbeidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ag gníomhú mar údarás maoirseachta inniúil ar fud na nGníomhartha uile, beidh ról an-suntasach aige go fóill maidir le saineolas agus treoir cosanta sonraí a thabhairt do rialálaithe eile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna. Mar sin, beidh ríthábhacht ag baint le comhar idir-rialála maidir le comhleanúnachas a chinntiú idir réimsí difriúla rialála. Cé gur réimsí ar leith iad, beidh siad ag idirghníomhú le chéile go fóill.

Bhunaigh an Coimisiún feidhm nua sa bhliain 2024 chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, agus an post mar "Cheann Gnóthaí Idir-Rialála" á chruthú aige ar leibhéal an Leas-Choimisinéara. Gníomhóidh an fheidhm nua sin mar phríomhnasc oibríochtúil le gníomhaireachtaí seachtracha agus mar phointe teagmhála tiomnaithe d'údaráis eile i ndáil le cúraimí comhair a chomhordú.
Cuid thábhachtach den fheidhm nua sin is ea caidreamh a dhéanamh le Grúpa Rialálaithe Digiteacha na hÉireann (a chuimsíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, agus Coimisiún na Meán) chun sainaithint a dhéanamh ar na pointí teagmhála idir-rialála sin ar fud shainchúraimí agus fheidhmeanna an Choimisiúin agus ar réimsí inar féidir gur gá sásraí comhair a bhunú.
Beidh caidreamh idir-rialála ar cheann de na réimsí tosaíochta don Choimisiún sa bhliain 2025, ar lena linn a fhéachfaimid le caidrimh nua a bhunú, agus caidrimh atá ann cheana a neartú, le comhrialálaithe in Éirinn agus níos faide i gcéin.



I mí Mheán Fómhair 2024, labhair Des Hogan, Coimisinéir Cosanta Sonraí, ar phainéal maidir le "Tosca eiticiúla i ndáil le forbairt intleachta saorga – Impleachtaí do phríobháideacht agus do chosaint tomhaltóirí" ag an bhFóram um Ghnóthaí Dlí-Eacanamaíocha idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe, Páras.

Ró cúil (ó chlé go deas): Bertrand Du Marais, Coimisinéir agus Conseiller d'Etat CNIL; an Dr Wojciech Wiewiorowski, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí; agus Benoit Loutrel, Uachtarán Ghrúpa Oibre ARCOM um Maoirseacht ar Ardáin ar Líne. Ró tosaigh (ó chlé go deas): An Coimisinéir Des Hogan; Lucia Serena Rossi, Breitheamh de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; agus Robert Ragnar Spano, Uachtarán na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine le déanaí.

# 7

## Cearta Cosanta Sonraí Leanaí





# Cearta Cosanta Sonraí Leanaí

## Beartas Leanaí

**Foireann Uirlisí Cosanta Sonraí do Scoileanna**

Le linn a ghníomhaíochtaí maoirseachta agus caidrimh sa bhliain 2023 (féach Tuarascáil Bhliantúil 2023), shainaithin an Coimisiún roinnt réimsí a raibh an chuma air go raibh scoileanna, mar earnáil, ag streachailt leo ó thaobh comhlíonadh cosanta sonraí de. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún tús le próiseas um chaidreamh le geallsealbhóirí chun na hábhair imní cosanta sonraí a thagann chun cinn i gcomhthéacs scoileanna a phlé. Bhuail an Coimisiún le roinnt comhlachtaí agus eagraíochtaí san earnáil oideachais chun léargas soiléir a ghnóthú ar na réimsí sonracha a measann an earnáil gur cheart aird ar leith a thabhairt orthu ó thaobh treorach de. I measc na gcomhlachtaí agus na n-eagraíochtaí sin bhí an Comhbhord Bainistíochta (JMB), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (ar ar tugadh SFGM roimhe seo, agus ar a dtugtar Oide anois) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB). I measc na dtopaicí imní ar tharraing geallsealbhóirí iad anuas bhí saincheisteanna amhail iarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí faoi Airteagal 15 RGCS a bhainistiú, feidhmiú na gceart atá ag leanaí agus ról na dtuismitheoirí, agus comhroinnt sonraí le comhlachtaí eile.

De bhun an chaidrimh sin, d'fhoilsigh an Coimisiún acmhainn nua "Foireann Uirlisí Cosanta Sonraí do Scoileanna" i **mí na Nollag 2024**. Áirítear leis an *bhFoireann Uirlisí do Scoileanna* **QR 1** sin doiciméad treorach mionsonraithe, teimpléad samplach le haghaidh Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí, seicliosta le haghaidh freagra a thabhairt ar iarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí, leideanna ar na nithe ba cheart a chur ar áireamh i mbeartas príobháideachta, agus rannán "Ceisteanna Coitianta", a bhfuil gach ceann díobh saincheaptha do riachtanais na scoileanna mar rialaitheoirí sonraí. Tá súil ag an gCoimisiún go mbeidh an acmhainn sin ina cabhair bhreise do scoileanna agus don mhóreamáil oideachais agus iad ag iarraidh a n-oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh..

QR 1

## Treoir

Lá na Sábháilteachta Idirlín 2024 –
*"Mo lorg digiteach a bhainistiú"*

Ceann amháin de na cúig sprioc straitéiseacha atá sa *Straitéis Rialála 2022-2027* **QR 2** ón gCoimisiún is ea sonraí pearsanta leanaí a chosaint. Chun Lá na Sábháilteachta Idirlín 2024 a chomóradh agus chun feasacht a mhúscailt air, scríobh an Coimisiún *postáil blag* **QR 3** agus chomhoibrigh sé le WebWise (Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín) chun *grafaic faisnéise* **QR 4** a tháirgeadh ar mhaithe le daoine óga a chur ar an eolas faoi conas a "lorg digiteach" a bhainistiú ar líne. Bhí sé mar aidhm leis an tionscnamh sin a chur in iúl do dhéagóirí go bhfágaimid go léir rianta faisnéise taobh thiar dínn agus sinn ag dul tríd an domhan ar líne agus go gcruthaítear próifíl fhoriomlán ar ár ngníomhaíochtaí ar líne nuair a chuirtear na rianta uile sin le chéile.

Tríd an mblag agus an ghrafaic faisnéise sin, spreagadh daoine óga machnamh a dhéanamh ar an méid faisnéise a bhíonn á chomhroinnt acu ar líne agus breithniú a dhéanamh ar roinnt de na bealaí inar féidir leo a lorg digiteach a laghdú trí chloí leis na cúig phríomhleid ón gCoimisiún.

QR 2 QR 3 QR 4






## Seimineár Gréasáin maidir le Cosaint Sonraí do Chumann Pobail Teiripe Súgartha na hÉireann

Bhuail an Coimisiún le Cumann Pobail Teiripe Súgartha na hÉireann i mí an Mheithimh 2024. Is cumann neamhbhrabúis é do Theiripeoirí Súgartha atá lonnaithe in Éirinn, agus bhí sé ag lorg treorach ar roinnt dúshlán cosanta sonraí a mbíonn a chuid ball ag teacht orthu. I measc na dtopaicí imní ar tharraing geallsealbhóirí iad anuas bhí saincheisteanna amhail iarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí a bhainistiú, feidhmiú na gceart atá ag leanaí agus ról na dtuismitheoirí, coinneáil sonraí, agus comhroinnt sonraí le comhlachtaí eile.

De bhun an chaidrimh sin, sholáthair an Coimisiún seimineár Gréasáin dhá uair an chloig do thart ar 100 duine cláraithe i mí Dheireadh Fómhair, ar lena linn a díríodh go sonrach ar na saincheisteanna sin. Bhí struchtúr téamach ar an seimineár Gréasáin, agus seisiún tiomnaithe Ceisteanna agus Freagraí á chur ar siúl tar éis gach topaice. D'fhág sé sin go raibh rannpháirtithe in ann ceisteanna a chur, eispéiris a chomhroinnt agus freagraí ar a gcuid ceisteanna a fháil i bhfíor-am.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt, chuir an Coimisiún doiciméad cuimsitheach le chéile a bhí bunaithe ar na saincheisteanna a dúisíodh le linn an tseimineáir Gréasáin. Scaipeadh an doiciméad sin ina dhiaidh sin ar na daoine uile a bhí i láthair. B'an-dearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas, agus daoine ag iarraidh go soláthrófaí seisiúin bhreise sa bhliain 2025.



## Imeachtaí seachtracha caidrimh

*Spotsolas ar chosaint leanaí ar líne agus ar dhearbhú aoise*

Chun coinneáil ar an eolas faoi na forbairtí agus na treochtaí is déanaí i réimse na cosanta sonraí leanaí, labhair an Coimisiún ag roinnt mhaith imeachtaí seachtracha le linn na bliana 2024. Áiríodh leo sin pléití painéil ar leanaí agus déagóirí a chumhdach ar líne (an Cruinniú Mullaigh um Fhás Aníos sa Ré Dhigiteach, a d'óstáil Google), ar conas an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir príobháideacht agus sábháilteacht leanaí (a d'óstáil RAID (Rialáil Intleachta Saorga, Idirlín agus Sonraí), agus ar dhearbhú aoise i dtírdhreach idir-rialála, a d'óstáil Dlí-Chumann na hÉireann.

Ghlac an Coimisiún páirt sa Chruinniú Mullaigh um Chaighdeáin Dhomhanda Dearbhaithe Aoise i Manchain freisin, ar chomhdháil cúig lá é a bhí tiomnaithe do shaincheist an dearbhaithe aoise. D'fhreastail breis agus 700 geallsealbhóir ar an imeacht sin, agus é ar an gcéad cheann dá leithéid riamh. Áiríodh leo sin rialálaithe, eagraíochtaí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta, an lucht léinn, an tionscal, soláthraithe seirbhíse dearbhaithe aoise, forbróirí caighdeán, agus saineolaithe teicniúla. Ghlac an Coimisiún páirt i bplé painéil dar teideal "Dearbhú Aoise Inrochtana: Trédhearcacht a Thógáil isteach i Réitigh Dearbhaithe Aoise". Ar leithligh uaidh sin, sholáthair sé ceardlann ar conas a thug an Coimisiún aghaidh ar an treoir uaidh maidir leis na "Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí" agus ar an difear a dhéanann sé sin do dhearbhú aoise.

Thaifead an Coimisiún eagrán don tsraith podchraoltaí "Fighting dark patterns – Regain your free will online" de chuid Fair Patterns freisin, ar lena linn a labhair sé faoin tírdhreach dlíthiúil reatha do chearta cosanta sonraí leanaí san Aontas Eorpach, faoi na contúirtí ar leith a chruthaíonn "patrúin dhorcha" do leanaí, agus faoina thábhachtaí atá trédhearcacht agus oideachas maidir le leanaí a chumhachtú ar líne.

Ina theannta sin, lean an Coimisiún le páirt a ghlacadh i roinnt meithleacha seachtracha atá dírithe ar shaincheisteanna cosanta sonraí leanaí. Ina measc sin bhí Meitheal na hOifige Coimisinéara Faisnéise (ICO) um Dhearbhú Aoise Idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, ag gníomhú dó mar bhall gníomhach de Mheitheal Oideachais Dhigitigh an Tionóil Dhomhanda Príobháideachta, rannchuidigh an Coimisiún le suirbhéanna agus tionscnaimh éagsúla ar sheol an grúpa iad le linn na bliana, amhail litearthacht dhigiteach do thuismitheoirí.

## Caidreamh le comhaltaí reachtúla

Ar fud na bliana 2024, bhí cruinnithe ag an gCoimisiún le roinnt comhlachtaí reachtúla chun plé a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse na saincheisteanna cosanta sonraí leanaí. I measc na gcomhlachtaí sin bhí Oifig Choimisinéir Faisnéise na hAstráile agus Coimisiún na Meán in Éirinn. Chomh maith leis sin, bhí cruinnithe ag an gCoimisiún le Commission nationale de l'informatique et des libertés (CNIL) agus le ICO, a chontrapháirtithe sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe faoi seach, ar fud na bliana 2024 chun tuairimí a mhalartú agus chun plé a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí in obair an dá údarás cosanta sonraí ar chearta cosanta sonraí leanaí. Ag deireadh na bliana 2024, thug an Coimisiún cuairt ar a chomhghleacaithe in CNIL ag a n-oifigí i bPáras chun pleananna a thabhairt chun críche do chomhthionscnamh idir an dá údarás cosanta sonraí sa bhliain 2025 maidir leis an nós atá ag tuismitheoirí faisnéis a bhaineann lena leanaí a chomhroinnt ar líne, amhail grianghraif, físeáin, faisnéis agus bomaití príobháideacha.

## Cóid Iompair

Lean an Coimisiún le dul i mbun caidrimh le Teicneolaíocht Éireann ar fud na bliana 2024 maidir leis an doiciméad uaidh dar teideal "European Youth Online Data Protection Code of Conduct". Ábhar spreagtha taobh thiar den Chód sin ba ea foilsiú an doiciméid ón gCoimisiún dar teideal "Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí", agus tá sé mar aidhm leis díriú ar thopaicí áirithe de RGCS a meastar go mbaineann tábhacht ar leith leo chun caighdeáin cosanta níos airde a bhrú chun cinn le haghaidh sonraí pearsanta leanaí ar líne.

## Obair ar shaincheisteanna leanaí laistigh den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí

*Ráiteas faoi Dhearbhú Aoise*

Lean an Coimisiún le plé le saincheist chasta an dearbhaithe aoise sa timpeallacht dhigiteach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le linn na bliana 2024. I mí an Mhárta 2024, tháinig an Coimisiún chun bheith ina bhall den fhoireann dréachtaithe le haghaidh ráiteas atá á ullmhú ag EDPB maidir le prionsabail ghinearálta um chosaint sonraí agus maidir leis na critéir le haghaidh córais dearbhaithe aoise. Táthar ag súil leis go nglacfar an ráiteas go luath sa bhliain 2025, agus liostófar ann deich bprionsabal le haghaidh próiseáil chomhlíontach sonraí pearsanta le linn aois nó aoisraon duine aonair a chinneadh. Tá bród ar an gCoimisiún as ról a bheith aige maidir le cur chuige comhsheasmhach a bhrú chun cinn i leith dearbhú aoise ar fud na hEorpa, ar cur chuige é lena gcosnaítear folláine leanaí agus lena gcomhlíontar prionsabail um chosaint sonraí an tráth céanna.

*Reoirlínte maidir le saincheisteanna leanaí*

Tá an Coimisiún ag leanúint dá ról mar chomhrapóirtéir i dtreoir maidir le saincheisteanna cosanta sonraí leanaí a ullmhú ar leibhéal EDPB, ag obair dó i gcomhar le foireann comhrapóirtéirí ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón nGréig agus ón Danmhairg. Is é cuspóir na dtreoirlínte sin féachaint le cur chuige comhchuibhithe a bhaint amach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le próiseáil sonraí leanaí, ar réimse ríthábhachtach í.

# 8

## Oifigigh Cosanta Sonraí



# Oifigigh Cosanta Sonraí

Tá ról ríthábhachtach ag Oifigigh Cosanta Sonraí eagraíochta maidir le cur i bhfeidhm rathúil an dlí cosanta sonraí. Faoi Airteagail 37-39 RGCS, imríonn Oifigigh Cosanta Sonraí ról tábhachtach maidir le cúnamh a thabhairt dá n-eagraíochtaí na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu a chomhlíonadh trí chomhairle agus eolas a thabhairt do chomhghleacaithe agus don lucht bainistíochta agus trí fhaireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí le beartais agus le nósanna imeachta. Chun na cúraimí atá orthu a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach, ní mór d'Oifigigh Cosanta Sonraí tacaíocht iomlán a fháil óna bhfostóir agus ní mór dóibh a bheith in ann gníomhú go neamhspleách laistigh den eagraíocht, faoi mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht.

Áirítear le tacaíocht ghníomhach ón lucht bainistíochta acmhainní dóthanacha airgeadais, bonneagar dóthanach agus líon dóthanach ball foirne a sholáthar don Oifigeach Cosanta Sonraí, de réir mar is gá. Ní mór dóthain ama a thabhairt d'Oifigigh Cosanta Sonraí chun a gcuid cúraimí a chur i gcrích freisin, go háirithe i gcás go gceanglaítear orthu dualgais eile a chomhlíonadh de bhreis ar na freagrachtaí cosanta sonraí atá orthu. Tá sé cruthaithe go dtéann foireann dhea-acmhainnithe Oifigigh Cosanta Sonraí chun tairbhe d'eagraíochtaí i ngach earnáil maidir le cultúr feasachta cosanta sonraí a thógáil, rud a spreagann comhlíonadh agus a laghdaíonn an baol go dtitfidh sáruithe sonraí nó teagmhais eile amach.

I gcás gur ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil oibleagáid ar an eagraíocht mar rialaitheoir sonraí tacú leis/léi a c(h)uid cúraimí a chur i gcrích agus gur sárú ar RGCS í aon mhainneachtain déanamh amhlaidh (Airteagal 39.2). Agus iad ag gníomhú mar phríomhphointe teagmhála laistigh dá n-eagraíocht, is ionann Oifigigh Cosanta Sonraí agus geallsealbhóirí tábhachtacha don Choimisiún. Dá réir sin, lean an Coimisiún le tacaíocht a thabhairt d'Oifigigh Cosanta Sonraí agus le cabhrú leo a róil a chur i gcrích ar bhealach níos éifeachtaí sa bhliain 2024.



Ghlac an Coimisiún páirt sa topaic seo a leanas ó Chreat Forfheidhmithe Chomhordaithe 2023: "Ainmniú agus Staid na nOifigeach Cosanta Sonraí". Le linn na hoibre sin, d'fhéach sé leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- cabhrú le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint;
- eolas, saineolas agus tionchar na nOifigeach Cosanta Sonraí a mheasúnú; agus
- léargas níos doimhne a ghiniúint ar an ról ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

D'fhionn an Coimisiún trí shaincheist shubstainteacha:

- Acmhainní an Oifigigh Cosanta Sonraí - Bhraith 33% de na freagraithe nach raibh acmhainní dóthanacha acu chun ról an Oifigigh Cosanta Sonraí a chomhlíonadh.
- Coinbhleachtaí Leasa - I gcás 36% de na freagraithe a bhraith nach raibh acmhainní dóthanacha acu, bhí orthu cúraimí a bhí de bhreis ar a gcúraimí cosanta sonraí a chomhlíonadh, agus roinnt mhaith díobh ag déanamh trácht ar chúraimí nach gcomhlánaíonn ról an Oifigigh Cosanta Sonraí.
- Taithí - Chuir 80% de na hOifigigh Cosanta Sonraí in iúl sna freagraí uathu go bhfuil taithí trí bliana ar a laghad acu ar obair ar na ceanglais cosanta sonraí a chur i bhfeidhm agus a léiriú.


Is féidir tuilleadh mionsonraí faoin tuarascáil sin a fháil ar shuíomh Gréasáin EDPB:

*CHreat Forfheidhmithe Chomhordaithe QR 1*

QR 1

Mar chuid de na ceanglais atá in RGCS, ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún i gcás go ndéanfaidh eagraíocht Oifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú go foirmiúil. Amhail deireadh na bliana 2024, bhí fógra tugtha don Choimisiún faoi **ainmniú 3,932** Oifigeach Cosanta Sonraí, agus iad miondealaithe de réir earnála mar a leanas:

## Fógra a Thabhairt faoi Oifigigh Cosanta Sonraí






Ó chlé go deas – Niamh Hodnett, Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne, agus Jenny Dolan, Leas-Choimisinéir, ag Comhdháil na nOifigeach Cosanta Sonraí, Samhain 2024

## Tacaí d'Oifigigh Cosanta Sonraí

Gné dhearfach de chur chun feidhme RGCS in Éirinn ón mbliain 2018 i leith is ea líonraí earnáilbhunaithe Oifigeach Cosanta Sonraí a fhorbairt, agus tá sé cruthaithe go bhfuil caidreamh leis na grúpaí sin ina acmhainn luachmhar don Choimisiún a mhéid a bhaineann le caidreamh le geallsealbhóirí. Tugann líonraí Oifigeach Cosanta Sonraí deis do chomhghleacaithe faisnéis agus réitigh phraiticiúla a chomhroinnt ar shaincheisteanna a thagann chun cinn i ndáil le comhlíonadh cosanta sonraí. Cuireann siad Oifigigh Cosanta Sonraí i dteagmháil le mórlíonra gairmiúil agus rannchuidíonn siad leis an bpobal cosanta sonraí agus príobháideachta a fhorbairt freisin.

Sa bhliain 2024, lean an Coimisiún le caidreamh a dhéanamh le líonraí seanbhunaithe Oifigeach Cosanta Sonraí, agus bhunaigh sé naisc le líonraí nua agus le líonraí atá i mbéal forbartha in earnálacha difriúla. Áiríodh an méid seo a leanas leis an obair sin:

- Ghlac an Coimisiún páirt i gcomhdháil a d'eagraigh an Líonra Cosanta Sonraí Taighde Sláinte ar shaincheisteanna a thagann chun cinn i ndáil le RGCS a chur i bhfeidhm i leith taighde sláinte agus trialacha cliniciúla.
- Rannchuidigh an Coimisiún le cúrsa oiliúna d'Oifigigh Cosanta Sonraí san earnáil phoiblí don dara bliain as a chéile. Ba é an Foras Riaracháin a d'fhorbair an cúrsa sin i gcomhar leis an Líonra Oifigeach Cosanta Sonraí Státseirbhíse.
- Rinne an Coimisiún caidreamh leis an gCuibhreannas Príobháideachta Idirnáisiúnta um Fheistí Cógaisíochta agus Liachta, agus iad ag plé saincheisteanna a thagann chun cinn i ndáil le cur i bhfeidhm RGCS ag an earnáil Teicneolaíochta Liachta in Éirinn agus thar lear.
- Ghlac an Coimisiún páirt i gcomhdháil bhliantúil Chumann na nOifigeach Cosanta Sonraí.

Sa bhliain 2025, féachfaidh an Coimisiún lena chaidreamh le líonraí Oifigeach Cosanta Sonraí a leathnú, agus tabharfar cuireadh d'aon ghrúpaí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla Oifigeach Cosanta Sonraí nó gairmithe príobháideachta dul i dteagmháil leis.




Chlé go deas: Coimisinéir Dale Sunderland, Ollamh Joyce O'Connor, Leas-Choimisinéir MB Donnelly, Ollamh Martin Curley agus Coimisinéir Dr. Des Hogan

## Comhdháil na nOifigeach Cosanta Sonraí

An 29 Samhain 2024, d'óstáil an Coimisiún comhdháil dar teideal "Tacú le Rath na nOifigeach Cosanta Sonraí" do Líonraí Oifigeach Cosanta Sonraí i Svuít an Chíoságaigh i bPáirc an Chrócaigh. Eagraíodh an chomhdháil ar aon dul leis an tiomantas atá ag an gCoimisiún forbairt Oifigeach Cosanta Sonraí agus Gairmithe Príobháideachta a chothú agus a chur chun cinn, agus braistint pobail agus cumhachtaithe á treisiú ina measc sin a oibríonn san earnáil cosanta sonraí. Ar an lá, tugadh deis líonraithe d'Oifigigh Cosanta Sonraí agus do Ghairmithe Príobháideachta, agus soláthraíodh láithreoireachtaí cuiditheacha léirsteanacha ar raon topaicí difriúla a bhaineann le hOifigigh Cosanta Sonraí agus le Gairmithe Príobháideachta.

Chuimsigh an t-imeacht seacht seisiún faisnéise ar sholáthair saineolaithe tionscail iad, agus iad ag plé príomhréimsí spéise d'Oifigigh Cosanta Sonraí agus do Ghairmithe Príobháideachta. Agus é á sholáthar ag na Coimisinéirí, bhí seisiún oscailte an lae dírithe ar chumhacht an chomhair agus ar chreideamh an Choimisiúin sa tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt d'Oifigigh Cosanta Sonraí. Leag sé sin síos an dóigh a mbeadh cúrsaí an chuid eile den lá, agus é dírithe ar rath Oifigeach Cosanta Sonraí a chur chun cinn. Bhí na seisiúin dírithe freisin ar RGCS agus Nuálaíocht, ar na scileanna a theastaíonn ó Oifigigh Cosanta Sonraí, ar scrúdú a dhéanamh ar chosaint sonraí leanaí i spásanna ar líne, agus ar leideanna a thabhairt maidir le conas caidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún. Bhí an t-imeacht ina lá foghlama agus comhoibrithe rathúil laistigh den phobal Oifigeach Cosanta Sonraí.

B'an-dearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas ar an gcomhdháil, tríd is tríd, agus léiríodh ann spéis ghéar in imeachtaí den chineál céanna a bheith á n-óstáil ag an gCoimisiún d'Oifigigh Cosanta Sonraí agus do Ghairmithe Príobháideachta. Chuir Foireann Líonraí Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin taifeadtaí de na himeachtaí sin ar fáil ar a *shuíomh Gréasáin* **QR 2** mar chuid de na hacmhainní atá á gcur i bhfeidhm d'Oifigigh Cosanta Sonraí sa bhliain 2025. Tá sé beartaithe freisin sraith seimineár Gréasáin faisnéiseach a sheoladh ina bhfreastalófar ar na riachtanais atá ag Oifigigh Cosanta Sonraí agus ag Gairmithe Príobháideachta.

**QR 2**

# 9

## Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta



# Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

## An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí agus Comhlachtaí Maoirseachta Cosanta Sonraí Eorpacha

Is ag gach Ballstát den Aontas Eorpach agus ag gach tír den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch [10] atá údarás náisiúnta maoirseachta cosanta sonraí atá freagrach as dlíthe agus rialacháin um chosaint sonraí a fhorfheidhmiú laistigh dá ndlínse féin. Is é an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) an comhlacht neamhspleách atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear RGCS agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí i bhfeidhm go comhsheasmhach san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Cuimsíonn sé cathaoirleach amháin, beirt leaschathaoirleach, baill de gach údarás náisiúnta cosanta sonraí, agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Tagann sé le chéile ag cruinnithe míosúla iomlánacha agus ag cruinnithe foghrúpaí saineolaithe, agus tá na príomhchúraimí seo a leanas air:

- Tuairimí, treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais a eisiúint chun comhthuiscint a chur chun cinn ar RGCS agus ar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí;
- Comhairle a chur ar an gCoimisiún Eorpach ar aon saincheist a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta san Aontas;
- Rannchuidiú le cur i bhfeidhm comhsheasmhach RGCS, go háirithe i gcásanna cosanta sonraí trasteorann; agus
- Comhar agus malartú éifeachtach faisnéise agus dea-chleachtas a chur chun cinn idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta.

Sa bhliain 2024, d'fhreastail an Coimisiún ar gach ceann de na cruinnithe iomlánacha míosúla de chuid EDPB agus ar chruinnithe de chuid foghrúpaí saineolaithe (breis agus **180** cruinniú san iomlán), agus ghlac sé páirt ghníomhach iontu sin.

10 An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.



I mí an Mhárta 2024, tháinig an Coimisinéir Des Hogan agus an Coimisinéir Dale Sunderland le chéile le Didier Reynders, an Coimisinéir Eorpach um Cheartas, sa Bhruiséil.

## Comhar feabhsaithe le hÚdaráis Mhaoirseachta eile EDPB, 2024

Mar gheall ar an tábhacht a leagtar ar chomhar i nithe trasteorann faoi RGCS, lean an Coimisiún lena chaidreamh leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Cosanta Sonraí eile i ngnáthoibríochtaí laethúla faoin Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail i bhfeidhmiú a róil mar Phríomhúdarás Maoirseachta. Áiríodh leis sin freagra a thabhairt ar ghnáthiarrataí ar fhaisnéis, cumarsáid leantach agus gníomhartha leantacha a dhéanamh i leith gearáin a bhaineann leis an Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail, agus an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar fhiosrúcháin agus cásanna maoirseachta a bhaineann leis an Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail.

Mar gheall ar a thábhachtaí atá a chuid oibre caidrimh idirnáisiúnta, chruthaigh an Coimisiún post mar "Cheann um Ghnóthaí EDPB/Idirnáisiúnta" ar leibhéal an Leas-Choimisinéara i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Mar chuid den chomhar leanúnach agus den chumarsáid leanúnach atá ar bun idir an Coimisiún agus Údaráis Mhaoirseachta eile an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch sa bhliain 2024, fuair an Coimisiún **1,175** iarraidh dheonacha agus fhoirmiúla ó Rialálaithe Eorpacha eile ar chúnamh frithpháirteach.

Sa bhliain 2024, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas isteach chuig próiseas comhair Airteagal 60 RGCS:

- **Dréachtchinntí 7**
- **Cinntí Críochnaitheacha 11**

De na seacht (7) gcinn de Dhréachtchinntí Airteagal 60, **bhain ceithre (4) cinn le fiosrúcháin mhórscála nach bhfuarthas aon agóid ina leith.** Rannchuidigh an comhar feabhsaithe ar ghabh an Coimisiún dó ar gach leibhéal ar fud a fheidhmeanna uile le linn na bliana 2024 leis an toradh sin a bhaint amach, agus díriú á leagan ar a chinntiú gur coinníodh Údaráis Mhaoirseachta EDPB ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin ar dhréachtchinntí agus ar chinntí críochnaitheacha ag gach céim de na himeachtaí.

De bhreis air sin, chuir an Coimisiún **115 fhógra** isteach faoi réitigh chairdiúla a baineadh amach i ngearáin trasteorann trí shásra comhair Airteagal 60 RGCS.

Mar Údarás Maoirseachta lena mBaineann, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar **112 cheann de Dhréachtchinntí/Dréachtchinntí Athbhreithnithe** Airteagal **60** agus ar 31 Chomhairliúchán Neamhfhoirmiúla a sheol údaráis cosanta sonraí is piaraí chuige le linn na bliana.

D'éascaigh an Coimisiún roinnt mhaith cruinnithe caidrimh dhéthaobhaigh le baill d'Údaráis Mhaoirseachta EDPB ar gach leibhéal ar thopaicí éagsúla freisin, lenar áiríodh gearáin, fiosrúcháin, dea-chleachtais agus ábhair imní aonair d'údaráis mhaoirseachta shonracha.

Mar chuid dá chaidreamh le húdaráis mhaoirseachta ar an leibhéal Eorpach, rinne an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- Imeachtaí caidrimh ar leibhéal an Choimisinéara a thionól le hÚdaráis Mhaoirseachta éagsúla EDPB, lenar áiríodh cuairt a thabhairt ar an bhFionlainn i mí Aibreáin agus cuairt a thabhairt ar an bhFrainc i mí an Mheithimh;
- Páirt a ghlacadh i gComhdháil Eorpach na nÚdarás Cosanta Sonraí i Ríge, an Laitvia;
- Páirt a ghlacadh sa Cheardlann Eorpach Láimhseála Cásanna i dTaillinn, an Eastóin;
- Ionadaíocht a dhéanamh don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí ag an nGrúpa Ardleibhéil le haghaidh an Ghnímh um Margaí Digiteacha;
- Ionadaíocht a dhéanamh don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí ag an bhFoghrúpa um oibleagáidí sonraí de chuid an Ghrúpa Ardleibhéil le haghaidh an Ghnímh um Margaí Digiteacha;
- Ionadaíocht a dhéanamh don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí ag Meitheal 6 um Mionaoisigh a Chosaint de chuid an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha;
- Fáilte a chur roimh Údarás Cosanta Sonraí na Seirbia agus é ag tabhairt cuairt staidéir ar an gCoimisiún;
- Fáilte a chur roimh shaineolaí ar iasacht ó Rúnaíocht an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí; agus
- Saineolaí ar iasacht a sheoladh chuig Údarás Cosanta Sonraí na hÍsiltíre agus saineolaí ar iasacht a sheoladh chuig EDPB;

Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún leanúint le páirt a ghlacadh sa chlár saineolaithe ar iasacht sa bhliain 2025. Ina theannta sin, tá oifigeach amháin de chuid an Choimisiúin ar iasacht sa Bhruiséil ó mhí Dheireadh Fómhair i leith faoin gclár Saineolaithe Náisiúnta faoi Oiliúint Ghairmiúil do Shaineolaithe ar Iasacht.

## Ceardlann Eorpach Láimhseála Cásanna i dTaillinn, an Eastóin

Rannpháirtíocht an Choimisiúin sa Cheardlann Eorpach Láimhseála Cásanna i dTaillinn, an Eastóin

An 5 agus an 6 Nollaig 2024, ghlac ceathrar toscairí ó fhoirne láimhseála gearán náisiúnta agus trasteorann an Choimisiúin páirt sa Cheardlann Eorpach Láimhseála Cásanna 2024, a bhí ar siúl i dTaillinn, an Eastóin. Agus baill de EDPB i láthair ag an gceardlann, bhí deis ag údaráis cosanta sonraí láimhseáil cásanna ina n-eagraíochtaí féin a phlé agus eolas praiticiúil agus taithí phraiticiúil ar chásanna a chomhroinnt.

Reáchtáladh ceardlanna ar raon topaicí difriúla le linn an tseisiúin dhá lá, lenar áiríodh an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an ról atá ag údaráis cosanta sonraí, sáruithe sonraí, físfhaireachas, Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí, agus an caidreamh idir rialaitheoirí agus próiseálaithe.

D'óstáil ionadaithe ón gCoimisiún ceardlann dar teideal "Déileáil le cásanna casta: na meáin shóisialta, an sainmhíniú ar 'shonraí pearsanta', catagóirí speisialta sonraí pearsanta". Thug an Coimisiún láithreoireacht ar an dóigh a láimhseálann sé gearán trasteorann, inar cumhdaíodh gach céim den phróiseas, ó fháil tosaigh an ghearáin go réiteach an ghearáin. Tharraing an Coimisiún aird ar leith ar na príomhbhearta agus ar an gcomhordú a dhéantar le húdaráis mhaoirseachta eile a bhfuil baint acu le déileáil le gearáin trasteorann. Rinneadh iniúchadh domhain ar Airteagail 15 (Ceart rochtana) agus 17 (Ceart go ndéanfaí léirscriosadh) RGCS i gcomhar leis na húdaráis cosanta sonraí eile, agus leas á bhaint as cás-staidéir mhionsonraithe ar chásanna casta ar dhéileáil an Coimisiún leo.

A bhuí leis an láithreoireacht ón gCoimisiún, rannchuidíodh le plé tairbheach le húdaráis cosanta sonraí eile ar an topaic agus le malartú eolais agus taithí ar dhéileáil le cásanna casta.



## Comhar le hÚdaráis Mhaoirseachta Idirnáisiúnta, 2024

I dteannta caidreamh a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach, rinne an Coimisiún caidreamh le húdaráis mhaoirseachta idirnáisiúnta. Áiríodh an méid seo a leanas leis sin:

- Caidreamh déthaobhach a dhéanamh le hOifig Choimisinéir Faisnéise na Ríochta Aontaithe, le Coimisinéir Príobháideachta na hAstráile, le hOifig an Choimisinéara Príobháideachta do Bheirmiúda, le Coimisiún Feidearálach Trádála na Stát Aontaithe, agus le hOifig Choimisinéir Príobháideachta Cheanada.
- Páirt a ghlacadh sa Tionól Domhanda Príobháideachta i nGeirsí, an Ríocht Aontaithe.
- Páirt a ghlacadh i bhFóram Údaráis Cosanta Sonraí na Breataine, na hÉireann agus na nOileán (BIIDPA).
- Fáilte a chur roimh shaineolaí ar iasacht ó Oifig an Choimisinéara Príobháideachta do Bheirmiúda.

Tá súil ag an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí caidrimh idirnáisiúnta a leathnú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal Idirnáisiúnta araon sa bhliain 2025.

## Post Ataisé – an Bhruiséil

Thug an Coimisiún faoi thionscadal píolótach chun Ataisé lánaimseartha a shuí sa Bhruiséil ar feadh tréimhse tosaigh 12 mhí ó mhí na Bealtaine 2023 go mí na Bealtaine 2024. Bhuail an tAtaisé go tráthrialta leis na príomh-gheallsealbhóirí de chuid an Choimisiúin atá lonnaithe sa Bhruiséil, lenar áiríodh an Coimisiún Eorpach, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí agus a fhoghrúpaí, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta agus Rialaitheoirí Sonraí a bhfuil ionadaithe atá lonnaithe sa Bhruiséil acu.

Ar fud na bliana 2024, bhí caibidlí ar siúl i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle Eorpach i ndáil leis an Togra le haghaidh Rialachán chun Rialacha Nós Imeachta RGCS a Chomhchuibhiú. D'fhág sé sin gur leis an topaic sin a bhain méid mór den chaidreamh a rinneadh leis an Ataisé. I measc na dtopaicí a raibh spéis ag geallsealbhóirí atá lonnaithe sa Bhruiséil iontu bhí Straitéis Rialála an Choimisiúin agus an iliomad fiosrúchán mórscála a chuir an Coimisiún i gcrích sna blianta 2023 agus 2024. Thug geallsealbhóirí atá lonnaithe sa Bhruiséil aiseolas don Choimisiún á rá go raibh siad buíoch as an gCoimisiún a bheith ar fáil dóibh sa chathair, agus mhol siad go leanfaí ar aghaidh leis an bpost tar éis na céime píolótaí. I dteannta na ngeallsealbhóirí atá lonnaithe sa Bhruiséil, tharla sé, mar gheall ar shuíomh lárnach na Bruiséile, go raibh an Coimisiún in ann caidreamh a dhéanamh le Rialálaithe Eorpacha Cosanta Sonraí eile lasmuigh de chruinnithe nó imeachtaí a bhaineann le cosaint sonraí sa Bhruiséil. D'eagraigh an tAtaisé cruinnithe ardleibhéil idir na Coimisinéirí agus geallsealbhóirí tábhachtacha agus iad ar cuairt ar an mBruiséil freisin, lenar áiríodh iad seo a leanas:



Thug baill foirne ó Údarás Cosanta Sonraí na Seirbia cuairt ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

- an Coimisinéir Eorpach um Cheartas;
- Ceann an Aonaid um Chosaint Sonraí, Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais, an Coimisiún Eorpach;
- Cathaoirleach an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí;
- an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;
- an Eagraíocht Eorpach Tomhaltóirí; agus
- an Líonra Eorpach um Chearta Digiteacha.

Ag teacht sna sála ar an gcéim phíolótach rathúil sin, chinn an Coimisiún leanúint ar aghaidh leis an bpost, agus leanfaidh sé le cur leis an láithreacht atá aige sa Bhruiséil.

## Cuairt Staidéir - An Coimisinéir um Fhaisnéis a bhfuil Tábhacht Phoiblí Léi agus Cosaint Sonraí Pearsanta sa tSeirbia

I mí Mheán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún fáilte roimh thoscaireacht ón gCoimisinéir um Fhaisnéis a bhfuil Tábhacht Phoiblí Léi agus Cosaint Sonraí Pearsanta sa tSeirbia. Bhí an chuairt sin mar chuid de thionscadal ar chistigh an tAontas Eorpach é chun tacú le hAireacht Ceartais na Seirbia agus í ag ullmhú dá haontachas leis an Aontas, rud a bhí faoi bhainistiú ag Aireacht Forbartha na Gearmáine.

Chuir na Coimisinéirí fáilte roimh an toscaireacht, agus chuir siad baill foirne ó aonaid Dlí, Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Mhaoirseachta an Choimisiúin in aithne di, agus iad ag labhairt faoin obair a dhéanann an Coimisiún.



Tháinig an Coimisinéir Des Hogan agus an Coimisinéir Dale Sunderland le chéile le Anu Talus, Cathaoirleach an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, agus iad sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2024.

## Cuairt Staidéir: Mic Léinn "Meán Nua", Cóbanhávan, an Danmhairg

D'óstáil an Coimisiún mic léinn "Meán Nua" ó Chóbanhávan, an Danmhairg, dhá uair sa bhliain 2024. D'óstáil sé iad ar dtús i mí Aibreáin agus ansin i mí Dheireadh Fómhair. Chomhroinn an Coimisiún léargais leis na mic léinn ar an sainchúram atá air mar chomhlacht rialála faoi RGCS agus ar an obair a dhéanann an Coimisiún chun an sainchúram sin a chomhlíonadh. Pléadh freisin an tábhacht a bhaineann le RGCS agus cosaint sonraí i gcomhthéacs na Meán Sóisialta, rud a bhí an-ábhartha dá gcuid staidéir.

## Deimhniú

Réimse atá ag fás d'údaráis mhaoirseachta ar fud an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2024 is ea an deimhniú.

In Éirinn, is é an Coimisiún an t-údarás maoirseachta ábhartha atá freagrach as critéir cosanta sonraí nó sásraí cosanta sonraí i scéimeanna deimhniúcháin a cheadú. Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an t-údarás atá freagrach as Comhlachtaí Deimhniúcháin (CBanna) a bhfuil sé beartaithe acu scéimeanna den sórt sin a oibriú a chreidiúnú.

D'oibrigh an Coimisiún go dlúth lena chomhghleacaithe AE ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí le linn na bliana 2024 chun roinnt scéimeanna deimhniúcháin náisiúnta agus AE a mheasúnú, chun nósanna imeachta inmheánacha a fheabhsú agus chun tuilleadh treoirlínte a fhorbairt do gheallsealbhóirí.

Is ann do dhá Scéim Deimhniúcháin cheadaithe Eorpacha faoi láthair. Is féidir clár Scéimeanna ceadaithe a fháil ar shuíomh Gréasáin EDPB: www.edpb.europa.eu. Cé nár lorg aon chomhlacht deimhniúcháin in Éirinn creidiúnú go fóill chun deimhnithe a thairiscint faoi aon cheann de na scéimeanna deimhniúcháin AE sin go dtí seo, bunaíodh




An Coimisinéir Des Hogan, agus é ag labhairt ag comhdháil an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí

comhlachtaí deimhniúcháin i mballstáit eile, agus tugtar spreagadh do rialaitheoirí agus próiseálaithe smaoineamh faoi dheimhniú a iarraidh ar na comhlachtaí deimhniúcháin sin faoi na Scéimeanna lena mbaineann.

Leanadh freisin le comhaontú idirghníomhaireachta idir an Coimisiún agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú a thabhairt chun críche ar chreidiúnú scéimeanna deimhniúcháin faoi Airteagail 42 agus 43 RGCS, agus sheolamar roinnt cruinnithe táirgiúla chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair sin. Ag teacht sna sála ar cheardlanna a reáchtáladh sa Spáinn agus i Lucsamburg sa bhliain 2023, tharla sé, in éineacht lena chomhghleacaithe AE, gur chuir an Coimisiún cainéil chumarsáide ar bun go foirmiúil le Europe Accreditation (EA) sa bhliain 2024 ar mhaithe le tuiscint a ghnóthú ar na róil atá againn faoi seach faoi Dheimhniú RGCS agus ar mhaithe le comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a chinntiú sa phróiseas iarratais ar fud an Aontais Eorpaigh. Táthar ag coinne leis go dtiocfaidh as na himeachtaí caidrimh a sheolfar le EA amach anseo cur chuige caighdeánaithe i leith measúnuithe deimhniúcháin ar fud na hEorpa. Is cur chuige é sin a bheifear in ann a léiriú i gcomhaontuithe ar an leibhéal náisiúnta, amhail comhaontuithe idir an Coimisiún agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

Tá dhá Scéim Deimhniúcháin AE á n-athbhreithniú ag an gCoimisiún faoi láthair. Táthar ag coinne leis go mbeidh an Coimisiún in ann Scéim a chur faoi bhráid EDPB lena hathbhreithniú aige sa bhliain 2025.

## Creat Forfheidhmithe Chomhordaithe EDPB, 2024

Ghlac an Coimisiún páirt sa topaic seo a leanas ó Chreat Forfheidhmithe Chomhordaithe 2024: "Cur Chun Feidhme an Chirt Rochtana". Chinn baill de EDPB, an Coimisiún ina measc, tús áite a thabhairt don topaic sin toisc go bhfuil sí i gcroílár na cosanta sonraí agus ar cheann amháin de na cearta cosanta sonraí is minice a fheidhmítear. Sheol 30 údarás maoirseachta ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch gníomhartha comhordaithe maidir lena mhéid a chomhlíonann rialaitheoirí sonraí áirithe an ceart rochtana faoi RGCS. Ghlac an Coimisiún páirt sa ghníomh sin mar chleachtadh aimsithe fíoras i gcomhar, den chuid is mó, le rialaitheoirí sonraí atá bunaithe in Éirinn. Bhí an gníomh sin ag teacht le Straitéis Rialála an Choimisiúin 2022-27 chun comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh le húdaráis cosanta sonraí is piaraí ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le 30 rialaitheoir sonraí d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú gur féidir le hábhair sonraí an ceart rochtana a fheidhmiú go héifeachtach, agus measúnú a dhéanamh ar conas a chomhlíonann rialaitheoirí an ceart rochtana sa chleachtas; agus
- Feasacht a mhúscailt ar na ceanglais is infheidhme maidir leis an gceart rochtana. Ghlac EDPB treoir fhairsing ar an topaic sin trí Threoirlínte 01/2022 uaidh.

Tar éis na ceistneoirí comhlánaithe a thiomsú, tháirg an Coimisiún tuarascáil náisiúnta chomhiomlánaithe a cuireadh san áireamh sa mhórthuarascáil ó EDPB. Tá an tuarascáil chomhlánaithe ó EDPB, lena n-áirítear an tuarascáil náisiúnta ón gCoimisiún, ar fáil *anseo*. **QR 1**

Shainaithin an Coimisiún trí shaincheist shubstainteacha le linn an chleachtaidh sin:

1. Léirítear go soiléir sna freagraí go raibh iarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí freagrach as formhór na n-iarrataí cosanta sonraí a fuair siad sa bhliain 2023, agus iad freagrach, i bhformhór na gcásanna, as 90% ar a laghad de na hiarrataí uile.
2. Soláthraíodh roinnt sárshamplaí de conas iarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí a bhainistiú, go háirithe le linn plé le custaiméirí a dteastaíonn cúnamh uathu mar gheall ar dheacracht nó mar gheall ar iad a bheith soghonta. I gcás rialaitheoirí áirithe, mar shampla, déileálann siad le hiarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí ar bhonn cás ar chás, déanann siad caidreamh le foirne tacaíochta custaiméirí soghonta nuair is gá, agus iarrann siad cúnamh ar ghníomhaireachtaí tacaíochta seachtracha cuí.
3. Fuarthas amach sa tuarascáil gur ann, tríd is tríd, d'ardleibhéal feasachta agus tuisceana ar Threoirlínte 01/2022 ó EDPB maidir leis an gceart rochtana. Ní raibh sé sin le feiceáil i ngach cás, áfach, agus bhí a leibhéal feasachta agus tuisceana le feabhsú ag roinnt freagraithe. Ba iad freagraithe a chuir in iúl go raibh aonaid chuí cosanta sonraí agus rialachais agus foirne cuí cosanta sonraí agus rialachais i bhfeidhm acu ar fud na heagraíochta ar fad a léirigh an tuiscint is fearr ar Threoirlínte 01/2022

Ag gníomhú dó i gcáil chomhairleach, déanfaidh an Coimisiún caidreamh le roinnt freagraithe a bhí páirteach sa ghníomh bunaithe ar na freagraí a thug siad. Níl sé beartaithe ag an gCoimisiún aon imscrúduithe foirmiúla a dhéanamh ina leith.

**QR 1**

Príomhúdarás maoirseachta athbhreithniúcháin **16** iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha ó **11** chuideachta dhifriúla.

## Aistrithe Idirnáisiúnta – Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha

Is minic a imríonn an Coimisiún príomhról ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le hiarratais ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha ó chuideachtaí ilnáisiúnta a mheasúnú agus a cheadú. Is ionann Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha agus tacar beartas ceangailteach cosanta sonraí lena mbuntacaítear le haistrithe nuair a aistríonn baill ghrúpa atá bunaithe san Aontas Eorpach sonraí chuig baill ghrúpa atá suite lasmuigh den Aontas.

Beidh méid mór doiciméadachta i gceist leis an ngnáthiarratas, agus cuimseoidh sé na beartais uile is gá chun na gealltanais atá á dtabhairt a léiriú. Cuimseoidh sé freisin an sásra ceangailteach conarthach agus aon doiciméid eile a mheasfaidh an grúpa a bheith riachtanach chun an t-iarratas uaidh a fhorlíonadh. Is gnách go dtógfaidh sé tamall maith chun an t-iarratas a athbhreithniú, agus is é a bheidh i gceist leis an obair sin tuairimí a iarraidh ar dhá údarás maoirseachta eile le linn na céime comh-athbhreithnithe agus tuairimí a iarraidh ar na húdaráis mhaoirseachta uile le linn na céime comhair agus na freagraí sin a chomhordú agus a thiomsú agus iad a phlé ansin leis an iarratasóir chun teacht ar dhréacht a mbeidh na húdaráis mhaoirseachta uile sásta leis. A luaithe a bhainfear an chéim sin amach, iarrfar Tuairim ar EDPB faoi Airteagal 64(2), agus féadfaidh an Coimisiún an t-iarratas a cheadú go foirmiúil a luaithe a gheofar é.



Ceardlann maidir le Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha i Vilnias, an Liotuáin, i mí Aibreáin 2024

## Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha, 2024

Ba é an Coimisiún an treoraí i ndáil le **16** iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha ó 11 chuideachta dhifriúla. Cuireadh faoi bhráid EDPB **dhá** cheann de na hiarratais sin inar iarradh Tuairim Airteagal 64, agus cheadaigh an Coimisiún iad ina dhiaidh sin sa bhliain 2024. Ba iad sin: iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha Próiseálaí do Accenture Global Holdings Limited (AGHL); agus iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha Rialaitheora agus Próiseálaí do Aptiv Global Operations Limited.

Chomh maith leis sin, thug an Coimisiún cúnamh d'údaráis Eorpacha eile Cosanta Sonraí trí ghníomhú mar chomh-athbhreithnitheoir d'údarás maoirseachta eile ar **naoi** n-iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha.

## Nuashonruithe Bliantúla

A luaithe a cheadaítear na hiarratais ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha, leanann an Coimisiún de ról suntasach leanúnach formhaoirseachta a bheith aige. Ceanglaítear ar gach sealbhóir Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha leagan nuashonraithe dá Rialacha Ceangailteachta Corparáideacha a chur isteach gach bliain, rud ar gá athbhreithniú a dhéanamh air. Sa bhliain 2024, bhí an Coimisiún ar an bpríomhúdarás maoirseachta ar **29** gcinn de Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha do **19** sealbhóir dhifriúla Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha.

## Moltaí nua a chur chun feidhme do Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha Rialaitheora

Nuashonraigh EDPB Doiciméad Tagrach WP256 d'Iarratais ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha Rialaitheora. Tugtar air anois "*Moltaí 1/2022 maidir leis an Iarratas ar Cheadú agus leis na gnéithe agus na prionsabail atá le fáil i Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha Rialaitheora (Airt. 47 RGCS)*". Ceanglaíodh ar gach Sealbhóir Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha a raibh Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha Rialaitheora ceadaithe in úsáid acu na hathruithe gaolmhara a dhéanamh mar chuid dá Nuashonrú Bliantúil don bhliain 2024. Sa bhliain 2024, chuaigh sé sin i bhfeidhm ar 17 gcinn de chomhaid Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha a bhí ceadaithe cheana féin. D'eisigh an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe agus ábhar mionsonraithe chun cabhrú leis na sealbhóirí Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha sin a gcuid rialacha a chur i gcomhréir leis na ceanglais. Ba mhó i bhfad an méid oibre a bhí le cur isteach ná an méid atá i gceist leis an ngnáth-athbhreithniú ar nuashonrú bliantúil. Chuir an Coimisiún leis an athbhreithniú uaidh ar gach ceann de na comhaid sin, agus an t-athbhreithniú críochnaithe aige i gcás 11 cheann díobh. Tá liosta de na comhaid cheadaithe Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha sin foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

## Ceardlann maidir le Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha, 2024

I mí Aibreáin 2024, tháinig thart ar 50 ionadaí ó Údaráis Cosanta Sonraí ó gach cuid den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch le chéile i Vilnias, an Liotuáin, don Cheardlann dhébhliantúil maidir le Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha. Is é cuspóir na ceardlainne ná comhghleacaithe nua atá ag tosú ar dhéileáil le hiarratais ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha a chur faoi oiliúint ag comhghleacaithe seanchleachta, áit a gcomhroinneann siad a gcuid eolais leo. Is gné ríthábhachtach tobsmaointeoireachta agus comhroinnte taithí í, áit a ndéanann na húdaráis mhaoirseachta iarracht cás-staidéir a réiteach agus aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna is mó a dúisíodh le linn measúnú a dhéanamh ar iarratais ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha. Ní hé amháin go n-éascaíonn sé sin comhsheasmhacht ó thaobh cur chuige de, ach cuireann sé leis an eolas atá ag na húdaráis mhaoirseachta uile freisin. Le linn na ceardlainne, thug an Coimisiún láithreoireacht dar teideal "Nós imeachta um Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha: ó A go Z", agus bhí glacadh an-mhaith aici.

## Díriú ar iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha

**Aptiv Global Operations Limited**
Is ionann Aptiv Global Operations Limited (Aptiv) agus cuideachta dhomhanda teicneolaíochta a dhearann, a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn réitigh bogearraí agus crua-earraí. Oibríonn sé i dtuairim is 50 tír éagsúil ar fud an domhain. Ós rud é go ndéileálann a chuid oibríochtaí i dtríú tíortha leis na sonraí fórsa saothair, custaiméirí agus díoltóirí dá chuid, is gá do Aptiv a chinntiú go gcomhlíonann na hoibríochtaí sin coinníollacha Chaibidil V RGCS sula ndéantar aon aistrithe. Chinn an grúpa go bhfuil Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha ar an mbealach is fearr inar féidir coimircí leordhóthanacha a sholáthar nuair is gá dó sonraí a aistriú laistigh den ghrúpa i gcásanna ina bhfuil sé ag gníomhú mar Rialaitheoir agus mar Phróiseálaí araon.

Toisc gur bunaithe in Éirinn atá clár comhlíonta cosanta sonraí Aptiv don Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, d'iarr sé ar an gCoimisiún gníomhú mar Threoraí Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha chun ceadú a iarraidh dá Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha. Rinne an Coimisiún measúnú ar an ábhar iarratais a soláthraíodh chun a chinntiú gur comhlíonadh na critéir ba ghá a chomhlíonadh chun go bhféadfadh sé gníomhú mar Threoraí Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha faoi WP263. A luaithe a bhí sé sásta leis an bhfaisnéis a soláthraíodh le linn an phróisis iarratais tosaigh, chuir an Coimisiún in iúl do na húdaráis mhaoirseachta uile go raibh sé sásta gníomhú mar threoraí Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha, agus thug sé deis dóibh agóid a dhéanamh ina choinne sin. Ós rud é nach bhfuarthas aon agóid, chuir an Coimisiún in iúl do Aptiv go bhféadfadh sé gníomhú mar threoraí Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha aige, agus d'iarr sé an tsraith iomlán doiciméadachta.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an doiciméadacht sin, agus chomhroinn sé barúlacha leis an iarratasóir arís agus arís eile go dtí gur dheimhin leis an gCoimisiún gur comhlíonadh leis na Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha na ceanglais atá leagtha amach i ngnéithe agus prionsabail mholtaí 01/2022. I measc na saincheisteanna a thagann chun cinn go hiondúil le linn measúnú a dhéanamh ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha tá mainneachtain an iarratasóra a thaispeáint cén áit a bhfuil na gealltanais á dtabhairt aige. Mar chuid den mheasúnú ar gach comhad Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha, cuireann an Coimisiún in iúl cé na codanna den téacs is gá á leasú. Is minic a dhréachtaíonn sé moltaí agus a dhíríonn sé aird ar cén chuid de na moltaí is gá a léiriú ar bhealach níos iomláine.

D'eisigh EDPB Tuairim 23/2024, ar thuairim dhearfach í, maidir leis an gcomhad Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha seo i mí na Samhna 2024, agus dheimhnigh an Coimisiún ceadú an chomhaid trí Chinneadh Náisiúnta a eisiúint chuig an iarratasóir i mí na Samhna 2024.

# 10

## Cumarsáid, Rialachas Corparáideach agus Acmhainní Daonna



## Earcaíocht

Sa bhliain 2024, d'éirigh leis an gCoimisiún 70 ball foirne nua a ionduchtú trí phróiseas straitéiseach earcaíochta a raibh comórtais oscailte, comórtais theoranta agus tionscnaimh soghluaisteachta seachtraí i gceist leis. Áiríodh na poist seo a leanas leis na comórtais/na próisis ar cuireadh tús leo nó a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024:

- Oifigeach Feidhmiúcháin don Choimisiún;
- Príomhoifigeach Cúnta don Choimisiún (Comórtas Teoranta);
- Anailísí Dlí ag grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin;
- Rúnaí Príobháideach do na Coimisinéirí;
- Ataisé an Choimisiúin sa Bhruiséil (Príomhoifigeach Cúnta);
- Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí; agus
- Comórtas Teoranta an Choimisiúin ag grád an Oifigigh Feidhmiúcháin.

| | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Fostaithe Nua | 70 | 44 | 45 |
| Fágálaithe | 27 | 24 | 45 |
| Arduithe Céime Inmheánacha | 21 | 15 | 33 |

| Faisnéis faoi Líon Foirne iomlán an Choimisiúin | |
|---|---|
| Dáta | Líon |
| 1 Eanáir 2023 | 196 |
| 1 Eanáir 2024 | 213 |
| 1 Eanáir 2025 | 251 |

Cruthaíodh dhá réimse feidhme nua laistigh den eagraíocht mar fhreagairt do shainchúram méadaithe an Choimisiúin – agus Leas-Choimisinéirí ceaptha chun dul i gceannas ar an réimse um Ghnóthaí EDPB/Idirnáisiúnta agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus ar an réimse um Ghnóthaí Idir-Rialála.

### Rannpháirtíocht Fostaithe

Sa bhliain 2024, ag tógáil dó ar an Straitéis Rialála 2022-27 ón gCoimisiún, chuir Fóram Rannpháirtíochta Fostaithe an Choimisiúin tús le hobair ar ráiteas luachanna ón gCoimisiún a fhorbairt, rud ina gcuirfear in iúl na bunchreidimh agus na bunphrionsabail a threoraíonn an eagraíocht. Tá sé mar aidhm leis an ráiteas sin ionchais shoiléire a bhunú maidir le hiompraíocht agus cinnteoireacht fostaithe, agus braistint chómhuintearais agus chuspóra á cothú i measc na foirne ag an am céanna. Trí fheabhas a chur ar an tuiscint atá ag fostaithe ar an dóigh a rannchuidíonn a róil le mórmhisean an Choimisiúin, féachann an fóram le rannpháirtíocht a neartú.

### Caidreamh Tionsclaíoch agus Caidreamh le Fostaithe

Leanadh leis an gcaidreamh leanúnach le ceardchumainn/cumainn ionadaíocha tríd an gComhairle Rannach, agus trí chruinniú tionólta sa bhliain. Tugadh tacaíocht maidir le Caidreamh le Fostaithe do bhainisteoirí líne agus don fhoireann i dtaca le saincheisteanna éagsúla.

### An Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Bunaíodh an Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i mí an Mheithimh 2024. Tá sé tiomanta do thimpeallacht ag an obair a chruthú ina dtugtar meas ar na dearcthaí agus na heispéiris ar leith atá ag gach duine laistigh den Choimisiún agus ina mbaintear leas as na dearcthaí agus na heispéiris sin.

Beidh an Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina chuid thábhachtach de Straitéis Daoine fhoriomlán an Choimisiúin agus rannchuideoidh sé leis an gcur chun feidhme a dhéanfaidh an Coimisiún ar an gcolún de Straitéis Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2030 a bhaineann le "Fórsa Saothair na Todhchaí". Cuireadh oiliúint shaincheaptha ar gach comhalta den Choiste, i gcomhpháirt le hIonad Éagsúlachta na hÉireann. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2024 agus tabharfaidh sé raon tionscnamh chun cinn sa bhliain 2025 i gcomhréir lena Théarmaí Tagartha.

## Cumarsáid

Ar fud na bliana 2024, chuir an Coimisiún feasacht ar chosaint sonraí chun cinn trí fhor-rochtain éifeachtach, trí chaidreamh le geallsealbhóirí agus trí chumarsáid thrédhearcach. Tá an Coimisiún tiomanta do chur le feasacht an phobail ar na cearta cosanta sonraí atá acu agus ar an dóigh ar féidir leo úsáid a sonraí pearsanta a rialú.


Déanann an Coimisiún caidreamh gníomhach leis na meáin, le daoine den phobal agus le geallsealbhóirí eile ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear preaseisiúintí, agallaimh leis na meáin, feachtais meán sóisialta, podchraoltaí agus suíomh Gréasáin an Choimisiúin, chun a chinntiú go gcoinnítear iad ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí agus cinntí an Choimisiúin. D'fhoilsigh an Coimisiún **26 phreaseisiúint** san iomlán sa bhliain 2024, rud ba chúis le clúdach suntasach sna meáin idirnáisiúnta agus náisiúnta. Rannchuidigh na Coimisinéirí agus baill foirne le breis agus **80 imeacht cainte** sa bhliain 2024.

Lean ardáin meán sóisialta an Choimisiúin de ról tábhachtach a imirt i gcumarsáid an Choimisiúin sa bhliain 2024. Ba é a bhí san fhás a tháinig ar láithreacht meán sóisialta an Choimisiúin ar X (Twitter roimhe seo) agus ar LinkedIn ná cuid dhílis de thacú lena ghníomhaíochtaí múscailte feasachta agus lena ghníomhaíochtaí cumarsáide. Tháinig méadú de níos mó ná 3,700 leantóir sa bhliain 2024 ar an líon comhcheangailte leantóirí ar an dá ardán, agus é cothrom le breis agus 51,800 leantóir anois. B'ionann é sin agus **méadú 7.7%** i gcomparáid le figiúirí na bliana seo caite. Bhí teagmháil fhíorláidir ab ionann agus 57,000 idirghníomhaíocht, beagnach, ann. Ba é **5.65%** an meánráta teagmhála in aghaidh na taispeána.

De bhreis air sin sa bhliain 2024, agus ag teacht sna sála ar thionscadal a raibh mar aidhm leis inrochtaineacht an tsuímh Gréasáin a mhéadú d'úsáideoirí a chur i gcrích, rinneadh tagairt onórach don Choimisiún san achoimre fheidhmeach ar an Tuarascáil ar Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hInrochtaineacht Gréasáin don bhliain 2024 ón Údarás Náisiúnta Míchumais. **Tháinig méadú ar an scór in**rochtain**eachta do** *www.dataprotection.ie* **ó 35.5% go 94.0% sa bhliain 2024.**


**26** phrea-seisiúint

**80** Imeacht cainte



Méadú **7.7%** ar ár láithreacht meán sóisialta

Meánráta teagmhála **5.65%**



Tháinig méadú ar an scór inrochtaineachta do www.dataprotection.ie ó **35.5%** go **94.0%**

### Treoir Nua a tháirg an Coimisiún sa bhliain 2024

Do Lorg Digiteach a Bhainistiú (Blag)

AI, Samhlacha Teanga Móra & Cosaint Sonraí (Blag)

Foireann Uirlisí do Scoileanna

**Áitreabh Nua an Choimisiúin**
Fuair an Coimisiún cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe chun spás oifige a léasú ag 6 Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2, sa bhliain 2021.

Leanadh le hobair sa bhliain 2024 chun tógáil agus feistiú cheanncheathrú nua an Choimisiúin a chur i gcrích. Dhámh Oifig na nOibreacha Poiblí conradh le haghaidh fheistiú an fhoirgnimh, agus an conraitheoir ag teacht ar an láithreán ag deireadh mhí an Mhárta 2024. Bhí na hoibreacha sin le cur i gcrích faoi mhí Eanáir 2025, tráth a bhí an foirgneamh le tabhairt ar láimh don Choimisiún le haghaidh chéimeanna deiridh an fheistithe.

Cheap an Coimisiún Bord Tionscadail sa bhliain 2024 chun an t-aistriú a fhormhaoirsiú. Áiríodh leis an mBord na Bainisteoirí Sinsearacha ó na haonaid ghnó seo a leanas: Daoine agus Foghlaim; Fiontair agus Oibríochtaí TFC; Rialachas, Airgeadas agus Riosca; agus Láimhseáil Gearán. Faigheann an Bord Tionscadail tacaíocht ó bhaill den fhoireann Seirbhísí Corparáideacha agus ó bhaill den fhoireann Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide.

## Rialachas Corparáideach

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Choimisiúin**
Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Choimisiúin: Ar aon dul leis an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (2015), agus ag féachaint don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) freisin, bhunaigh an Coimisiún a Choiste Iniúchóireachta agus Riosca féin, mar Choiste den Choimisiún, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

Cuireadh tús le dara téarma an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 1 Eanáir 2023. Mairfidh an téarma trí bliana. Is iad seo na comhaltaí den Choiste:

- Conan McKenna (cathaoirleach);
- Aisling McKeon;
- Tara McDermott;
- Michael Horgan; agus
- Graham Doyle.

Cuireadh ceithre chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar siúl sa bhliain 2024.

**An fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí**
Is é soláthraí seirbhíse seachtrach a sholáthraíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí sa Choimisiún. Soláthraíonn an soláthraí sin tuarascálacha tráthrialta do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Choimisiúin ar iniúchtaí inmheánacha a rinneadh le linn na bliana.

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**
Tháinig an cúigiú Scéim Teanga ón gCoimisiún faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i bhfeidhm an 21 Nollaig 2020 agus beidh sí in éifeacht go dtí go dtabharfar caighdeáin teanga isteach, ag teacht sna sála ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Leanann an Coimisiún de sheirbhísí Gaeilge a sholáthar agus iad a fheabhsú trí bhreisithe seirbhísí, de réir na Scéime atá ann cheana.

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**
Bunaíodh an Coimisiún faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin. Tá bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na baill foirne den Choimisiún a bhfuil poist ainmnithe acu forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

**An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015**
I dteannta an chóid iompair, na rialachán agus na dtreoirlínte a ghabhann leis, is é aidhm an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, a chinntiú go seoltar gníomhaíochtaí brústocaireachta de réir na trédhearcachta a mbíonn an pobal ag súil léi. Is Oifigigh Phoiblí Ainmnithe faoin Acht sin iad na Coimisinéirí Cosanta Sonraí, mar atá luaite ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

Ní mór do na brústocairí aon idirghníomhaíochtaí idir comhlachtaí brústocaireachta agus Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a thuairisciú. Bhunaigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO) clár brústocaireachta ar líne ag *www.Lobbying.ie* chun an ceanglas sin a éascú.

**Caidreamh le comhaltaí an Oireachtais**
De réir Chiorclán 25 de 2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, soláthraíonn an Coimisiún bosca ríomhphoist tiomnaithe chun plé le ceisteanna ó chomhaltaí an Oireachtais agus chun aiseolas a fháil.

**Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014**
Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Féachann an Coimisiún le hoibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh, agus tá bearta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go gcuirtear cearta an duine agus comhionannas san áireamh le linn beartais, nósanna imeachta agus caidreamh le geallsealbhóirí a fhorbairt, agus é ag comhlíonadh a shainordaithe chun an ceart bunúsach chun cosaint sonraí a chosaint.

**Oifigeach In**rochtain**eachta**
Chun tacú le custaiméirí a bhféadfadh go mbeadh cúnamh ag teastáil uathu agus iad ag déileáil leis na seirbhísí a soláthraíonn an Coimisiún iad, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Inrochtaineachta trí na cainéil atá liostaithe ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin agus thíos:

Seoladh poist:
An tOifigeach Inrochtaineachta,
An Coimisiún um Chosaint Sonraí
6 Rae Pheambróg ,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X963,
Éire

Ríomhphost: *DPCAccessibilityOfficer@dataprotection.ie*


**Cairt Custaiméirí**
Is foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin atá an Chairt Custaiméirí agus an Plean Gnímh Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus an beartas maidir le Bainistiú Iompair agus Teagmhálacha Míréasúnta a ghabhann léi don tréimhse 2024-2026.

Is ann do bhosca ríomhphoist ainmnithe le haghaidh tuairimí ar an tseirbhís do chustaiméirí a chur isteach chun gur féidir le custaiméirí caidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún. Cuirtear gach tuairim a fhaightear san áireamh mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar.

**Saoráil Faisnéise**
Fuair an Coimisiún **39 n-**iarraidh **saorála faisnéise** san iomlán sa bhliain 2024.

Géilleadh do thrí cinn, géilleadh go páirteach do cheithre cinn agus measadh 28 gcinn a bheith lasmuigh den raon feidhme. Bhí ceithre cinn ar siúl fós amhail an 31 Nollaig 2024. Tá gníomhaíocht rialála an Choimisiúin díolmhaithe ó iarrataí saorála faisnéise chun rúndacht ghníomhaíochtaí maoirseachta, imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin an Choimisiúin a chaomhnú. Dá ainneoin sin, tá an Coimisiún tiomanta d'fhaisnéis thrédhearcach a sholáthar don phobal maidir le riar a oifige agus leis an úsáid acmhainní poiblí.

39 n-Iarraidh Saorála Faisnéise




**Ceisteanna Parlaiminte**
Fuair an Coimisiún 28 gCeist Parlaiminte sa bhliain 2024 agus thug sé barúlacha mar fhreagra ar 13 cinn de na ceisteanna sin.

**Comhfhreagras ó Ionadaithe Tofa**
Fuair an Coimisiún naoi bpíosa comhfhreagrais ó ionadaithe tofa sa bhliain 2024, a bhain le gach réimse gnó.

Rochtain **ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol**
Ní bhfuair an Coimisiún aon iarrataí sa bhliain 2024 faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol.

## **Aguisín 1:** Tuarascáil ar Nochtaí Cosanta a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2024




# Tuarascáil ar Nochtaí Cosanta a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2024

Tá an beartas a n-oibríonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) é faoi théarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 2014 agus 2022, deartha chun cabhair agus spreagadh a thabhairt do gach oibrí maidir le hábhair imní dhílse faoi éagóiritheoireacht inmheánach fhéideartha san áit oibre a tharraingt anuas chun go mbeifear in ann na hábhair imní sin a imscrúdú trí chloí le prionsabail an cheartais náisiúnta agus chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach atá oiriúnach d'imthosca an cháis.

Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna ionadú le halt 30 den Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil i ndáil leis an mbliain roimhe a ullmhú agus a fhoilsiú i riocht anaithnidithe faoin 1 Márta gach bliain.

**De bhun an cheanglais sin, deimhníonn an Coimisiún an méid seo a leanas maidir leis an mbliain 2024:**
Fuarthas dhá nochtadh cosanta fhéideartha is caoga (52) (mar atá leagtha amach sa tábla thíos) ó dhaoine aonair a bhí lasmuigh den Choimisiún maidir le saincheisteanna a bhain le cosaint sonraí laistigh d'eintitis eile. Cuireadh na saincheisteanna sin in iúl don Choimisiún ina ról mar "dhuine forordaithe" mar a fhoráiltear dó faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta (atá liostaithe in I.R. Uimh. 364/2020). Glacadh le naoi gcinn déag de na nochtaí mar nochtaí cosanta bailí




| Uimhir Thagartha | Cineál | Dáta a Fuarthas an Nochtadh Cosanta | Stádas | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| 01/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 3 Eanáir 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana.. |
| 02/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 12 Eanáir 2024 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí agus tarchuireadh é mar ghearán féideartha. |

| Uimhir Thagartha | Cineál | Dáta a Fuarthas an Nochtadh Cosanta | Stádas | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| 03/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 21 Eanáir 2024 | Dúnta | Ní raibh an aighneacht ina nochtadh cosanta. Níorbh é an Coimisiún um Chosaint Sonraí an t-údarás beartaithe. |
| 04/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 2 Feabhra 2024 | Dúnta | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 05/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 8 Feabhra 2024 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí agus atreoraíodh é chuig an Aonad Faisnéise. |
| 06/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 7 Feabhra 2024 | Cuireadh é le cás a bhí ann cheana. | Cuireadh an tuairisc ar áireamh mar chuid de chás nochta chosanta a bhí ann cheana. |
| 07/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 21 Feabhra 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 08/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 1 Márta 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 09/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 5 Márta 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 10/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 5 Márta 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 11/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 19 Márta 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 12/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 28 Márta 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |

| Uimhir Thagartha | Cineál | Dáta a Fuarthas an Nochtadh Cosanta | Stádas | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| 13/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 10 Aibreán 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 14/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 19 Aibreán 2024 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí agus atreoraíodh é chuig an Aonad Faisnéise. |
| 15/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 30 Aibreán 2024 | Dúnta | D'iarr an duine tuairiscithe go ndúnfaí a c(h)ás. |
| 16/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 9 Bealtaine 2024 | Dúnta | Glacadh leis. Rinne an Coimisiún caidreamh leis an eagraíocht agus bhí sé sásta lena beartais. Cuireadh an cás i gcrích. |
| 17/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 27 Bealtaine 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 18/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 24 Bealtaine 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 19/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 10 Meitheamh 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 20/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 6 Meitheamh 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 21/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 26 Meitheamh 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 22/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 24 Meitheamh 2024 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí agus atreoraíodh é chuig an Aonad Faisnéise. |

| Uimhir Thagartha | Cineál | Dáta a Fuarthas an Nochtadh Cosanta | Stádas | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| 23/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 3 Iúil 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 24/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 4 Iúil 2024 | Dúnta | Glacadh leis. Rinne an Coimisiún caidreamh leis an eagraíocht agus bhí sé sásta lena beartais. Cuireadh an cás i gcrích. |
| 25/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 28 Meitheamh 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 26/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 16 Iúil 2024 | Dúnta | Glacadh leis. Rinne an Coimisiún caidreamh leis an eagraíocht agus bhí sé sásta lena beartais. Cuireadh an cás i gcrích. |
| 27/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 19 Iúil 2024 | Dúnta | Glacadh leis. Rinne an Coimisiún caidreamh leis an eagraíocht agus bhí sé sásta lena beartais. Cuireadh an cás i gcrích. |
| 28/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 23 Iúil 2024 | Dúnta | Glacadh leis. Aistríodh an cás chuig údarás maoirseachta eile. Chuir an Coimisiún an cás i gcrích ar a thaobh féin de. |
| 29/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 27 Iúil 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 30/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 29 Iúil 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 31/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 31 Iúil 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 32/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 1 Lúnasa 2024 | Dúnta | I mbun caidrimh leis an ngearánach tráth dheireadh na bliana. |

| Uimhir Thagartha | Cineál | Dáta a Fuarthas an Nochtadh Cosanta | Stádas | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| 33/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 2 Lúnasa 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 34/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 6 Lúnasa 2024 | Dúnta | Glacadh leis. Rinne an Coimisiún caidreamh leis an eagraíocht agus bhí sé sásta lena beartais. Cuireadh an cás i gcrích. |
| 35/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 9 Lúnasa 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 36/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 13 Lúnasa 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 37/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 21 Lúnasa 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 38/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 22 Lúnasa 2024 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí agus atreoraíodh é chuig an Aonad Faisnéise. |
| 39/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 3 Meán Fómhair 2024 | Dúnta | D'iarr an duine tuairiscithe go ndúnfaí a c(h)ás. |
| 40/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 11 Meán Fómhair 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 41/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 23 Meán Fómhair 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 42/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 9 Deireadh Fómhair 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |

| Uimhir Thagartha | Cineál | Dáta a Fuarthas an Nochtadh Cosanta | Stádas | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| 43/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 14 Deireadh Fómhair 2024 | Oscailte | I mbun caidrimh leis an ngearánach tráth dheireadh na bliana. |
| 44/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 4 Samhain 2024 | Dúnta | Níor glacadh leis mar nochtadh cosanta bailí agus atreoraíodh é chuig an Aonad Faisnéise. |
| 45/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 6 Samhain 2024 | Dúnta | Níor tugadh go leor mionsonraí agus ní dhearna an gearánach aon ghníomh leantach nuair a iarradh air déanamh amhlaidh. |
| 46/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 13 Samhain 2024 | Oscailte | I mbun caidrimh leis an ngearánach tráth dheireadh na bliana. |
| 47/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 21 Samhain 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 48/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 21 Samhain 2024 | Oscailte | I mbun caidrimh leis an ngearánach tráth dheireadh na bliana. |
| 49/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 25 Samhain 2024 | Oscailte | Glacadh leis agus tarchuireadh é le haghaidh imscrúdú féideartha. Ar siúl fós ag deireadh na bliana. |
| 50/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 28 Samhain 2024 | Oscailte | I mbun caidrimh leis an ngearánach tráth dheireadh na bliana. |
| 51/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 11 Nollaig 2024 | Oscailte | I mbun caidrimh leis an ngearánach tráth dheireadh na bliana. |
| 52/2024 | Alt 7 (seachtrach, do "dhuine forordaithe") | 19 Nollaig 2024 | Oscailte | I mbun caidrimh leis an ngearánach tráth dheireadh na bliana. |

# **Aguisín 2:**
Tuarascáil Fuinnimh
2024



# Tuarascáil ar Úsáid Fuinnimh ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh

### Ginearálta

Leanann an Coimisiún um Chosaint Sonraí le faireachán a dhéanamh ar a úsáid fuinnimh agus ar bhealaí inar féidir leis úsáid fuinnimh a laghdú. Leanaimid le páirt a ghlacadh san fhaireachán ar líne atá ar bun ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus táimid páirteach san fheachtas "Úsáid Níos Lú" do Gheimhreadh 2024/25.

Beidh an Coimisiún ag bogadh chuig Ceannoifig nua sa bhliain 2025, rud a chuirfidh feabhas suntasach ar éifeachtúlacht fuinnimh an Choimisiúin de bharr dhúnadh an dá oifig atá ann cheana i mBaile Átha Cliath. Tá Rátáil Fuinnimh Foirgnimh A3 ag an oifig nua.

Le roinnt blianta anuas, rinneamar dul chun cinn suntasach ar spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus spriocanna gás ceaptha teasa an Choimisiúin a bhaint amach ar fud na heagraíochta.

| Láthair Oifige | Laghdú mar chéatadán san úsáid iarbhír ó bhonnlíne na bliana 2019 i leith |
|---|---|
| Cearnóg Mhic Liam – Leictreachas | 22% |
| An Oifig Satailíte –– Leictreachas | 14% |
| Cúil an tSúdaire – Leictreachas | 30% |
| Cúil an tSúdaire – Gás Nádúrtha | 58% |

| | ENERGY PERFORMANCE | | | | GREENHOUSE GAS EMISSIONS | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 energy consumption | | Energy performance indicator | | Fossil $CO_2$ emissions | | | | Total $CO_2$ emissions | | | |
| Public Body | Final GWh | Primary GWh | 2030 target | Change since EE baseline (good / bad) | GHG baseline $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | 2030 target $tCO_2$ | Change since GHG baseline (good / bad) | GHG baseline $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | 2030 target $tCO_2$ | Change since GHG baseline (good / bad) |
| Data Protection Commissioner | 0.2 | 0.3 | -50% | -75% | 8.5 | 8.6 | 4.2 | +1% | 57.8 | 56.0 | 14.9 | -3% |

## Báile Atha Cliath

**21 Cearnóg Mhic Liam**
Bhí ceannoifig an Choimisiúin lonnaithe ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, sa bhliain 2024. Ba é leictreachas an t-aon fhoinse fuinnimh amháin a úsáideadh san oifig. Úsáideadh do théamh, do shoilsiú agus do threalamh é.

Ós rud é gur foirgneamh cosanta é 21 Cearnóg Mhic Liam, tá sé díolmhaithe ón gcóras rátála fuinnimh.

**An oifig satailíte**
Sa bhliain 2024, choimeád an Coimisiún spás oifige breise i mBaile Átha Cliath chun freastal ar an méadú ina líon foirne. Ba ó Oifig na nOibreacha Poiblí a foinsíodh an oifig sin, agus thosaigh an Coimisiún ag áitiú na hoifige i mí Dheireadh Fómhair 2018. Bhí an oifig sin le coimeád go dtí go mbeadh ceannoifig bhuan nua réidh sa bhliain 2025 chun na baill foirne agus na hoibríochtaí de chuid an Choimisiúin atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath a éascú. Tá 828 méadar chearnacha san oifig.

Is é leictreachas an t-aon fhoinse fuinnimh amháin a úsáidtear san fhoirgneamh. Úsáidtear do théamh, do shoilsiú agus do threalamh é.

Is é C2 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh.

## Cúil an tSúdaire

Tá achar 444 mhéadar chearnacha in oifig an Choimisiúin i gCúil an tSúdaire. Tá an oifig lonnaithe ar an urlár uachtarach d'fhoirgneamh dhá stór a tógadh sa bhliain 2006.

Úsáidtear leictreachas san oifig do shoilsiú agus do threalamh agus úsáidtear gás nádúrtha inti do théamh. Is é C1 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh.

**Gníomhartha a rinneadh.**
Glacann an Coimisiún páirt sa chóras ar líne atá ar bun ag SEAI chun a úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009).

Is é seo a leanas an úsáid fuinnimh don oifig sa bhliain 2023 (na figiúirí bailíochtaithe is déanaí atá ar fáil ó SEAI):

| | Foinsí Leic-treacha | Gás Nádúrtha |
|---|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | | |
| Cearnóg Mhic Liam. | 61,653 kWH | |
| An Oifig Satailíte | 76,712 kWH | |
| **Cúil an tSúdaire** | | |
| Cúil an tSúdaire Oifig | 28,400 kWH | 18,589 kWH |

**Forbhreathnú ar an mbeartas/ráiteas comhshaoil don eagraíocht**
Tá an Coimisiún tiomanta d'oibriú ar aon dul le beartais chomhshaoil agus inbhuanaitheachta Rialtas na hÉireann.

**Forbhreathnú ar thionscnaimh inbhuanaitheachta comhshaoil**

- Scoireadh de phlaistigh aon úsáide a cheannach i mí Eanáir 2019.
- Leantar le soilsiú LED a chur in ionad soilsiú fluaraiseach in oifig Chúil an tSúdaire de réir mar a loiceann aonaid nó de réir mar is gá bolgáin a athsholáthar.
- Suiteáladh soilse braiteora i limistéar athchóirithe d'oifig Chúil an tSúdaire.
- Cuireadh soilsiú braiteora i bhfeidhm san oifig satailíte.
- Tugadh pleananna Caomhnaithe Fuinnimh an Rialtais isteach.
- Tugadh soilsiú braiteora isteach sna seomraí folctha in oifig Chúil an tSúdaire.

**An Méid Dramhaíola a Ghintear a Laghdú**

- Tá printéir an Choimisiúin réamhshocraithe chun doiciméid a phriontáil ar an dá thaobh.
- Thug an Coimisiún démhonatóirí isteach do bhaill foirne freisin chun laghdú a dhéanamh ar an ngá le doiciméid a phriontáil chun iad a athbhreithniú in aghaidh doiciméid eile, nó chun iad a chur i gcomparáid le doiciméid eile, le linn cásoibre.
- Soláthraíonn an Coimisiún araidí Dramhaíola Ginearálta agus Athchúrsála ag ionaid éagsúla ar fud na n-oifigí.
- Chláraigh an Coimisiún chun araidí donna Dramhaíola Bia a úsáid.

**Athchúrsáil a Uasmhéadú**
Is é beartas an Choimisiúin an dramhpháipéar ar fad a stialladh go slán. Tá consóil ar fáil ag láithreacha éagsúla ar fud na n-oifigí. Athchúrsáiltear páipéar stiallta.

**Soláthar Inbhuanaithe**
Tá cleachtais agus próisis soláthair an Choimisiúin ag teacht go hiomlán le Soláthar Inbhuanaithe. Ordaítear i gconarthaí lónadóireachta nach mbainfí aon úsáid as plaistigh aon úsáide.

# **Aguisín 3:** Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha



# Aguisín 3: Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha

An Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha: Tá Ráiteas Airgeadais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí don bhliain ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 agus a Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha don tréimhse chéanna á n-ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair agus ceanglófar leis an tuarascáil seo iad tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh i leith na bliana 2024 a chur i gcrích.

# Innéacs


## A

**AE:** 4, 17, 33, 94, 113, 114
**Airteagal:** 12, 23, 28, 30, 35, 36, 38, 40, 44, 45, 46, 47, 48, 49, 50, 51, 52, 53, 54, 55, 56, 57, 58, 59, 61, 64, 71, 77, 86, 87, 90, 91, 92, 93, 96, 103, 109, 115, 116

## C

**Ceart:** 4, 22, 24, 26, 55, 59, 83, 90, 91, 92, 99, 110
**Cearta:** 3, 23, 26, 95, 96, 97, 98, 99, 100, 101, 123

## F

**Fógra:** 11, 21, 25, 26, 28, 32, 33, 37, 40, 41, 43, 44, 45, 46, 47, 49, 52, 55, 79, 84, 92, 104

## I

**Iarraidh:** 6, 7, 21, 22, 23, 24, 25, 26, 27, 29, 54, 55, 56, 57, 58, 66, 67, 78, 80, 93, 97, 98, 109, 114, 115, 118, 123
**Iarraidh léirscriosta:** 25, 54, 55, 58
**Intleachta Saorga:** 2, 12, 26, 99 , 4, 6, 7, 52, 72, 90, 91, 92, 93
**Ionchúiseamh:** 17, 26, 27, 29, 39, 78, 80

## L

**Léirscriosadh:** 23, 24, 25, 26, 29, 51, 54, 55, 58, 110

## M

**Margaíocht Dhíreach Leictreonach:** 26

## N

**Nochtadh:** 6, 7, 20, 25, 26 , 33, 37, 38, 59, 83 , 125, 126, 127, 128, 129, 130

## O

**Oifigeach Cosanta Sonraí:** 2, 6, 20, 26, 32, 103, 104, 105, 106

## P

**Pearsanta:** 4, 6, 7, 12, 17, 20, 21, 22, 23, 24, 25, 26, 27, 29, 30, 33, 37, 38, 39, 40, 41, 42, 43, 44, 45, 46, 47, 48, 49, 50, 51, 52, 54, 55, 56, 57, 58, 59, 60, 61, 65, 68, 70, 71, 72, 75, 77, 78, 80, 81, 82, 83, 85, 86, 87, 88, 89, 91, 92, 93, 94, 97, 100, 101, 108, 110, 112 , 121

**Próiseáil:** 4, 17, 18, 21, 22, 23, 25, 26, 27, 29, 30, 35, 36, 37, 38, 39, 40, 42, 44, 45, 47, 50, 52, 54, 60, 61, 62, 71, 77, 78, 82, 85, 87, 88, 90, 91, 93, 99 , 100 , 101

## R

**Réiteach:** 6, 20, 25, 28, 49, 78, 79, 84, 110, 117
**Rialachas:** 3, 18, 94, 119, 120, 121, 122, 123
**Rochtain:** 20, 21, 22, 23, 24, 29 , 33, 39, 43, 45, 49, 51, 56, 57, 59, 70, 71, 78, 82, 83, 84, 89, 91, 92, 96, 97, 98, 115, 121, 123

## S

**Sárú:** 22, 33, 35, 37, 40, 44, 45, 46, 47, 49, 50, 57, 58, 59, 65, 68, 75, 83, 103
**Sonraí:** 4, 6, 7, 12, 13, 14, 15, 17, 20, 21, 22, 23, 24, 25, 27, 28, 29, 30, 32, 33, 37, 38, 39, 40, 41, 42, 43, 44, 45, 46, 47, 48, 49, 50, 51, 52, 54, 55, 56, 57, 58, 59, 60, 61, 62, 64, 65, 68, 70, 71, 72, 75, 77, 78, 79, 80, 81, 82, 83, 84, 85, 86, 87, 88, 89, 91, 92, 93, 94, 96, 97, 98, 99, 100, 101, 103, 104, 105, 106, 108, 109, 110, 112, 113, 114, 115, 118, 121, 123, 125
**sonraí pearsanta:** 4, 6, 7, 17, 20, 21, 23, 25, 27, 29, 30, 33, 37, 38, 39, 40, 41, 42, 43, 44, 45, 46, 47, 48, 49, 50, 51, 52, 54, 55, 56, 58, 59, 60, 61, 65, 68, 70, 71, 72, 75, 77, 78, 80, 81, 82, 83, 85, 86, 87, 88, 89, 91, 92, 93, 94, 97, 100, 101, 108, 110, 121

## T

**TCI:** 4, 20, 21, 29, 30, 36, 37, 39, 62, 78, 79, 88
**Trasteorann:** 6, 7, 12, 17, 28, 44, 53, 54, 108, 109, 110
**Trédhearcacht:** 4, 55, 59, 83, 90, 91, 92, 99
**Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí:** 17, 18, 22, 29, 33, 78, 79, 82, 108

# Nótaí